

# Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar bhunscoileanna lán Ghaeilge i mBaile Átha Cliath

CLARE WALSH

SAMHAIN 2007

[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

Gaelscoileanna 

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



## Achoimre

Sa saothar seo, déantar mionscrúdú ar na hearráidí is coitianta sa Ghaeilge scríofa ag daltaí sa séú bliain sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i gceantar Bhaile Átha Cliath d'fhonn tomhas a dhéanamh ar chruinneas Gaeilge scríofa na ndaltaí.

Chuirge seo, bailíodh samplaí d'ábhar scríofa (aistí) ó na scoileanna. Sa chéad chaibidil thíos, mínítear na céimeanna a tógadh chun an bailiúchán seo a bhailiú agus léirítear an t-eolas a nochtadh sa phróiseas sin maidir le cúlra teanga na ndaltaí.

Is coincheap teibí casta é cruinneas sa Ghaeilge. Cuimsíonn sé staidéar ar na cineálacha éagsúla Gaeilge atá ar fáil: Gaeilge na Gaeltachta; Gaelscoilis na scoileanna lán-Ghaeilge; torthaí na Gaeilge mar ábhar scoile agus eile. Ba ghá staidéar teangeolaíoch a dhéanamh dá réir chun ciall a bhaint as torthaí na hanailíse a rinneadh ar na samplaí den teanga scríofa a bailíodh ó na scoileanna. Sa tríú caibidil scrúdaítear an litríocht atá bainteach le coincheap seo cruinneas na Gaeilge.

Sna caibidlí IV agus V déantar anailís ar na hearráidí scríofa is coitianta a tharla sa bhailiúchán aistí agus mínítear an próiseas a leanadh ansin chun na hearráidí seo a rangú faoi chatagóirí. Ba ghá na haistí ó scoil amháin a idirdhealú ó aistí na scoileanna eile toisc nach raibh ranganna Ardteistiméireachta inti. Tá torthaí aistí na scoile sin i gcaibidil V.

Is iad na torthaí a scrúdaítear sna caibidlí IV agus V dúshraith an tsaothair seo. Maidir leis an teanga scríofa, léiríonn siad, ní hamháin príomhdheacrachtaí na múinteoirí agus na ndaltaí ó thaobh gramadaí de, ach na pointí gramadaí atá á sealbhú agus á dteagasc go héifeachtach chomh maith. Leanann moltaí áirithe i gcaibidil VI.

# Clár an Ábhair

Buíochas .....	I
<b>Réamhra .....</b>	<b>3</b>
o.1 Aidhmeanna agus cuspoirí .....	3
o.2 An córas Gaelscolaíochta in Éirinn.....	3
o.3 Easpa taighde ag an dara leibhéal.....	3
o.4 Na hIar bhunscoileanna lán Ghaeilge i mBaile Átha Cliath.....	3
<b>Caibidil I : An Mhodheolaíocht.....</b>	<b>5</b>
1.1 Aidhmeanna na caibidle .....	5
1.2 An aiste mar fhianaise theangeolaíoch: bailiú na samplaí .....	5
1.3 Aisfhreagairt .....	5
1.4 An córas lipéadaithe .....	7
1.5 An ceistneoir .....	7
<b>Caibidil 2: Na hAistí agus na Ceistneoirí .....</b>	<b>9</b>
2.1 Aistí agus ceistneoir .....	9
2.2 Na haistí Gaeilge i gcomparáid le haistí sna hábhair eile .....	9
2.3 Torthaí an Cheistneora .....	9
2.4 Rangú de réir inscne .....	9
2.5 Próifíl aoise na ndaltaí .....	10
2.6 Cúlra teanga na ndaltaí .....	10
2.7 Na Coláistí Samhraidh .....	11
<b>Caibidil 3: Gaeilge na Gaeltachta agus na nGaelscoileanna: Spléachadh ar thorthaí taighde .....</b>	<b>13</b>
3.1 Réamhrá .....	13
3.2 An Ghaeilge sa Ghaeltacht .....	13
3.3 Éifeacht an Bhéarla: iasachtaí foclóra .....	14
3.4 Éifeacht an Bhéarla: athruithe comhréire .....	14
3.5 Códmheascadh .....	14
3.6 Impleachtaí .....	15
3.7 Staid Reatha na teanga labhartha.....	15
3.8 An teanga scríofa agus cúrsaí an chaighdeáin .....	15
3.9 Idirtheanga agus nuathearmaíocht .....	16
3.10 Gaeilge agus Gaeltacht .....	16
3.11 Forbairt scoileanna lán Ghaeilge.....	16
3.12 Foinse.....	17
3.13 Béal Feirste: idirtheanga nó dílseacht teanga?.....	17
3.14 Tréithe Ghaeilge Bhéal Feirste .....	17
3.15 ‘Gaelscoilis’ agus ‘Guerla’.....	18
3.16 Tréithe na hidirtheanga labhartha.....	18
3.17 Éifeacht ar an teanga scríofa.....	19
3.18 Idirtheanga labhartha sa bhunscoil.....	19
3.19 Torthaí: cad leis ar féidir a bheith ag súil? .....	20
3.20 An Ghaeilge sa siollabas .....	21
3.21 Caighdeán scríofa sa bhunscoil.....	22
3.22 Scileanna ag an Iar bhunleibhéal: cúrsaí leanúnachais.....	22
3.23 Siollabais Gaeilge ag an Iar bhunleibhéal.....	23

3.24	Siollabas agus spriocanna Gaeilge AT.....	23
3.25	Caighdeán scríbhneoireachta san Iar bhunscoil.....	24
3.26	Dúshlán: Oiliúnt don tumoideachas.....	26
3.27	An ghramadach agus an tumoideachas.....	27
3.28	Moltaí.....	28
3.29	Plean Scoile.....	28
3.30	Polasaí Scoile.....	28
3.31	Aitheantas agus tacaíocht don earnáil.....	28
3.32	Cúrsaí téarmaíochta.....	28
3.33	Cúrsaí taighde.....	29
3.34	Feidhm lasmuigh den scoil.....	29

#### **Caibidil 4: Anailís ar na hearráidí sna haistí ..... 31**

4.1	Catagóirí míchruinnis na n earráidí a chur le chéile.....	31
4.2	Earráidí agus botúin.....	31
4.3	Catagóirí míchruinnis don taighde seo.....	33
4.4	Neamhréireanna.....	34
4.5	Ord minicíochta agus ord olcáis na n earráidí.....	34
4.6	Anailís ar na hearráidí féin.....	36
4.7	An tuiséal ginideach.....	36
4.8	Aidiachtaí agus aidiachtaí sealbhacha.....	39
4.9	Inscne ainmfhocal mícheart.....	42
4.10	Réimíreanna agus comhfhocail.....	43
4.11	Séimhiú agus urú a bhaineann le réamhfhocail.....	44
4.11.a	Réamhlitreacha seachas urú.....	46
4.11.b	Nasc an réamhfhocail leis an alt nó le foirmeacha eile.....	47
4.12	Séimhiú fágtha ar lár nó curtha isteach i ndiaidh míreanna agus aidiachtaí.....	48
4.13	An réamhfhocail mí oiriúnach in úsáid.....	49
4.14	Foclóir.....	51
4.15	Aistriúchán ón mBéarla.....	53
4.16	Fadhbanna le tuisil agus le comhaireamh.....	55
4.17	An chopail agus an briathar <i>bí</i> .....	58
4.18	An briathar saor.....	60
4.19	Úsáid an bhriathair i gcoitinne.....	61
4.20	An t ainm briathartha.....	62
4.21	An clásal coibhneasta.....	63
4.22	Forainmneacha ag leanúint ainmneacha briathartha.....	65
4.23	Tionchar na cainte ar an teanga scríofa.....	65
4.24	Frásaí / focail atá míchruinn nó mí oiriúnach.....	67
4.25	Focail fágtha ar lár.....	68
4.26	An chiall doiléir.....	68
4.27	Dearcadh na múinteoirí.....	70
4.28	Conclúidí.....	71

#### **Caibidil 5: Na haistí ó Scoil a Trí ..... 73**

5.1	Catagóir ar leith.....	73
5.2	An ceistneoir: Rangú de réir inscne.....	73
5.3	Próifíl aoise na ndaltaí.....	73
5.4	Cúlra teanga na ndaltaí.....	74
5.5	Na coláistí samhraidh.....	74
5.6	Na haistí féin.....	75

5.7	Anailís ar na hearráidí féin .....	76
5.8	An tuiseal ginideach .....	77
5.9	Aidiachtaí agus aidiachtaí sealbhacha .....	77
5.10	Inscne ainmfhocal mícheart .....	77
5.11	Séimhiú agus urú a bhaineann le réamhfocail .....	77
5.12	Séimhiú fágtha ar lár nó curtha isteach gan choinne .....	78
5.13	An réamhfhocal mí oiriúnach in úsáid .....	78
5.14	Foclóir .....	78
5.15	Aistriúchán ón mBéarla .....	79
5.16	Fadhbanna le tuisil agus le comhaireamh .....	80
5.17	An chopail agus an briathar bí .....	81
5.18	An briathar saor .....	82
5.19	Úsáid an bhriathair i gcoitinne .....	82
5.20	Tionchar na cainte ar an litriú .....	83
5.21	Focail / frásaí atá míchruinn nó mí oiriúnach .....	84
5.22	Focail fágtha ar lár .....	84
5.23	Conclúidí .....	84

## **Caibidil 6: Conclúidí agus Moltaí ..... 85**

6.1	Múineadh na teanga .....	85
6.2	Traenáil mhúinteoirí agus pleanáil teanga sna scoileanna .....	86
6.3	Dúshlán lasmuigh den chomhthéacs scoile .....	86
6.4	Conclúidí .....	89

Leabharliosta .....

Aguisín I: Litir chuig príomhoidí na nIar bhunscoileanna lánGhaeilge i mBaile Átha Cliath .....

Aguisín II: Ceistneoir chuig príomhoidí na nIar bhunscoileanna lán Ghaeilge i mBaile Átha Cliath.....

Aguisín III: Rangú ar earráidí.....

## Buíochas

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine seo a leanas a chabhraigh liom leis an taighde seo.

M'fheitheoir, Máirín Nic Eoin, a thug cabhair agus comhairle agus an-chuid ama dom agus a spreag mo spéis san ábhar seo. Táim cinnte go ndeachaigh a cuid cabhrach chun tairbhe an tsaothair seo.

Múinteoirí agus daltaí na scoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath a ghlac páirt sa suirbhé seo agus a roinn a gcuid eolais liom.

Helen Ó Murchú, an bhean a stiúir i dtreo na leabhar mé, agus a roinn a cuid ama agus a cuid scileanna luachmhara liom go fial i gcónaí.

Pádraig Ó Duibhir, a labhair liom faoin ábhar agus a roinn acmhainní liom.

Tá buíochas ag dul do Nóra Ní Loingsigh agus do Helmi Saidléar as a gcuid tacaíochta leanúnaí. Tá aitheantas ag dul do T.J Ó Ceallaigh, Fionnuala Ní Chaisil agus Niamh Ní Mhaoláin ó Bhord Stiúrtha Gaelscoileanna a labhair liom agus a roinn acmhainní liom agus d'Fhionnuala Uí Chíosóig a léigh na haguísíní.

Is mór agam an spéis sa saothar a léirigh Muireann Ní Mhóráin, Príomhfheidhmeannach na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, agus táim buíoch den Chomhairle as an taighde a fhoilsíú. Tá aitheantas ar leith ag dul do Phól Ó Cainín, Cúntóir Taighde COGG, as a dianobair agus as an dúthracht a chaith sé leis an saothar.

Gabhaim buíochas faoi leith le hAnne, Peter, Jack, Jamie (fear na ríomhairí) dá ngrá agus dá bhfoirgne le bliain anuas. Agus tá buíochas ar leith ag dul do mo dheartháir John a spreag mé ar an iliomad slite. Ní fhéadfainn é a dhéanamh gan é.



# Réamhrá

## 0.1 Aidhmeanna agus cuspóirí

Is iniúchadh ar chaighdeán na Gaeilge scríofa in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge is bunaidhm don saothar seo. Eascraíonn dhá cheist bhunúsacha as seo: conas a thomhaistear caighdeán cruinnis teanga? Agus cé chomh tábhachtach agus atá máistreacht sa chruinneas seo do dhaltaí agus do mhúinteoirí?

Is deacair caighdeán teanga na ndaltaí iar-bhunscoile a thomhas gan mionscrúdú a dhéanamh ar na hearráidí Gaeilge atá sna samplaí oibre uathu. As anailís ar na hearráidí acu, is féidir na deacrachtaí gramadaí is forleithne a aithint agus moltaí a dhéanamh dá bharr, rud a d'fhéadfadh cabhrú le múinteoirí Gaeilge agus iad ag tabhairt faoi mhúineadh na gramadaí sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

Léiríonn an mionscrúdú a rinneadh ar obair scríofa daltaí, (i) an t-ardchaighdeán teanga atá bainte amach ag an-chuid daltaí ag leibhéal na séú bliana agus (ii) tuiscint fhormhór múinteoirí ar an tábhacht atá le caighdeán ard scríofa. Fiú ag leibhéal na séú bliana, áfach, tá béim i bhfad níos láidre ar an teanga labhartha ná ar an teanga scríofa, (feiniméan a mhíneofar i gCaibidil III).

## 0.2 An córas Gaelscolaíochta in Éirinn

Aithnítear an córas Gaelscolaíochta mar chuid thábhachtach den chóras oideachais ó thuaidh agus ó dheas le tríocha bliain anuas. Tá líon na ndaltaí sna scoileanna seo ardaithé ó 16,493 i 1995 go 33,302 i 2006, dar le staitisticí *Gaelscoileanna* na bliana reatha. Osclaíodh ceithre bhunscoil agus ceithre iar-bhunscoil nua sa scoilbhliain 2007-8.

## 0.3 Easpa taighde ag an dara leibhéal

In ainneoin go bhfuil an ghluaiseacht tumoideachais seo i mbarr a réime faoi láthair, tá seasamh níos láidre ag an earnáil bunscolaíochta laistigh den chóras iomlán. As an 33,302 dalta sa dá chontae is tríocha a fhaigheann a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge faoi láthair, níl ach 6778 dalta i 43 scoil ag an dara leibhéal. Ina theannta sin, cé go bhfuil raidhse thaighde ar fáil faoin mbunleibhéal, níl mórán scríofa ar aon chor faoin iar-bhunleibhéal lán-Ghaeilge go fóill.

Toisc chúlra agus aidhm an tumoideachais lán-Ghaeilge, cuirtear béim ollmhór ar chúrsaí labhartha sna scoileanna lán-Ghaeilge, béim a thugann deis do na daltaí líofacht sa Ghaeilge a bhaint amach. In ainneoin an tábhacht atá leis seo, ní féidir neamhaird iomlán a dhéanamh de scil na scríbhneoireachta ach oiread, go háirithe ag an iar-bhunleibhéal.

## 0.4 Na hiar bhunscoileanna lán Ghaeilge i mBaile Átha Cliath

Níorbh acmhainn staidéar a dhéanamh ar an earnáil lán-Ghaeilge dara leibhéal ina hiomlán. Ba ghá roghnú dá réir. Go bunúsach, is gluaiseacht chathrach í gluaiseacht na Gaelscolaíochta. Luaigh Ó Riagáin agus Ó Glasáin go raibh caighdeán maith Gaeilge labhartha ag 10% den daonra iomlán. In áit mhór cosúil le Baile Átha Cliath, “*it represents about 100,000 people which is a sizeable number of competent bilinguals*” (1984: 5). Is é is dóiche go bhfuil an daonra den



chineál seo Gaeilgeoirí mar fhoinse le líon áirithe den dá mhíle ceithre chéad is fiche cúig (2,425) dhalta a fhreastalaíonn ar na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath.

Ar na scoileanna seo i láthair na huairé tá, in ord aibítire; Coláiste Chilliaín (Cluain Dolcáin), Coláiste Cois Life (Leamhcán) Coláiste de hÍde (Tamhlacht), Coláiste Eoin agus Coláiste Íosagáin (Stigh Lorcáin), Coláiste Mhuire (An Chabrach), Gaelcholáiste Reachrann (Domhnach Míde), agus Scoil Chaitríona (Glas Naíon). Ba iad seo na scoileanna a roghnaíodh mar bhunús taighde, scoileanna uile na hearnála dara leibhéal Gaelscolaíochta i gceantar Bhaile Átha Cliath, cathair agus contae.

Bhí taithí agus spéis phroifisiúnta an taighdeora mar chúis bhreise le roghnú idir an t-ábhar taighde agus an pobal scoileanna: dhá bhliain mar mhúinteoir in iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath; ceithre bliana mar fheidhmeannach le *Comhar na Múinteoirí Gaeilge*; i bpost le *Gaelscoileanna Teoranta* faoi láthair.

# An Mhodeolaíocht

## 1.1 Aidhmeanna na caibidle

Sa chaibidil seo míneofar conas a tugadh faoin staidéar seo: litir iarratais agus ceistneoir chuig na scoileanna; aisfhreagairt; eolas faoi chúlra teanga na ndaltaí; tionchar na gcúinsí seo ar an bhfianaise a bheidh á scagadh thíos.

## 1.2 An aiste mar fhianaise theangeolaíoch: bailiú na samplaí

I mí Eanáir 2005, seoladh litir agus ceistneoir (feic agusíní I agus II) chuig na príomhoidí sna scoileanna roghnaithe le dáileadh ar na múinteoirí Gaeilge ag lorg cóipeanna d'aistí i nGaeilge agus in ábhar amháin eile. Deir Dónal Ó Baoill, “gurb í an aiste Gaeilge a ba mhó a thug saoirse do na hiarrthóirí in úsáid na Gaeilge” (Ó Baoill, 1981: 15). Ba chuma cé na teidil nó cé na hábhair a bhí ar na haistí agus ba chuma cé acu a cheartaigh múinteoirí na haistí nó nár cheartaigh. Thar aon ní eile, ba é mian an taighdeora gan aon obair sa bhreis a chur ar na múinteoirí. Ar ndóigh, ba mhó an seans é go bhfaighfí freagraí dearfacha ó na múinteoirí ach leas a bhaint as a leithéid de chur chuige.

Iarradh ar na múinteoirí Gaeilge an cúigear nó seisear daltaí is fearr i mBlain a Sé a roghnú. Lorgaíodh dhá aiste ó na daltaí seo: aiste Ghaeilge amháin agus aiste in aon ábhar eile. Ba í an hipitéis go mbeadh an Ghaeilge is cruinne agus is forbartha sa scoil ag na daltaí Ardteistiméireachta agus ag na daltaí seo ach go háirithe. Mar sin, dá léireodh na rannpháirtithe go raibh deacrachtaí gramadaí ag an leibhéal is airde Gaelscolaíochta, is féidir a shamhlú go mbeadh na fadhbanna seo níos treise tríd an gcuid eile den chóras.

Bhí ceistneoir gairid simplí ann i dteannta na litreach iarratais d’fhonn roinnt áirithe eolais faoi gach dalta a bhailiú, gan ainmneacha a lua. Bhain na ceisteanna eolais seo le: aois agus gnéas; cúlra teanga; Gaeilge a bheith ag na tuismitheoirí, agus má bhí, an raibh sí á labhairt acu sa bhaile; freastal an dalta ar aon Choláiste Samhraidh ar leith agus pé tionchar a bhí aige sin ar chaighdeán Ghaeilge an dalta.

## 1.3 Aisfhreagairt

As na hocht gcinn d’iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath, ní raibh ach scoil amháin nár chuir aistí ar ais. Mar sin, bhí ráta freagartha de 88% ann. Ó na seacht gcinn de scoileanna a ghlac páirt sa suirbhé seo, fuarthas seasca aiste (60) ar fad, meascán d’aistí Gaeilge agus d’aistí sna hábhair eile.

Ní mionscagadh orthu seo go léir a rinneadh, ach chinntíodh go raibh sampla amháin oibre ar a laghad ó gach scoil mar chuid den taighde seo. Ní raibh earráidí nua sna naoi n-aiste is fiche (29) nach raibh mar chuid den bhunús taighde.

As na seacht n-iar-bhunscoileanna, ba ghá ceann amháin a scagadh amach ó na scoileanna eile ar dhá chúis. (i) Ní raibh ranganna Ardteistiméireachta acu. (ii) Ar an mbonn sin, sholáthair an múinteoir Gaeilge aistí ó Bhliain a Ceathair. In ainneoin, áfach, gur iarradh ar an múinteoir samplaí oibre ó na daltaí is fearr sa rang, fuarthas cúig aiste Ghaeilge de chaighdeán measctha. Níor tháinig aiste in aon ábhar eile ón scoil seo ach oiread, agus níor chuir an múinteoir cóipeanna den cheistneoir ar ais. Tá aistí na scoile seo (scoil 3) idirdhealaithe ó chinn na scoileanna eile agus pléitear leo i

gcaibidil ar leith. Maidir le Tábla I, ní anseo ach i gCaibidil V a phléifear leis na torthaí ó scoil 3 mar atá sa liosta thíos.

D'fhág sin go raibh 6 scoil sa sampla iomlán. Ó na scoileanna seo, rinne mé scagadh ar aon aiste is tríocha (31) ó chúig dhalta dhéag (15): sé aiste dhéag Gaeilge agus cúig aiste dhéag in ábhar eile. Ina theannta sin, sheol na múinteoirí ar ais cóip chomhlánaithe den cheistneoir do gach uile dhalta díobh seo.

**Tábla 1.**  
Líon na n aistí a scagadh

Uimhir Scoile	Aistí Gaeilge scagtha	Aistí eile scagtha	Aistí scagtha
Scoil 1	7	7	14
Scoil 2	5	5	10
Scoil 3	–	–	–
Scoil 4	1	1	2
Scoil 5	1	1	2
Scoil 6	1	0	1
Scoil 7	1	1	2
<b>Móriomlán</b>	<b>16</b>	<b>15</b>	<b>31</b>

**Tábla 2.**  
Líon na n aistí neamhscagtha

Uimhir Scoile	Aistí Gaeilge neamhscagtha	Aistí eile neamhscagtha	Aistí neamhscagtha
Scoil 1	0	0	0
Scoil 2	0	0	0
Scoil 3	–	–	–
Scoil 4	1	1	2
Scoil 5	5	5	10
Scoil 6	5	0	5
Scoil 7	6	6	12
<b>Móriomlán</b>	<b>17</b>	<b>12</b>	<b>29</b>

Ní bhfuarthas ach aistí Gaeilge ón séú scoil (níor soláthraíodh aistí sna hábhair eile ná cóipeanna den cheistneoir). Tá aiste amháin ón séú scoil seo sa taighde.

Déanfar scagadh ar na haistí mar aistí teanga agus ábhair i gCaibidil IV. Rinneadh taighde ar chúig dhalta dhéag. Tá torthaí na hanailíse ar an obair scríofa ó na cúig dhalta dhéag sin i gCaibidil IV thíos.

I 1976 nuair a thosaigh Institiúid Teangeolaíochta Éireann ar an taighde ar earráidí ón scrúdú ardteistiméireacht roghnaigh siad 200 aiste. Bhain siad úsáid as cártaí chun códú na bhfocal agus na n-earráidí a dhéanamh agus ansin próiseáladh na cártaí sin ar ríomhaire. Tháinig an chuid dheireanach den taighde sin amach i 1983. Saothar cuimsitheach atá ann, ach ghlac sé thart ar seacht mbliana chun é a chur i gcrích. Is léir dom anois go raibh mé féin uaillmhianach nuair a d'iarr mé ar scoileanna 60 aiste a chur chugam. B'fhéidir go bhfuil an méid atá agam anseo uaillmhianach. Ní bheidh an taighde seo chomh cuimsitheach le taighde ITÉ, ach bheinn ag súil go mbeadh léargas maith sa taighde maidir le caighdeán scríofa na ndaltaí. Deir Ó Domhnalláin agus Ó Baoill nach dócha go raibh ach líon an-bheag de chainteoirí ó dhúchas agus de dhaltaí ó scoileanna lán-Ghaeilge i dtaighde ITÉ (1978: 9), mar sin de, is léargas nua é an taighde seo ar na daltaí ó scoileanna lán-Ghaeilge.

Sa taighde seo, bhí idir 200 agus 300 focal i ngach aiste, mar sin de, bhí thart ar 6000-9000 focal faoi scrúdú. De bharr nach raibh ríomhaire in úsáid chun anailís a dhéanamh ar na hearráidí tá seans ann gur chóir go mbeadh earráid in dhá mhír ach nach bhfuil sí ach i mír amháin. Rinneadh iarracht an taighde a dhéanamh chomh cruinn agus ab fhéidir.

#### 1.4 An córas lipéadaithe

Cinneadh ar chóras lipéadaithe cuíosach simplí chun idir scoileanna agus daltaí na scoileanna sin a áireamh gan ainmneacha a lua. Mar sin, tá na scoileanna aitheanta le huimhreacha (mar shampla, Coláiste XXX mar scoil 1), na daltaí le litreacha (mar shampla, an chéad dalta as Coláiste XXX mar dhalta A) agus na haistí Gaeilge agus eile le huimhreacha (Aiste Ghaeilge i gcónaí mar aiste a haon, agus an aiste staire, tíreolaíochta agus araile mar aiste a dó). Ag leanúint an chórais seo, bheadh an lipéad 1A1 ar aiste Ghaeilge an chéad dalta i gColáiste XXX, an chéad dalta, aiste Ghaeilge.

#### 1.5 An ceistneoir

Soláthraíodh eolas ar chúig dhalta dhéag. Tugtar na torthaí i gCaibidil II.



## Na haistí agus na Ceistneoirí

### 2.1 Aistí agus Ceistneoir

Déanfar réamhscagadh anseo ar chineál ginearálta na n-aistí a soláthraíodh agus ar an eolas a fuarthas tríd an gceistneoir. Taispeántar na torthaí sin sna léaráidí.

### 2.2 Na haistí Gaeilge i gcomparáid le haistí sna hábhair eile

Ceann de na príomhdhifríochtaí idir na haistí Gaeilge agus na haistí eile ná go bhfuil an Ghaeilge sna haistí teanga ceartaithe ag na múinteoirí Gaeilge den chuid is mó, ach nach bhfuil sí ceartaithe sa dara haiste. Feictear sna haistí eolais seo go bhfuil an bhéim ar cheist staire, tíreolaíochta nó eile a fhreagairt, ní ar chruinneas teanga, drochúsáid Gaeilge, cruinneas téarmaíochta srl. Is sna haistí seo is minice a thagann téarmaíocht as Béarla aníos.

Tá scileanna éagsúla ag teastáil san aiste trí Ghaeilge nach aiste Ghaeilge í: is minic a bhíonn ar údair na n-aistí seo coincheap casta a aistriú go Gaeilge, dúshlán a aithníonn Fionnuala Ní Chaisil: “Seo pointe a ardaím le mo rang staire go háirithe, go bhfuil buntáiste ansin dóibh a bheith ag scríobh sa dara teanga, go mbíonn próiseas breise ag gníomhú chun iad féin a chur in iúl ar pháir” (Ní Chaisil, 2000: 34). Chomh maith leis seo, tá seans ann nach bhfuil an téarmaíocht theicniúil ag roinnt de na múinteoirí féin agus nach bhfuil fáil acu uirthi sa scoil. Is minic a bhíonn téacsleabhair Bhéarla in úsáid sa rang toisc nach mbíonn leagan sothuigthe Gaeilge ar fáil. Mar sin, bíonn ar roinnt múinteoirí nótaí Gaeilge a thabhairt amach agus an téarmaíocht riachtanach orthu.


Fiú má tá an téarmaíocht chruinn ag na daltaí, seans maith go bhfuil roinnt leaganacha difriúla de na téarmaí is casta ina dtimpeall; leagan amháin sa téacsleabhar, leagan eile ar na páipéir scrúduithe. Ní raibh ach múinteoir amháin sa sampla a thagair d’úsáid an Bhéarla sa dara haiste (agus bhí an-chuid téarmaíochta Béarla in úsáid ag dalta an mhúinteora sin). Is ábhar spéise a leithéid. In ainneoin go ndeir Coimisiún na Scrúduithe Stáit nach dtabharfar “bónasmharcanna d’iarrthóirí a fhreagraíonn roinnt i nGaeilge agus roinnt i mBéarla” (<http://www.examinations.ie/main.php?ir&mc=ca&sc=im>), ní ghearrtar pionós ar dhalta a úsáideann téarma Béarla amháin nó dhó, go háirithe má bhaineann an úsáid sin le saintéarmaíocht nach mbeadh ag an dalta, b’fhéidir.

### 2.3 Torthaí an Cheistneora

Ceithre phíosa eolais ar fad a lorgaíodh ar chúlra na ndaltaí. Tugtar na torthaí anseo thíos.


### 2.4 Rangú de réir inscne

As na cúig dhalta dhéag a ghlac páirt sa chuid seo den taighde, bhí trí chailín déag agus beirt bhuachaillí ann. Níor léir dom go raibh aon difríocht mhór idir an dá inscne ó thaobh caighdeáin de ón sampla beag oibre a bailíodh.



## 2.5 Próifíl aoise na ndaltaí

Daltaí Ardeistiméireachta a bhí iontu go léir, idir seacht agus ocht mbliana déag d'aois.







## 2.6 Cúlra teanga na ndaltaí

Áiríodh gurbh fhiú féachaint an raibh cumas Gaeilge ag tuismitheoirí na ndaltaí seo, agus má bhí, an raibh sí acu mar theanga bhaile. Toisc go bhfuil staid teaghlach daltaí iar-bhunscoile sa lá inniu ann chomh héagsúil sin, baintear leas sna léaráidí thíos as na téarmaí *Tuismitheoir nó Caomhnóir A agus B* in ionad *Máthair* agus *Athair*. Bhí Gaeilge nó meascán de Ghaeilge agus Bhéarla mar theanga dhúchais ag 26% de thuismitheoirí/chaomhnóirí A. Ní raibh ach 14% díobh, áfach, a raibh an cumas Gaeilge sin in úsáid acu mar theanga bhaile.

Bhí Béarla amháin mar mháthairtheanga agus teanga bhaile ag gach tuismitheoir/caomhnóir B. Ní raibh, dá réir, oiread is teaghlach amháin sa sampla a raibh Gaeilge ar a gcumas ag an mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí. Bhí 13% de theaghlach ann nach raibh ach Béarla acu mar theanga teaghlach.

Is beag an difear a bhí le sonrú idir aistí na ndaltaí a raibh cúlra Gaeilge acu agus aistí a gcomhghleacaithe gan ach Béarla ó dhúchas acu. Bhí ceathrar daltaí as cúig dhuine dhéag a raibh Gaeilge de chineál éigin acu sa bhaile. As an ngrúpa sin, bhí duine amháin ag a raibh Gaeilge eisceachtúil chruinn (san aiste Ghaeilge agus san aiste eile) agus bhí beirt eile a raibh stíl scríbhneoireachta an-mhaith acu ach a raibh gramadach mhíchruinn acu (deacracht le séimhiú ach go háirithe). Bhí an ceathrú dalta níos laige ná an chuid is mó de na daltaí ó chúlra Béarla, agus bhí fadhb ag an duine seo le bunstruchtúir na Gaeilge (níos mó ná fiche earráid in aon aiste amháin).






## 2.7 Na Coláistí Samhraidh

D'fhonn a fháil amach an bhféadfadh éifeacht a bheith ag cúinsí teanga lasmuigh den scoil agus den bhaile ar chruinneas Ghaeilge na ndaltaí, fiosraíodh faoi fhreastal ar Choláistí Samhraidh Gaeilge. Sa chás gur fhreastail daltaí ar an gColáiste céanna, b'ábhar breise staidéir an pátrúin earráidí acu. Mar a tharla, cheal eolais, níorbh fhéidir an ghné seo a leanúint.

Níor fhreastail ach ceathrar as na cúig dhuine dhéag ar Choláiste Samhraidh Gaeilge. As an gceathrar seo, d'fhreastail duine amháin ar *Choláiste na bhFiann* agus duine eile ar *Choláiste Sheosaimh*. Luaigh an bheirt eile *Dún na nGall* agus *Oileán Achaill* (sic) faoi seach mar choláistí.



I gCaibidil IV, féachfar ar na torthaí a d'eascair as aistí na ndaltaí thuasluaite. Roimhe sin, áfach, ní mór scrúdú a dhéanamh ar an taighde atá déanta go dtí seo ar chaighdeán Ghaeilge na Gaeltachta agus na nGaelscoileanna.





## Gaeilge na Gaeltachta agus na nGaelscoileanna: Spléachadh ar thorthaí taighde

### 3.1 Réamhrá

Mar a luadh thuas (Achoimre), is coincheap teibí casta é cruinneas sa Ghaeilge. Cuimsíonn sé staidéar ar na cineálacha éagsúla Gaeilge atá ar fáil: Gaeilge na Gaeltachta; *Gaelscoilis* na scoileanna lán-Ghaeilge; torthaí na Gaeilge mar ábhar scoile agus eile. Ina theannta sin, is ceist bhunúsach don taighde seo conas a thomhaistear caighdeán cruinnis teanga agus cé chomh tábhachtach is atá máistreacht sa chruinneas seo do dhaltaí agus do mhúinteoirí (Réamhrá). Ba ghá staidéar teangeolaíoch a dhéanamh dá réir chun ciall a bhaint as torthaí na hanailíse a rinneadh ar na samplaí den teanga scríofa a bailíodh ó na scoileanna. Scrúdaítear anseo thíos an litríocht a bhaineann le coincheap seo chruinneas na Gaeilge.

Sa chéad chuid den chaibidil seo, féachfar ar an anailís atá déanta go dtí seo ar *Ghaeilge na Gaeltachta* le céad bliain anuas agus ar na himpleachtaí do thodhchaí na teanga.

Agus na Gaeltachtaí traidisiúnta ag dul i laige, tá fás agus forbairt ar an nGaeilge sna cathracha, Béal Feirste go háirithe. Tá an ghluaiseacht Gaelscolaíochta mar chuid olltábhachtach den fhorbairt seo ar chúiseanna éagsúla. I gcuid a dó den chaibidil seo, díreofar ar an gcineál Gaeilge nó *Gaelscoilis* atá á labhairt sna scoileanna lán-Ghaeilge seo agus ar na himpleachtaí as sin don teanga scríofa agus labhartha.

Sa tríú cuid, déanfar iniúchadh ar shiollabais na Gaeilge (mar ábhar) ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Aithnítear na bearnaí ollmhóra idir an dá leibhéal agus na haidhmeanna difriúla sa dá chineál siollabais. Ag an iar-bhunleibhéal, mínítear na difríochtaí idir aidhmeanna an tsiollabais agus éilimh na scrúduithe stáit agus na fadhbanna a eascraíonn as sin. Féachfar ansin ar na himpleachtaí do na scoileanna lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal.

Sa chuid dheireanach den chaibidil seo, ríomhtar na deacrachtaí a bhíonn ag múinteoirí tumoideachais na tíre seo, easpa traenála agus mar sin de, agus an fhadhb le modhanna múinteoireachta nach spreagann cruinneas sna daltaí. Maidir le réitigh ar na fadhbanna seo, scrúdaítear moltaí as an litríocht agus aithnítear na dúshláin atá roimh an gcóras Gaelscolaíochta.

### 3.2 An Ghaeilge sa Ghaeltacht

Tá teangacha ag teacht faoi anáil a chéile riamh agus ní taise don Ghaeilge é. Níl an cros-síolrú teanga teoranta don Ghaeilge. Deir Marie-Louise Sjoestedt-Jonval go raibh tionchar ollmhór ag an Laidin ar na hiasachtaí Gaeilge míle bliain ó shin (Sjoestedt-Jonval, 1928:103). Ní féidir a shéanadh go bhfuil tionchar fíorláidir ag an mBéarla ar an nGaeilge i gcoitinne, Gaeilge na Gaeltachta ach go háirithe. Aithníonn cuid mhaith scríbhneoirí an feiniméan seo, Roibeard Ó hUrdail, Máirín Nic Eoin, Gabrielle Nic Uidhir, Nancy Stenson, Marie-Louise Sjoestedt-Jonval, Éamonn Ó Dónaill, agus Briain Ó Catháin ina measc. Má aithnímid “gur láidre ná riamh stádas an Bhéarla mar theanga dhomhanda” (Nic Eoin, 2005: 322), níl sé réadúil a bheith ag súil go “bhféadfadh Gaeilgeoir ar bith a chuid Gaeilge a choinneáil glan ó rian an Bhéarla má bhíonn air a shaol a chaitheamh i measc Béarlóirí” (Dónall Mac Amhlaigh luaite in Ó Catháin, 2001: 147). Sa chuid seo den chaibidil, pléitear na fáthanna a maireann Gaeilge na Gaeltachta faoi scáth an Bhéarla agus na himpleachtaí atá ag athruithe teanga don Ghaeilge agus do Ghaeltachtaí na linne seo.

### 3.3 Éifeacht an Bhéarla: iasachtaí foiclóra

Ina halt ‘English Influence on Irish: The last 100 years’, tagraíonn Nancy Stenson d’aiste Marie-Louise Sjoestedt-Jonval faoin nGaeilge labhartha i nDún Chaoin, Co Chiarraí, aiste a foilsíodh i 1928. Don taighde seo aici, bhailigh Sjoestedt-Jonval samplaí de Ghaeilge na seanchainteoirí agus de Ghaeilge na gcainteoirí óga. Fiú sna fichidí, ba léir go raibh an Ghaeilge timpeallaithe ag cuid mhaith Béarla. Luaigh sí, mar shampla, cúrsaí gnó ag forbairt sa pharóiste, muintir na Gaeltachta ag foghlaim Béarla agus na hinimircigh ag teacht abhaile ó Mheiriceá le struchtúir an Bhéarla ina gcuid cainte. Anuas air sin, bhí mic léinn a raibh Béarla acu ag caitheamh ama sna Gaeltachtaí chun a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus bhí fáil ar nuachtáin agus leabhair Bhéarla go forleathan. Ach luann Sjoestedt-Jonval gurb é an fachtóir is spéisiúla a raibh tionchar an-láidir aige ar mheath na Gaeilge labhartha i gceantar Dhún Chaoin ná focail Bhéarla an mháistir scoile: baill an phobail “considérés comme élégants” (Sjoestedt-Jonval, 1928: 82) agus sofaisticiúil i measc na ndaoine fásta (mná óga ach go háirithe), “Le fait est que le terme anglais paraît plus élégant, plus fashionable que le terme irlandais” (Sjoestedt-Jonval, 1928: 91), rud a chiallaigh gur úsáideadh an focal Béarla in an-chuid cásanna.

Ba iad na focail Bhéarla a bhain leis an saol uirbeach, le hairgeadas, le huirlisí tí, leis an saol gnó, le cúrsaí rialtais agus le héadaí; ba iad sin na focail a tháinig isteach sa Ghaeilge mar iasachtaí ag tús na haoise seo caite. Níl an chuid is mó de na seaniasachtaí sin (focail ar nós *stát* agus *coláiste*) conspóideach, “Is iondúil, ar ndóigh, nach samhlaítear an truailliú ach leis na hiasachtaí a aithnítear mar iasachtaí réasúnta nua in aon chanúint ar leith” (Nic Eoin, 2005: 346). Cheap Sjoestedt-Jonval nach ndéanfadh na hiasachtaí nua seo aon dochar don teanga.

### 3.4 Éifeacht an Bhéarla: athruithe comhréire

Ní hamháin go raibh an stór focal ag athrú, luann Sjoestedt-Jonval athruithe níos bunúsaí i gcomhréir na teanga, béim na teanga ag athrú ó struchtúr na Gaeilge go struchtúr an Bhéarla agus bhí aistriúcháin nó *calques* ón mBéarla ar nós “*imithe chuig na madraí*” agus “*táim briste*” agus araile (Stenson, 1993: 111-112) in úsáid go forleathan. Chomh maith leis seo, feictear frásaí agus focail ar nós *ag fáil* agus *suas* mar aistriúcháin ar an mBéarla *to get* agus *up* (Ó Dónaill, 1977: 1179) in úsáid go fairsing. Fiú sna fichidí, bhíodh briathra sa Bhéarla á ngaelú leis an iarmhír *áil* (Stenson, 1993: 115), feiniméan a aithníonn Briain Uí Chatháin i staidéar mar a ndéanann sé tagairt do Ghaeilge labhartha na gcainteoirí dúchais a raibh cónaí orthu i Londain sna caogaidí. Dar leis, bhí “*ringeáil mé suas, wireáil mé siar nó ag leveleáil concrete*” le cloisteáil go forleathan (Ó Catháin, 2001: 128). Níor tháinig na samplaí thuasluaite aníos ach go hannamh sna fichidí, ach tá siad mar chuid den ghnáthchaint anois. Bíonn roinnt de na *calques*, a luaigh Sjoestedt-Jonval, á bplé ar an gclár *Leagan Cainte* ar Raidió na Gaeltachta faoi láthair toisc iad a bheith chomh forleathan, leaganacha mar “*ag críochnú suas, tógfaimid briseadh*” agus “*ag an bpointe ama seo*” (Nic Eoin, 1997: 2 agus Stenson, 1993: 113).

### 3.5 Códmheascadh

Rud eile atá an-chomónta i nGaeilge na Gaeltachta faoi láthair i gcomparáid leis an nGaeilge chéanna céad bliain ó shin ná códmheascadh (leath abairtí nó abairtí iomlána Béarla i lár abairte Gaeilge). Luann Sjoestedt-Jonval claonadh a bhí ann i nGaeilge Dhún Chaoin an focal Béarla *well* a chur ag tús na habairte (Sjoestedt-Jonval, 1928: 100). Tá go leor samplaí seanbhunaithe den chódmheascadh le cloisteáil. An príomhathrú atá tagtha ar an scéal le déanaí ná go bhfuil na sleachta Béarla níos faide ná mar a bhí siad riamh. Tugann Gabrielle Nic Uidhir sampla de seo dúinn: “I have to make it to the bank in Athboy before 3.00 because if I don’t, ní bheidh airgead ar bith agam le haghaidh an deireadh seachtaine” (Maguire, 1991: 120).

### 3.6 Impleachtaí

Ní féidir a shéanadh go bhfuil an códmheascadh níos forleithne ná mar a bhí riamh, ach cad iad na himpleachtaí do thodhchaí na Gaeltachta agus na Gaeilge? Tá dhá dhearcadh ann faoin bhfeiniméan seo. Ceapann Nancy Stenson go léiríonn an ábaltacht seo scileanna agus solúbthacht teanga na gcainteoirí, agus gur fiú staidéar a dhéanamh air (Stenson, 1993: 223). Ar an taobh eile, is féidir a rá go gciallaíonn sé go bhfuil an teanga ar leaba a báis, “The linguistic battle was, as we know, never fought to a finish, for it was terminated by the triumph of the common enemy, English” (O’Rahilly, 1972: 264). Gnáthcheisteanna teanga iad seo nach mbaineann leis an nGaeilge amháin ar ndóigh, nó fiú leis na teangacha neamhfhorleathana. Luann Caoilfhionn Nic Pháidín go mbíonn “na Francaigh inmíoch mar gheall ar *prêt à parler* mar a thugann siad air, go háirithe nuair a dhéanann na hiasachtaí comhréir na teanga féin a threascairt” (Nic Pháidín, 2002: 122).

### 3.7 Staid Reatha na teanga labhartha

Cén staid, mar sin, ina bhfuil Gaeilge na Gaeltachta sa lá atá inniu ann? Samhlaíonn Éamonn Ó Dónaill an-chuid impleachtaí diúltacha: “Tá dul an Bhéarla ar go leor den chaint atá le cloisteáil agus tá míchruinneas le sonrú go láidir ó thaobh na gramadaí de. Lena chois sin tá roinnt mhaith cainteoirí dúchais ag tréigean na teanga” (Ó Dónaill, 2000: 55). In ainneoin forbairt orgánach teanga, ceapann Ó Dónaill go gciallaíonn nathanna cainte nua na Gaeltachta ar nós “*Tá sé suas duit féin...*” agus drochghramadach (an easpa ghinidigh, cuir i gcás) (Ó Dónaill, 2000: 53) go bhfuil an teanga is laige (an Ghaeilge sa chás seo) tar éis lámh a chur ina bás féin; tá líon na gcainteoirí laghdaithe agus tá sé níos deacra ar an aos óg an teanga fhoirmeálta a labhairt toisc réimse níos cúinge topaicí á phlé sa Ghaeilge (Ó Dónaill, 2000: 53). Dar le hÓ Dónaill go léiríonn an Ghaeilge chomhaimseartha cuid mhaith de “chomharthaí sóirt teanga atá i mbaol a báis agus gur básaithe a bheadh sí cinnte murach tacaíocht leanúnach an stáit” (Ó Dónaill, 2000: 54). Ach i bhfianaise “ilchineálacht an ruda a dtugaimid ‘an Ghaeilge’ air” (Mc Closkey, 2001: 48), tá sé deacair sainmhíniú a thabhairt ar ‘Ghaeilge chomhaimseartha’, fiú sa chomhthéacs Gaeltachta, agus tá difríochtaí ann idir an Ghaeilge labhartha agus an Ghaeilge scríofa chomh maith.

I gcás na Gaeilge labhartha, caithfear glacadh leis an bhfrinne go bhfuil an teanga ag forbairt i dtreo, “hooveráil, vimeáil, agus windolenáil” (Cathal Ó Searcaigh luaite in Nic Eoin, 2005: 368). Tá réimse leathan tuairimí ar an gceist seo. Tá tuairim ann nach féidir le haon reachtaíocht nó fachtóir ón taobh amuigh an bhunfhíric seo a athrú. Ceapann Ó Dónaill nár cheart “a bheith ag súil go seachnóidh bunadh na Gaeltachta Béarlachas agus focail Bhéarla ina gcuid cainte – tá sé ag brath ar an duine aonair cén cineál Gaeilge is mian leis a labhairt” (Ó Dónaill, 2000: 61). Molann daoine eile, Gearóid Stockman ina measc, gur cheart do chainteoirí Gaeilge cloí leis an bprionsabal seo: má tá struchtúr dúchasach ann bain úsáid as (Stockman, 1996: 8). Agus tá na daoine ann a mholann ionghlaineacht teanga: cáineann Proinsias Mac Aonghusa droch-Ghaeilge na Gaeltachta, á rá gur “thug siad (lucht na Gaeltachta) an teanga leo go fíor-éasca, agus (níl) leithscéal dá laghad acu maidir le droch-Ghaeilge agus daoine eile a d’fhoghlaim í le dua agus deacracht.... Is iad siúd laochra na Gaeilge seachas an chuid sin eile againn ar tugadh mar bhronntanas dúinn í” (Mac Aonghusa, Feasta, Bealtaine 2000). Ar ndóigh, níl cúrsaí chomh simplí sin. Tá an Ghaeilge a fuair lucht na Gaeltachta mar bhronntanas ag athrú ar luas an-tapa, agus tá tionchar an Bhéarla níos láidre ná mar a bhí riamh.

### 3.8 An teanga scríofa agus cúrsaí an chaighdeáin

Tá difríochtaí ann idir an Ghaeilge labhartha agus an Ghaeilge scríofa agus aithnítear go bhfuil an teanga scríofa ag athrú chomh maith. Thosaigh an díospóireacht faoi chaighdeán oifigiúil

na Gaeilge scríofa sna caogaidí. Bhí an caighdeán a foilsíodh i 1958 bunaithe ar “bheotheanga na Gaeltachta (agus) na leaganacha is forleithne atá in úsáid sa Ghaeltacht” (Williams, 2002: 3). Cheap Niall Ó Dónaill agus Eoghan Ó Tuairisc go raibh caighdeánú riachtanach chun dul thar canúnachas áitiúil, “tugann an caighdeán deis (don Ghaeilge) dul thar teorainn agus leathnú amach ar fud na mór-roinne, agus ar fud na mblianta” (Eoghan Ó Tuairisc luaite in Nic Eoin, 2005: 389). Sa mhéid is nach ionann Gaeilge na gcaogaidí agus Gaeilge an lae inniu, molann Nicholas Williams an seanchaighdeán a leathnú amach. Molann sé caighdeán cúng (CC) d’fhoghlaimoírí Gaeilge (á phlé sa chéad mhír eile) agus caighdeán leathan, “an teanga a úsáidfídh cainteoirí is scríbhneoirí oilte na Gaeilge” (Williams, 2002: 4). Aithneoidh an caighdeán leathan an téarmaíocht nua atá á forbairt le blianta beaga anuas, “Má tá leagan sa Ghaeilge, ba chóir go mbeadh spás sa CL (Caighdeán Leathan) dó” (Williams, 2002: 4).

Tá cuid mhaith rannpháirtithe sa díospóireacht seo: tá Maolmhaodóg Ó Ruairc ina measc agus ceapann seisean go bhfuil gramadach na Gaeilge róchasta mar atá agus gur gá dul ‘Ar Thóir Gramadach Nua’!

### 3.9 Idirtheanga agus nuathéarmaíocht

Tá Gaeilge an déagóra á scrúdú agus á cáineadh leis na blianta. Ghlaigh Ó Ríordáin, “Im na Gaeilge leachta ar arán an Bhéarla agus in áiteanna gan im ar bith ann” ar Ghaeilge na nGaeilgeoírí ógá i gcathair Chorcaí chomh fada siar le 1948 (Seán Ó Ríordáin luaite in Nic Pháidín, 2003: 127). Is cosúil gur féidir fadhb a bheith ag scríbhneoirí agus taighdeoirí áirithe le nuathéarmaíocht na Gaeilge chomh maith. Tá Brian Ó Catháin go mór in amhras faoi idirtheanga seo na ndéagóirí, ach ní dóigh leis go bhfuil an Ghaeilge bhriste seo puinn níos measa ná “na téarmaí gránna, místuama nua-aoiseacha atá á gceapadh ag lucht na bpáipéar” (Ó Catháin, 2001: 128). Caithfidh go bhfuil impleachtaí ag an nGaeilge seo don Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ar léirmheas ar alt Éamoinn Uí Dhónaill cuireann Pól Ó Cainín an cheist: “Cá bhfaighidh dearthóir siollabas an Ghaeilge chruinn mura gcloíonn cainteoirí dúchais na nGaeltachtaí le caighdeán áirithe?” (Ó Cainín, 2001: 74).

### 3.10 Gaeilge agus Gaeltacht

Cheap Ó Cadhain go raibh gá le dul i dtreo na Galltachta chun spéis a mhúscailt sa Ghaeilge. Luann sé gur cheart pobail teanga a chruthú sna cathracha “real Gaelic communities, juvenile delinquency, Beatles, shebeens and all. There must be one big community in Dublin”. Mar thoradh air seo, ní bheadh sa Ghaeltacht ach ceann amháin de na pobail seo (Ó Cadhain luaite in Maguire, 1992: 15).

Is cosúil go gcaithfear glacadh leis an bhfíric go bhfuil coincheap na Gaeilge agus coincheap na Gaeltachta á leathnú amach. Tá “na canúintí cúige, na canúintí cathrach, an patois sráidbhailteach” (Ó Tuairisc, 1987: 22) go léir mar chuid den teanga náisiúnta agus tá ról nach beag ag na scoileanna lán-Ghaeilge sa phróiseas seo.

### 3.11 Forbairt na scoileanna lán Ghaeilge

Bhí an ceart ag Ó Cadhain faoi ghluaiseachtaí Gaeilge sna cathracha. “Is san ardchathair is túisce a tháinig borradh faoi naíonraí agus scoileanna lánGhaelacha” (Mac Mathúna, 1987: 49). Bhí fás an tumoideachais i gCeanada sna seascaidí ina spreagadh don ghluaiseacht óg seo: “the success of the Canadian immersion schools is well documented and provided a model for schools elsewhere” (Maguire, 1992: 54). Léirigh múnla Ceanada gur chabhraigh an tumoideachas le

forbairt féiniúlachta an dalta (Maguire, 1992: 59). Thosaigh an scátheagraíocht *Gaelscoileanna* i 1973 le bunú agus buanú scoileanna lán-Ghaeilge (sa Ghalltacht) mar phríomhaidhm aici. I 1973, ní raibh ach 16 scoil idir an dá leibhéal lasmuigh den Ghaeltacht (Ní Fhearghusa, 1998: 25); anois, tá 211 scoil ann!

### 3.12 Foinse

Cad a spreag agus a spreagann tuismitheoirí chun a bpáistí a chur chuig scoileanna lán-Ghaeilge? I 1984, rinne Pádraig Ó Riagáin agus Mícheál Ó Gliasáin taighde ar na fáthanna a roghnaíonn tuismitheoirí bunscoileanna lán-Ghaeilge dá bpáistí i gceantar Bhaile Átha Cliath. Dar ndóigh, luadh cuid mhaith fachtóirí; féiniúlacht, cultúr, náisiúnachas agus poblachtachas, líofacht teanga, dátheangachas, oideachas d'ardchaighdeán agus eile, ach ba léir ón taighde seo gur roghnaigh an chuid is mó tuismitheoirí scoil “primarily for education reasons without specific regard to the language dimension” (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin, 1984: 40). É sin ráite, lorg mórchuid de na tuismitheoirí caighdeán ard oideachais agus caighdeán ard Gaeilge i dteannta a chéile.

### 3.13 Béal Feirste: idirtheanga nó dílseacht teanga?

Ní coir fás na Gaelscolaíochta a phlé gan tagairt a dhéanamh do ghluaiseacht teanga Bhéal Feirste. I 1992, rinne Gabrielle Maguire staidéar ar idirtheanga na nGaelscoileanna i mBéal Feirste, *Feirstis* nó *Guerla* mar a ghlaonn Tomás Mac Siomóin air (Mac Siomóin, 2006: 42). Sa leabhar a bhí mar thoradh ar thaighde Maguire, féachann sí ar phobal teanga Bhóthar Seaghach a bhunaigh bunscoil lán-Ghaeilge as a stuaim féin gan aon tacaíocht ón stát agus i gcomhthéacs casta pholaitíochta an Tuaiscirt. “It has become a living symbol of the improving fortunes of the Irish language and an encouraging landmark along the route to its revival” (Maguire, 1992: 9). Bhain gluaiseacht Bhéal Feirste leis an lucht oibre (le dífhostaithe chomh maith) agus le cruthú pobal teanga mórthimpeall na scoile. Tá canúint ar leith Gaeilge a fheidhmíonn “mar mheán éifeachtach cumarsáide sa phobal sin agus mar chomhartha láidir féiniúlachta, beag beann ar fhoirmeacha caighdeánacha ná ar noirm na bpobal traidisiúnta Gaeltachta” (Nic Eoin, 2005: 335). Míníonn Maguire go bhfuil béim ar chumarsáid sa phobal seo “Conformity with grammatical norms is not a cherished ideal of these young people: communicative competence, fluency, functional value are among the goals which the children do appreciate” (Maguire, 1992: 181).

Cheap beirt chailíní a luaigh Maguire ina cuid taighde gurb iad féin amháin a bhain úsáid as na foirmeacha acu féin (Maguire, 1992: 181, 206). Is léir féiniúlacht teanga agus polaitíochta an-láidir a bheith cruthaithe ag lucht Gaeilge Bhóthar Seaghach, agus tá éacht bainte amach acu ó thaobh na Gaeilge de. Is léir chomh maith ó leabhar Maguire gur breá le formhór daltaí agus páistí a dteanga agus an pobal teanga atá cruthaithe acu. An phríomhfhadhb atá ag daltaí Bhóthar Seaghach ná nach bhfuil na deiseanna céanna oideachais lán-Ghaeilge ann ag an iarbhunleibhéal, rud a bhriseann an leanúnachas agus spiorad an phobail. Gaeilge na cathrach atá sa Ghaeilge seo, ach ní fhéachann lucht Bhóthar Seaghach uirthi mar idirtheanga, nó mar theanga Gaeltachta, ach mar theanga dúchais: “Our children were native speakers, but they were in a predominantly non-Gaelic environment” (DENI, 2000b: 16).

### 3.14 Tréithe Ghaeilge Bhéal Feirste

Sa Ghaeilge a chloistear sa Bhunscoil i mBéal Feirste, aithnítear cuid mhaith de na tréithe teanga a tagraíodh do Ghaeilge na Gaeltachta mar atá luaite sa chéad chuid den chaibidil seo. Tá an bhéim ar chumarsáid agus tá an ghramadach simplithe dá bharr; “Features which do not add

to the information being communicated are semantically redundant and, as such, are quite likely to be omitted” (Maguire, 1992: 190). Luadh chomh maith an claonadh i measc na bpáistí an “lowest common denominator” a úsáid chun a spriocanna cumarsáide a bhaint amach (Maguire, 1992: 190). Léiríonn Gaeilge Bhéal Feirste tréithe tipiciúla na hidirtheanga: an claonadh chun an dá theanga (Gaeilge agus Béarla) a mheascadh (in ainneoin iarrachtaí na múinteoirí); struchtúir an Bhéarla ar leibhéal na foghraíochta, na comhréire, na séimeantaice agus an fhoclóra; forghinearálú.

Léiríonn an forghinearálú seo an deighilt idir Gaeilge Bhéal Feirste agus na pobail Ghaeilge eile sa tír. Tá foirmeacha neamhchaighdeánacha den aimsir láithreach ar nós *tabharann* agus *rachann* in úsáid i nGaeilge Bhéal Feirste, “which can sometimes be heard amongst children in rural Gaeltacht areas, and, indeed, among some adult speakers” (Maguire, 1992: 181, 206).

### 3.15 ‘Gaelscoilis’ agus ‘Guerla’

Tá leaganacha den Ghaeilge uirbeach seo le cloisteáil (agus le feiceáil) i scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre. Cén cineál teanga atá sa Ghaelscoilis seo? Cloistear tagairtí do *pidgin* (meascán do Ghaeilge agus Béarla) agus do *créol* (an teanga chéanna glúin ar aghaidh) “mar théarmaí díspeagtha seachas mar chruinntearma anailíse” (Nic Eoin, 2005: 324). Tá tionchar fíorláidir ag séimeantaice agus foclóir an Bhéarla ar an nGaelscoilis agus ar Ghaeilge na Gaeltachta sa tslí is go bhfuil sé deacair, “idirdealú idir *pidgin* na bpobal nua Gaelscoilise agus *créol* na bpobal seanbhunaithe Gaeltachta” (Ó Muirthile luaite in Nic Eoin, 2005: 326). Feidhmíonn an *Ghaelscoilis* mar ghléas cumarsáide in an-chuid bunscoileanna.

Ní féidir a rá go bhfuil an idirtheanga seo á labhairt agus á scríobh i ngach Gaelscoil nó scoil lán-Ghaeilge. Go minic, tagann athrú sa chaighdeán teanga sna hardranganna: “Níl na daltaí buartha fé cheart úsáid na teanga go dtí a mblianta sinsireacha ar scoil” (Ní Chaisil, 2000: 73). Tá *Gaelscoilis* doiléir mar théarma; an dtagraíonn sé don lucht *tá sé mise’s* (It’s mine) amháin luaite ag Nic Pháidín, Maguire agus Ní Chaisil, nó an gclúdaíonn sé gach saghas teanga atá á labhairt sna scoileanna lán-Ghaeilge? Ní hionann an dá chineál. Sa chéad chaibidil eile den saothar seo, taispeánfar go bhfuil scoth na Gaeilge á scríobh ag roinnt mhaith daltaí Gaelscoile ag deireadh tréimhse na hiar-bhunscolaíochta dóibh. Feicfear chomh maith (i gCaibidil V thíos) go bhfuil roinnt mhaith daltaí eile ag sracadh le bunstruchtúir na teanga. Tá múinteoirí na nGaelscoileanna ag plé le “a group of students with a veritable kaleidoscope of proficiencies and attitudes” (O’Connor, 2002: 19) agus is botún é na daltaí go léir a rangú in aon chatagóir amháin.

### 3.16 Tréithe na hidirtheanga labhartha

Cad iad príomhthréithe na hidirtheanga seo, más *Gaelscoilis*, nó Gaeilge an chlóis, nó Gaeilge Bhaile Átha Cliath a thugtar uirthi? Tá códmheascadh ann: “*Bhí sé (Al Capone) an only gangster a really died naturally ina leaba*”. Tá fadhbanna ann le hinscne agus leis an tuiseal ginideach: “*an t-eagraíocht, ag fháil fheadóg*”. Is minic nach mbíonn na forainmneacha réamhfhoclacha i gceart “*do é, ag iad, faoi muid*” (Nic Pháidín, 2003: 124). Tá struchtúr an Bhéarla ar an gcaint: “*chodail mé isteach, fuair mé cailte*”, agus tá téarmaíocht an Bhéarla in úsáid chomh maith laistigh de struchtúr Gaeilge, “*Sellotape le chéile iad*” (Ní Chaisil, 2000: 51). Faightear na pátrúin chéanna i nGaeilge Bhéal Feirste. Luann Gabrielle Maguire, “*Insisteann sé air, slamann sé an doras, ag flyáil thart*” (Maguire, 1992: 222). Níl sé ródheacair greann a bhaint as na samplaí seo. Ina dhán aorach, ‘Sínite Fada’, luann Michael Davitt samplaí dá chuid féin:

Gan trácht ar dhaoine a deir ‘cheers!’  
is ‘Oh my God!’  
is ‘Ag caint leis an t-Aire’  
is ‘Tá an cheist á bplé’  
is ‘cad a bhfuil sé?’  
is ‘An rud gur féidir a dhéanamh.’  
is ‘I was like...!’  
Ag cur aghaidheanna orthu fhéin?  
Is daoine a chuireann an bhéim?  
ar ‘so’.  
Is daoine a chuireann béim?  
ar aidiachtaí sealbhacha,  
nach n-aithneodh iarmhír threise  
dá mbuailfeadh sa leiceann iad.  
Cloisim tú á rá: ‘Sin é a bhfadhb!’  
(Davitt, 2003: 65)

Tá an cineál seo Gaeilge thar a bheith conspóideach. San úrscéal *Sna Fir* le Mícheál Ó Conghaile tá carachtar ann a bhfuil Gaeilge ó dhúchas aige agus tagraíonn sé do Ghaeilge na *Gay-linns* (Gaeilgeoirí aeracha Bhaile Átha Cliath) mar “Smiodar smeadar de Ghaeilge foghlamtha...Teanga fhuar gan sú ná croí, spiorad ná anam” (Ó Conghaile, 1999: 115). Bíonn frustrachas dá bharr ar roinnt mhúinteoirí iar-bhunscoile “Tá Gaeilge líofa ach lofa inghlactha i measc na ndaltaí. Ar nós cuma liom faoi chruinneas agus is minic drochnósanna agus leisciúlacht is cúis le droch-Ghaeilge agus easpa cruinnis... leath-Bhéarla agus leath-Ghaeilge go minic acu agus gan aon cheann a bheith cruinn acu” (Ní Chaisil, 2000: 51). Ar an taobh eile, i gcuid eile de shuirbhé Ní Chaisil, ní dúirt ach 19% de na múinteoirí go raibh Gaeilge na ndaltaí á dtruailliú ag drochstruchtúir cainte (Ní Chaisil, 2000: 52).

### 3.17 Éifeacht ar an teanga scríofa

Is é tuairim Chaoilfhionn Nic Phóidín go bhfuil tionchar nach beag ag na drochstruchtúir cainte thuasluaite ar chaighdeán na Gaeilge scríofa: “Tá an deighilt ag leathnú in aghaidh an lae idir an teanga labhartha agus an teanga scríofa. Tá crapadh agus cúngú ar fhocalstór gníomhach an aosa óig, agus tá comhréir na gcriól nua ar míréir ó bhonn leis an teanga stairiúil is ábhar don chaighdeán scríofa” (Nic Phóidín, 2003: 123). É sin ráite, deirtear gur féidir le daltaí na botúin a dhéanfaidís sa Ghaeilge labhartha a sheachaint sa scríbhneoireacht (Maguire, 1992: 181) ach níos mó béime a chur ar chruinneas scríofa. Ní hamháin go bhfuil an Ghaeilge scríofa faoi ionsaí ag drochstruchtúir cainte, ach tá béim ar an nGaeilge labhartha, agus ar “líofacht” sna scoileanna lán-Ghaeilge. Glactar le tábhacht agus le príoracht na cainte, ach muna bhfuil cruinneas sa chaint ag an mbunleibhéal, beidh fadhbanna ag na daltaí san iar-bhunleibhéal.

### 3.18 Idirtheanga labhartha sa bhunscoil

Caithfear an bhéim seo ar labhairt na Gaeilge sa chomhthéacs bunscolaíochta a iniúchadh chun a thaispeáint go bhfuil an idirtheanga bailí ar shlite éagsúla.

Tá sé mar chuid orgánach den phróiseas sealbhaithe teanga: “Use of English words in Irish sentences is a very normal part of early naturalistic second language acquisition and is not a sign of any long-term problem” (DENI, 2002: 10). Is léir go bhfuil difríocht oillmhór idir dalta seacht mbliana d’aois a bhfuil *tá sé mise’s* sealbhaithe aige agus dalta deich mbliana níos sine



agus an struchtúr céanna ar a chuid cainte nó ina chuid scríbhneoireachta. Tá gá le tuiscint agus le foighne toisc gur minic a fheidhmíonn an cainteoir óg Gaeilge i bhfolús cumarsáide: “I gcás na Gaeilge, ní bhíonn timpeallacht bheo teanga mar thacaíocht ag an fhoghlaimeoir go minic, rud a fhágann a lorg go trom ar an fhuaimniú mar gurb iad lucht a gcomhaoise féin is mó a bhíonn mar eiseamláirí ag na foghlaimeoirí” (Ó Baoill, 1989: 9).

Chomh maith leis na deacrachtaí thuasluaite, is féidir aontú le Máirín Nic Eoin nuair a deir sí go bhfuil an idirtheanga seo úsáideach go litriúil mar idirtheanga “a bheidh ag clann Gaeilgeoirí sula ndéanann siad féin cinneadh comhfhiosach maidir leis an sórt dátheangachais ba mhaith leo a chleachtadh” (Nic Eoin, 2005: 335).

Tá an dearcadh thuasluaite baolach, áfach, ag an iar-bhunleibhéal. Toisc go bhfuil Béarla ag na daltaí go léir agus go dtuigeann siad a chéile “sroicheann na páistí caighdeán áirithe sa dara teanga agus de bharr cúinsí agus constaicí faoi leith, ní bhaineann siad caighdeán níos airde amach” (Ní Mhaoláin, 2005: 11). Gan aon bhrú, tá an baol ann nach bhfeabhsóidh Gaeilge an tumdala riamh agus nach dtuigfidh sé go bhfuil gá le feabhas. Aithníonn Liam Mac Mathúna an fhadhb seo: “Bíonn foghlaimeoirí na hidirtheanga breá sásta nuair a thuigeann siad a chéile. Ach ba cheart dóibh leanúint orthu ag foghlaim d’fhonn a bheith ábalta ar theagmháil go lánsásúil le muintir na Gaeltachta agus d’fhonn a bheith ábalta ar thaitneamh a thabhairt do litriocht na teanga” (Mac Mathúna, 1987: 50). An ardchaighdeán teanga nó modh cumarsáide an sprioc? Ní dóigh liom gur gá an dá rud a dheighilt glan óna chéile. Ardaíonn Steven O’Connor pointe an-spéisiúil nuair a deir sé “Communication needs to co-exist with grammatical accuracy. Indeed the quality of the communication is quite often determined by the level of grammatical accuracy” (O’Connor, 2002: 48).

### 3.19 Torthaí: cad leis ar féidir a bheith ag súil?

Tá cothromaíocht le baint amach idir aidhmeanna neamhréalaíocha don teanga sa chomhthéacs scoile ar thaobh amháin agus líofacht gan chruinneas ar an taobh eile. Má tá an chothromaíocht seo in éagmais, beidh impleachtaí ann do thodhchaí na teanga, ag an tríú leibhéal go háirithe. Tagraíonn Caoilfhionn Nic Pháidín agus Muirís Ó Laoire do chuid mhór “céimithe Gaeilge ag fágáil ollscoileanna anois gan cumas feidhmiúil acu i scríobh na teanga” (Nic Pháidín, 2003: 118; feic freisin Ó Laoire, 2004: 1). Seans gur cheart treoir teanga de chineál éigin a leagan síos do na scoileanna lán-Ghaeilge. Ba mhó a bheadh riachtanach ná polasaithe Gaeilge amháin, b’fhéidir.

Molann Nicholas Williams Caighdeán Cúng Gaeilge do na Gaelscoileanna. Sa chaighdeán seo, bheadh litriú caighdeánach, fuaimniú de réir lárchanúna, iarracht a bheith chomh simplí agus ab fhéidir. Deir Williams go dtabharfaidh “an Caighdeán Cúng bealach isteach go dtí an teanga ag an bhfoghlaimeoir óg” (Williams, 2002: 5). Más ar chumarsáid amháin a bheidh an bhéim agus muna mbíonn treoir teanga de shaghas éigin sna scoileanna, seans go ndéanfar caighdeán den ‘idirtheanga’. Cinnte gléas cumarsáide a bheidh san idirtheanga sa chiall is go dtuigfidh na cainteoirí a chéile:

Nach cuma? Tuigimid a chéile ar aon nós.  
Agus understandann muid.  
Sin mar atá a bhuaichaillí. Tá sé go léir worth it, ná tá?  
Tá  
Tá  
(Ó Muirthile, *The Irish Times*, 1999).

Níl aon amhras ach go bhfuil ann do dhúshlán. Aontaíonn gach duine 'go mbeidh sé worth it'!

### 3.20 An Ghaeilge sa siollabas

Ní féidir an Ghaeilge mar ábhar a phlé ach i gcomhthéacs siollabais ach is fiú go mór sin a dhéanamh ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Níl treoirlínte ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus níl scrúduithe éagsúla ann do lucht na Gaeltachta ná do lucht na gaelscolaíochta. Aithnítear go bhfuil difríocht ollmhór idir an Ghaeilge mar ábhar agus mar mheán (Ó Laoire, 2004: 47) ach muna bhfuil caighdeán ard ag daltaí sa Ghaeilge mar ábhar inti féin, ní féidir leo déileáil léi mar mheán.

Pléifear thíos le roinnt ceisteanna gaolmhara: an Ghaeilge mar ábhar sa siollabas comhtháite bunscoile (Gaelscoil agus gnáthscoil); easpa leanúnachais idir an Ghaeilge mar ábhar ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal; na fadhbanna le siollabas na Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal; caighdeán na Gaeilge scríofa sna scoileanna lán-Ghaeilge ag an dara leibhéal.

Ag an mbunleibhéal, tá na hábhair scoile go léir (an Ghaeilge ina measc) fite fuaite ina chéile agus á múineadh ag an aon mhúinteoir amháin de ghnáth; níl ceangal daichead nóiméad in aghaidh an lae don Ghaeilge ar an múinteoir. Sa siollabas comhtháite seo tá solúbthacht teanga ar leith ann, fiú sa ghnáthscoil. Sa Ghaelscoil “tá an teanga fite fuaite i ngníomhaíochtaí an pháiste nuair atá sé / sí ag súgradh le bríic, le gaineamh agus ag dathú” (Ní Mhaoláin, 2005: 10).

Níl an Ghaeilge mar mháthairtheanga ná mar theanga fhoghlamtha idirdhealaithe sa siollabas bunscolaíochta ach tá liosta spriocanna ann, spriocanna scríbhneoireachta ina measc. “Tabhair faoi deara an t-idirdhealú dúshlánach idir na spriocanna atá leagtha amach do ranganna a cúig agus a sé sna gnáth-bhunscoileanna agus a bhfuil le clúdach sa bhreis sna scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge” (Ó Laoire, 2004: 26). In ainneoin go bhfuil tuairim ann gur cheart don Roinn Oideachais siollabas difriúil a dhearadh don dá chineál dalta, glactar leis nach bhfuil an easpa idirdhealaithe seo róthromchúiseach ag an leibhéal seo; go pointe is foghlaimeoirí iad na páistí go léir agus níl scrúduithe móra le tabhairt fúthu sa bhunscoil. Chomh maith leis seo, tá cabhair ag scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag an leibhéal seo: d’fhoilsigh *Gaelscoileanna Teoranta* polasaí Gaeilge na mbunscoileanna lán-Ghaeilge, (*Ár bPolasaí Gaeilge*) i Samhain 2005, agus tá *Leideanna chun plean scoile a chur le chéile* nua-eisithe ag an PCSP (Primary Curriculum Support Service) ina n-aithnítear gur gá riachtanais teanga na bpáistí a thuiscint agus plean scoile á chur le chéile sna scoileanna thuasluaite, go háirithe má tá “páistí le Gaeilge ó dhúchas agus páistí gan mórán Gaeilge acu sa bhaile” (PCSP, 2004: 4) le bheith sa rang céanna.

Sa siollabas bunscolaíochta agus sna bunscoileanna lán-Ghaeilge go háirithe, cuirtear ollbhéim ar labhairt na teanga agus ar scileanna éisteachta a fhorbairt, ag aithint gurb iad na rudaí is tábhachtaí sa churaclam. Cabhraíonn an bhéim seo ar chaint le sealbhú na teanga don chéad cúpla bliain. Aithníonn lucht an tumoideachais go mbeidh an dara teanga míchruinn ag an dalta óg ar feadh seala, ach go mbeidh ar a chumas cumarsáid a dhéanamh le daoine eile: “Successful immersion programmes, such as those in Canada, are highly tolerant of pupils’ language and focus on communicative skill rather than grammatical correctness in the early stages” (DENI, 2002: 2). Is minic a éiríonn le lucht na nGaelscoileanna sprioc na heagraíochta *Gaelscoileanna Teoranta* a bhaint amach: is é sin go mbeadh daltaí rang a trí ag úsáid na “Gaeilge mar theanga chumarsáide ina measc féin nó sa chlós lasmuigh de na ranganna Béarla” (Ní Mhaoláin, 2005: 10). Luann Jim Cummins na slite ina gcabhraíonn an tumoideachas le forbairt teanga agus forbairt feasachta (awareness) na bpáistí, má tá leibhéal áirithe teanga bainte amach acu sa

dara teanga, an *threshold theory* (Ní Chaisil, 2002: 28). Má éiríonn le daltaí an leibhéal teanga seo a shárú, “the immersion programmes are also more likely to create the conditions that promote higher competence levels in L2” (DENI, 2000a: 28).

Ach caithfidh an múinteoir sa Ghaelscoil súil ghéar a choinneáil ar Ghaeilge labhartha na bpáistí. Muna bhfuil béim ar bith ar chruinneas, agus má leantar ar aghaidh gan Gaeilge na bpáistí a cheartú sna hardranganna, tá baol ann go n-imeoidh na daltaí i dtaithí ar a gcuid earráidí. Moltar Gaeilge na bpáistí a cheartú sna bunscoileanna lán-Ghaeilge (DENI, 2000a: 21) chun nach bhfanfaidh a gcuid Gaeilge i staid calctha gan feabhas ag teacht uirthi. Ceapann roinnt múinteoirí iar-bhunscoile gurb í an “b(h)éim iomlán ar labhairt na Gaeilge i roinnt de na bunscoileanna a spreagann easpa cruinnis – dodhéanta nach mór a leithéid a cheartú” (Ní Chaisil, 2000: 59) easpa cruinnis a oibríonn ar chaighdeán na Gaeilge scríofa chomh maith.

### 3.21 Caighdeán scríofa sa bhunscoil

Conas atá an caighdeán scríofa sa bhunscoil lán-Ghaeilge? Sa bhliain 2004, rinne Ó Siaghail agus Déiseach taighde ar chaighdeán na Gaeilge (na ceithre bhunscoil: scríbhneoireacht, léitheoireacht, labhairt agus éisteacht) sna bunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Rinne na taighdeoirí dhá ghrúpa de na ceithre scil thuasluaite; léitheoireacht agus scríbhneoireacht le chéile, agus éisteacht agus labhairt le chéile sna ranganna uile. Chuir siad na liostaí de chomharthaí cumais léitheoireachta agus scríbhneoireachta (naoi gcinn) chuig na múinteoirí in ord randamach, le cur in ord deacrachta. Coimeádadh na torthaí Gaeltachta agus gaelscolaíochta idirdhealaithe óna chéile d’fhonn na difríochtaí sa dá chóras a aithint (Ó Siaghail / Déiseach, 2004: 8).

Ag an rangleibhéal is cóngaraí don iar-bhunleibhéal (rang a sé) ba í an scil scríbhneoireachta ba bhunúsaí (dar leis na múinteoirí, uimhir a haon as naoi) ba cheart a bheith sealbhaithe ag an dalta: gur féidir leis “foirmeacha réasúnta simplí a líonadh le peannaireacht néata shoiléir (priontáil má iarrtar sin) agus le heolas cruinn” (Ó Siaghail/Déiseach, 2004: 38-39). Bhí meánscore de 6.12 as 9 i mbliain a sé (Ó Siaghail/Déiseach, 2004: 47) a léiríonn go bhfuil bunghramadach sealbhaithe ag 68% de na daltaí sa sampla, go bhfuil “saibhreas foclóra le feiscint in obair scríofa an dalta ar shaorthopaicí agus ar thopaicí a thugtar dó/di (ag baint úsáide as réimse leaganacha, briathra, aidiachtaí agus dobhriathra mar is cú)” (Ó Siaghail/Déiseach, 2004: 39). Ní raibh ach mionlach ar éirigh leo an scil scríbhneoireachta ba dheacra a shealbhú; go mbeadh an dalta in ann a chuid smaointe a chur in iúl

le scríbhneoireacht chruthaitheach ilghnéitheach, i nGaeilge líofa, agus ar chaighdeán maith cruinnis don rangleibhéal seo (scéalta, dánta, agallaimh bheirte, drámaí gairide agus eile; caighdeán maith cruinnis, is é sin, le claoninsint agus aimsirí formhór na mbriathra i gceart, go seachnaítear an chuid is mó de na botúin a ceartaíodh go minic sa rang, agus nach mbíonn mórán earráidí sa litriú)” (Ó Siaghail/Déiseach, 2004: 39).

### 3.22 Scileanna ag an Iar bhunleibhéal: cúrsaí leanúnachais

Fiú má tá cuid mhaith sealbhaithe ag dalta Gaelscoile nó gnáthscoile i rang a sé, is minic a thosaíonn deacrachtaí nuair a shroicheann sé/sí an dara leibhéal. Níl leanúnachas ar bith idir siollabas na bunscolaíochta agus siollabas na hiar-bhunscolaíochta. Cuireann Steven O’Connor sna téarmaí seo é: “ní léir dom aon iachall oifigiúil a bheith ar mhúinteoirí bunscoile cuntas a choimeád na neosfaidh don mhúinteoir meánscoile cad iad na céimeanna éagsúla agus na constaicí teanga atá sáraithe aige (an dalta?)” (O’Connor, 2003: 132). Anuas ar an easpa taifid agus cumarsáide seo, cuirtear béim níos treise ar an nGaeilge scríofa san iar-bhunscoil. Ach in ionad “a transition from school Irish to everyday Irish” (Mac Aogáin, 1990: 32) mar a bhí i gceist

a bheith ann, imíonn an Ghaeilge ón gcaint i dtreo na litearthachta agus na litríochta. Níl aon scrúdú cainte poiblí ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh (TS) (tá an rogha ag scoileanna scrúdú scoilbhunaithe a eagrú) d'fhonn an bhéim seo ar fhorbairt na scileanna scríofa a threisiú. Mar sin, níl aon slí ann chun scileanna cainte na ndaltaí a thomhas (na scileanna is tábhachtaí sa bhunchuraclam). Ina ainneoin sin, tá cur chun cinn na Gaeilge labhartha luaite go sonrach mar aidhm sa Siollabas Gaeilge don Teastas Sóisearach. Ba cheart daltaí ag ardleibhéal an TS a bheith “in ann comhrá a stiúradh bunaithe ar réimse leathan topaicí” (Roinn Oideachais agus Eolaíochta / NCCA, 1992b: 11).

Is beag ciall atá leis seo. Níl scrúdú cainte poiblí éigeantach mar chuid den Teastas Sóisearach, ach tá scrúdú cainte cuimsitheach ann ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ar an múinteoir Gaeilge Ardteistiméireachta daltaí a ullmhú do bhéaltríail na hArdteistiméireachta nuair nach bhfuil an teanga labhartha ag roinnt díobh ó rang a sé sa bhunscoil. Tá buntáiste na Gaeilge labhartha ag an dalta sa scoil lán-Ghaeilge, ach ní buntáiste é seo ag an dara leibhéal. Fiú le caighdeán ard sa Ghaeilge labhartha (a mholtar a bheith ag croílár na scoile lán-Ghaeilge) feictear go bhfuil béim níos treise ar na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta: “the testing of reading and writing abilities still accounts for more than 65% of the available marks” (O’Connor, 2002: 20). Arís ag an leibhéal seo, níl idirdhealú déanta idir an Ghaeilge mar mháthairtheanga, mar ábhar, agus mar mheán: “Tá trí ghrúpa idir lámha againn; daltaí na Gaeltachta, daltaí na nGaelscoileanna agus daltaí na ngnáthscoileanna, agus an scrúdú comónta á dhéanamh acu go léir” (Haslam, 2000: 43).

Is chun roinnt de na neamhréiteachtaí seo a phlé a d’eagraigh *Conradh na Gaeilge* seimineár oideachais, *Ceist na dTeangacha i gCóras Oideachais na hÉireann* ar an 14 Iúil 2005. Mhol *Conradh na Gaeilge* go mbeachtófaí “siollabas Gaeilge (a) don chainteoir dúchais agus (b) don fhoghlaiméoir”, chomh maith le dianchúrsaí feabhais sa Ghaeilge do dhaltaí a chuaigh ar scoil thar lear agus scrúduithe Stáit i mórtheangacha na bpobal inimirceach, (Mac Cárthaigh, 2005: 10).

### 3.23 Siollabais Gaeilge ag an Iar bhunleibhéal

Spreag an siollabas Gaeilge (don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht) an-chonspóid sa bhliain 2006: éilimh ón Aire Oideachais agus ón gCoimisinéir teanga chun níos mó béime a chur ar labhairt na teanga; forbairt pholasaí oideachais Chonradh na Gaeilge; agus polasaí Enda Kenny agus Fhine Gael i leith an tsiollabais. Mar a rinne an tAire Oideachais, lorg Kenny “siollabas iomlán nua, bunaithe ar an teanga labhartha (agus) modhanna nua múinteoireachta” (Kenny, *Foinse*, 2005). I bhfianaise “go bhfuil ag teip ar theagasc na Gaeilge sa chóras oideachais”, (Kenny, *Foinse*, 2005) mhol Kenny nach mbeadh an Ghaeilge mar ábhar Ardteistiméireachta éigeantach a thuilleadh. In ainneoin nach bhfuil an polasaí seo i bhfabhar le Gaeilgeoirí na tíre seo nó leis an Aire Oideachais, ní féidir neamhaird a dhéanamh de thábhacht na díospóireachta, (thug *Foinse* “mórcheist 2006” (Foinse 2005) uirthi). Nochtann an cheist seo géarchéim an tsiollabais Ghaeilge, géarchéim a eascraíonn as sraith chontrárthachtaí.

### 3.24 Siollabas agus spriocanna Gaeilge AT

In ainneoin nach bhfuil scrúdú nó cúrsa ar leith ann do na grúpaí éagsúla d’fhoghlaiméoirí, leagann siollabas na hArdteistiméireachta spriocanna difriúla teanga amach do na trí dhream. Ba cheart go mbeadh na daltaí “ar cainteoirí dúchais iad (in ann) an teanga a úsáid le barr cuannachta agus sofaisticiúlacht” (Roinn Oideachais agus Eolaíochta / NCCA, 1997: 38). Agus ba cheart go mbeadh na daltaí “nach cainteoirí dúchais iad (in ann) an teanga a insealbhú i dtreo is go mbeidh siad lán-inniúil ar chumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge” (Roinn Oideachais agus

Eolaíochta / NCCA, 1997: 38) bunaithe ar úsáid fheidhmiúil na teanga agus ar chumarsáid “ní hamháin i gcás na teanga labhartha, ach san éisteacht/cluastuiscint, sa léamh agus sa scríobh chomh maith” (Roinn Oideachais agus Eolaíochta / NCCA, 1997: 2). Chomh maith le cumarsáid, lorgaíonn an siollabas Ardteistiméireachta (ag an ngnáthleibhéal agus ag an ardleibhéal) go múintear feasacht teanga do na daltaí, go n-aithneoidh siad “rudaí suntasacha faoin nGaeilge óna gcuid eolais ar an mBéarla agus ar na nuatheangacha, mar shampla an briathar ag tús na habairte, córas éagsúil deilbhíochta” (Roinn Oideachais agus Eolaíochta / NCCA, 1997: 40). Dar le lucht an tsiollabais, eascraíonn cruinneas teanga as feasacht teanga:

Bíonn míthuiscintí (labhartha agus scríofa) bunaithe go minic ar na bun dhifríochtaí comhréire, litrithe, foclóra idir an dá theanga (Gaeilge agus Béarla). Má bhíonn deis ag daltaí na difríochtaí seo a phlé sa chéad áit, tá gach seans ann go dtiocfaidh feabhas ar a gcruinneas dá bharr” (Roinn Oideachais agus Eolaíochta / NCCA, 1997: 11).

Anuas ar an ngramadach, luaitear an fheasacht teanga le ‘gnéithe mar iad seo; saibhreas foclóra, beannachtaí, an Ghaeltacht, teaghlaiigh lán-Ghaeilge, Athbheochan na Gaeilge 7rl’ (Roinn Oideachais agus Eolaíochta / NCCA, 1997: 11). Agus na daltaí ag foghlaim, sealbhóidh siad roinnt de na nithe thuasluaite go huathoibríoch sa rang Gaeilge. Tá modúil feasachta ar leith á moladh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun “díriú ar mhodheolaíocht d’fheasacht teanga agus do chumas labhartha” (Miontuairiscí CNCM, 06.04.05). Tá an cúrsa Gaeilge Ardteistiméireachta lán cheana féin le cúrsa litríochta atá, dar le múinteoirí, míshásúil, “ba léir an-mhíshástacht ar an mórlach le faid an chúrsa litríochta” (Ó Murchú, 2002: 48) agus lán leis an iliomad rudaí le déanamh ag an múinteoir Gaeilge. In ainneoin na bhfíricí thuasluaite, bheadh cúrsa feasachta den chineál a moladh an-fhiúntach, (sna scoileanna lán-Ghaeilge ach go háirithe). Toisc brú ama ar an múinteoir Gaeilge, áfach, chaithfeadh cúrsa mar é a bheith praiticiúil agus nasctha go dlúth leis an scrúdú.

### 3.25 Caighdeán scríbhneoireachta san Iar bhunscoil

Agus an bhéim ar scileanna scríbhneoireachta, cén caighdeán a éilíonn an siollabas Gaeilge ón dalta iar-bhunscoile sa ghnáthscoil agus sa Ghaelscoil? Níl mórán scríofa faoi chaighdeán na Gaeilge scríofa san iar-bhunscoil ó dheas agus tá níos lú fós ar fáil ar an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá cúpla fáth leis seo: mar a luadh cheana, tá claonadh ollmhór sna scoileanna go léir, scoileanna lán-Ghaeilge ach go háirithe, smaoiniamh ar chúrsaí cumarsáide i dtéarmaí cainte amháin, rud nach bhfuil locht air sna bunscoileanna, ach gur gá a leathnú amach ag an iar-bhunleibhéal. Feiceann Antoin Ó Dubhghaill an claonadh céanna sna gnáthscoileanna:

gan amhras glactar leis gur cóir an bhéim a chur i dtús báire ar an gcomhrá agus ansin ar an léitheoireacht, ach go bhfuil fiúntas ag baint le scil na scríbhneoireachta mar ghné tacaíochta do na scileanna thuas agus freisin go bhfuil tairbhe inti féin mar scil ar leith” (Ó Dubhghaill, 1983: 98).

Nuair nach bhfuil go leor béime ar chaighdeán na Gaeilge scríofa, bíonn fadhbanna sna scrúduithe. Mar a dúirt Steven O’Connor agus é ag tagairt don easpa gramadaí i nGaeilge scríofa na scoileanna:

nach rí-ait an scéal é go bhfuil foghlaimeoirí Ardteiste ag cumadh aistí ar ábhair tromchúiseacha ar nós an chiníochais mar shampla, ach go bhfuil ag teip orthu ag an am céanna máistreacht a bhaint amach ar cheann de na briathra is bunúsáí dá maireann in aon teanga (an chopail) (O’Connor, 2000: 141).

Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh, feicimid dearcadh na Roinne Oideachais. Ar lámh amháin, molann an siollabas tuiscint do na daltaí sóisearacha nach bhfuil cruinneas iomlán bainte amach acu: “Is féidir glacadh leis go mbeidh na chéad iarrachtaí a dhéanfaidh na daltaí lochtach ó thaobh ghnásanna na Gaeilge de. Níor cheart ligint do bhotúin a bheith ina mbac ar dhul chun cinn an ranga” (Roinn Oideachais agus Eolaíochta / NCCA, 1992b: 28). Níor léirigh an Príomhchigire Gaeilge ach frustrachas ina thuairisc faoin nGaeilge sa Teastas Sóisearach sa bhliain 2000; ‘Bhí caighdeán na Gaeilge go huafásach. Lochtanna coitianta: easpa foclóra, Béarla á úsáid, drochghramadach, droch-chomhréir, drochlitríú. Bhí clonadh i mbliana, níos mó ná mar a bhí le blianta beaga anuas, dul i muinín an Bhéarla’ (Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000: 13).

Arís ag leibhéal na hArdteistiméireachta, in ainneoin go dtuigtear go bhfuil ‘idirtheanga’ á labhairt agus á scríobh ag na daltaí agus dá bharr “nár cheart go mbeadh múinteoirí ag síorcheartú earráidí a eascraíonn as an idirtheanga seo” (Roinn Oideachais agus Eolaíochta / NCCA, 1997: 20), lorgaítear ardchaighdeán sa Ghaeilge scríofa. Ba chóir go mbeadh “daltaí Ardleibhéil ach go háirithe (in ann) an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh le cruinneas agus le beachtas” (Roinn Oideachais agus Eolaíochta / NCCA, 1992a: 20). Ní léir uaidh seo cé acu is tábhachtaí, cruinneas nó cumarsáid. Ní díospóireacht nua é seo: fiú sa Bhéarla, ar máthairtheanga é ag an gcuid is mó de dhaltaí scoile na tíre seo “Aithnítear go bhfuil fadhbanna ag daltaí maidir le cruinneas teangan sa Bhéarla” (Ní Chaisil, 2000: 72) idir teanga an déagóra a bheith in úsáid acu agus síorthéacsáil na bhfón pócaí.

Deir Muiris Ó Laoire go bhfuil “An Ghaeilge sa chóras oideachais á samhlú le fada le deacrachtaí agus le dúshlán ó thaobh an chaighdeáin teanga a bhíonn ag daltaí ar chríochnú a gcuid oideachais iar-bhunscolaíochta dóibh” (Ó Laoire, 2004: 1), ach ní dhéanann sé idirdhealú idir an caighdeán labhartha agus an caighdeán scríofa. Is ar labhairt na Gaeilge mar bhunscoil nach bhfuil sealbhaithe i gceart a dhíríonn an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Curraoin sa Tuarascáil Bhliantúil 2005. Luann sé an “easpa líofachta sa teanga a bheith buanaithe san oiread sin d’fhostaithe an státchórais, go háirithe i bhfianaise na hinfheistíochta atá déanta i múineadh na Gaeilge i gcóras oideachais na tíre” (Ó Curraoin, 2005: 6), agus lorgaíonn sé díospóireacht thomhaiste ar an gceist seo. Aontaítear gur ceart “go mbeimis buartha muna bhfuil an teanga á seachadadh i gceart tríd an gcóras oideachais”, toisc ról a bheith ag an gcóras oideachais maidir le hoidhreacht chultúir “a sheachadadh agus a sheoladh ó ghlúin go glúin trí mheán na teanga” (Ó Laoire, 2004: 1). Beidh sé spéisiúil féachaint cad a thiocfaidh as an díospóireacht seo. Seans go mbeidh béim níos láidre curtha ar an nGaeilge labhartha ag an iar-bhunleibhéal.

Le cúrsaí siollabais mar atá siad, ba cheart go teoiriciúil go mbeadh an dalta Ardeiste lán d’fheasacht mheitheangeolaíoch, de mhuinín as féin, agus go mbeadh sé cumasach go leor chun a chuid earráidí Gaeilge a shárú le dianchleachtadh. An bhfuilimid ag súil leis an iomarca ó dhaltaí scoile, daltaí ó na scoileanna lán-Ghaeilge ach go háirithe?

Ba cheart go mbeimis ag súil le caighdeán níos airde sa Ghaeilge scríofa sna scoileanna lán-Ghaeilge. Luann Muiris Ó Laoire spríocanna breise do scoileanna trí mheán na Gaeilge sa mhéid a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i dtaca leis an siollabas nua bunscolaíochta (1999). Níl aon mholtaí ann do na scoileanna Gaeilge ag an dara leibhéal, ach tuigtear go bhfuil deiseanna cumarsáide agus comhthéacs cumarsáide ag daltaí sna scoileanna thuasluaite nach bhfuil ag a gcomhscoláirí sna scoileanna Béarla. Mar sin bíonn “fíorshuímh chumarsáide ar fáil d’fhoghlaimoirí (sna scoileanna lán-Ghaeilge) ó thus deireadh an lae” (Ó Laoire, 2004: 25). Sealbhaíonn siad an Ghaeilge róghasta: “Bíonn Gaeilge líofa acu sula mbíonn Gaeilge chruinn acu” (Ní Chaisil, 2000: 66). Is í tuairim Fhionnuala Ní Chaisil gur gá do mhúinteoirí a bheith réalaíoch “is léir ó thaobh tuairim na múinteoirí de nach mbaineann ach líon bheag daltaí

ardchumas téarmaíochta amach le linn a saol scoile” (Ní Chaisil, 2000: 49).

Ní féidir, ach oiread, neamhshuim a dhéanamh den ghrá don teanga atá mar chroí na Gaelscolaíochta. Ceapann formhór na múinteoirí ag an iar-bhunleibhéal go dtagann cruinneas sa teanga scríofa agus téarmaíocht chuí tar éis grá. Ach muna mbaineann ach líon fíorbheag daltaí saibhreas téarmaíochta scríofa amach ina dtréimhse scoile, rud a cheapann Steven O’Connor a bheith fíor (O’Connor, 2002: 49), ní leor an grá ann féin sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

### 3.26 Dúshláin: Oiliúnt don tumoideachas

In ainneoin go n-aithnítear “prionsabal luachmhar oideachasúil an tumoideachais lán-Ghaeilge” (*Conradh na Gaeilge*, 2006: 67), agus go luann an tAire Oideachais go bhfuil Gaelscoil i ngach contae den chéad uair riamh agus “nach raibh íomhá chomh dearfach ag an teanga riamh agus atá faoi láthair” (Hanafin, Foinse: 2005), tá deacracht ann maidir le traenáil múinteoirí san earnáil tumoideachais. Míníonn Gabrielle Nic Uidhir an scéal ó thuaidh “Irish-medium teachers at nursery and primary level receive no specialised training to prepare them for teaching through that medium” (Maguire, 1992: 242). Sa tábla thíos, feictear an traenáil atá á soláthar do lucht an tumoideachais ag na cúrsaí coláistí oiliúna ó dheas. Tá rogha ag gach mac léinn scoil lán-Ghaeilge nó Gaeltachta a roghnú do chleachtadh múinteoireachta.

#### Tábla 3.

Traenáil tumoideachais do mhúinteoirí bunleibhéal sna coláistí oiliúna

Ainm an Choláiste	Coláiste Phádraig	Coláiste Eaglais na hÉireann	Coláiste Mhuire	Coláiste Mhuire gan Smál	Coláiste Froebel
Suíomh an Choláiste	Droim Conrach, BÁC	Ráth Maoinis, BÁC	Marino, BÁC	Luimneach	An Charraig Dhubh, BÁC
	Cúrsa roghnach 46 uair	Níl aon soláthar faoi láthair. Bhíodh cúrsa tofa 42 uair ann go dtí 2003, ach ní raibh éileamh air.	Sna léachtaí d’ábhair Churaclaim eile. Lánchead ag an dalta na scrúduithe bliantúla a dhéanamh trí Ghaeilge.	Cúrsa roghnach 52 uair le tosú i Meán Fómhair 2006. Lánchead mionmhúinteoireacht a dhéanamh trí Ghaeilge sa chéad bhliain.	Modúl 21 uair.

I bhfianaise gurb é “an múinteoir an príomhacmhainn Gaeilge, an t-aon chainteoir líofa i ndomhan an pháiste ar scoil, sa bhaile, sa phobal” (Ní Mhaoláin, 2005: 14) ag an leibhéal seo, is ríléir go bhfuil géarghá leis an traenáil seo. Is mór an t-ionadh nach bhfuil éileamh ar bith ar an gcúrsa tumoideachais i gColáiste oiliúna amháin. Nochtann an easpa éilimh seo fadhbanna feasachta agus margaíochta.

Anuas ar inseirbhís sa bhreis agus “Regular refresher courses on grammatical and phonological aspects of the Irish language... welcomed as part of a support service for the teachers themselves” (Maguire, 1992: 242), tá géarghá le cur ina luí ar mhúinteoirí (a) go bhfuil cúrsaí traenála tumoideachais ar fáil agus (b) gur fiú tabhairt fúthu. Ach pé staid leochaileach ina bhfuil na bunmhúinteoirí, feicimid go bhfuil bearna mhór sa soláthar traenála don mhúinteoir tumoideachais ag an iar-bhunleibhéal.

Le réimse leathan ábhar agus easpa téacsleabhar ag an leibhéal seo, tuigtear nach féidir freastal ar riachtanais na mac léinn seo go héasca. In ainneoin go gcuireann Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, cúrsa Dioplóma Iarchéime san Oideachas ar fáil do mhic léinn trí mheán na Gaeilge, níl sé dírithe ar an tumoideachas *per se*.

Is minic a bhíonn impleachtaí ag an easpa traenála seo ar chaighdeán na múinteoirí sna scoileanna thuasluaite, ach bíonn dualgas faoi leith ar an scoil féin agus ar an mBord

Bainistíochta, mar fhostóir, múinteoirí oilte gairmiúla a roghnú. Ní féidir leis an scoil múinteoir le cáilíocht tumoideachais a fhostú (toisc nach bhfuil a leithéid ann) ach is múinteoirí a bhfuil ardchaighdeán sa Ghaeilge acu atá riachtanach d'fhonn "líofacht a chothú sa pháiste" (Ní Mhaoláin, 2005: 14). Is í an fhadhb nach bhfuil an duine oiriúnach ar fáil i gcónaí (ag an mbunleibhéal nó ag an iar-bhunleibhéal) ach arís tá an fhadhb níos measa ag an iar-bhunleibhéal. Tá sé thar a bheith deacair teacht ar mhúinteoirí (sna hábhair matamaiticiúla ach go háirithe) a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu. Ní leor do na múinteoirí seo ardchaighdeán Gaeilge a bheith acu, ach caithfidh siad a bheith in ann an Ghaeilge a úsáid chun na hábhair eile a mhúineadh: "It is not enough merely to be proficient in the language. The teacher must be able to use the language to teach content matter" (Troike agus Saville-Troike luaite in Ní Chaisil, 2000: 27). Ba cheart múinteoirí a thuigeann foghlaim an dara teanga a earcú "ionas nach gcuirfí aon bhac ar thimpeallacht iomlán Ghaelach a chruthú taobh istigh de gheataí na scoile (Ní Mhaoláin, 2005: 17). Chomh maith leis sin, caithfidh sé nó sí a bheith in ann foclóir agus friotal, a bhaineann leis an ábhar, a fhorbairt, uaireanta nuair nach bhfuil téarmaíocht chinnte ann agus nuair atá Gaeilge chasta, mhínáidúrtha sna téacsleabhair (Ní Chaisil, 2000: 29).

Fiú le gnáthmhúinteoir Gaeilge á earcú ag scoil, tá siad ag dul sa tseans "when it is currently possible for a teacher to be awarded his/her teaching qualification despite having failed the Irish language methodology section in the terminal examination". Ní haon ionadh go léirítear 'míshástacht leanúnach i leith chaighdeán teagaisc na teanga" (Ó Conchubhair, 2000: 127). Mhol an CNCM le déanaí gur gá dul i ngleic leis an bhfadhb seo (Miontuairiscí CNCM, 06.04.05).

Is léir gur gá go mbeadh gach múinteoir sa Ghaelscoil nó sa scoil lán-Ghaeilge líofa sa Ghaeilge agus sásta í a labhairt. In ainneoin go bhfuil an-chuid múinteoirí mar sin, aithnítear go bhfuil scoileanna ann mar nach bhfuil Gaeilge líofa ag an bhfoireann iomlán. Muna bhfuil cruinneas agus líofacht i measc na múinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge, cinnte ní bheidh na tréithe sin le cloisteáil i nGaeilge na bpáistí.

### 3.27 An ghramadach agus an tumoideachas

Creideann Steven O'Connor go n-eascaíonn an-chuid fadhbanna leis an nGaeilge sa seomra ranga as an slí ina múintear gramadach na Gaeilge (O'Connor, 2002: 10). Go traidisiúnta, bhí dhá champa ann; lucht na gramadaí a mhínigh an Chopail agus an Tuiseal Ginideach don dalta gan na feidhmeanna cumarsáide a lua, agus lucht na cumarsáide a chinntigh go raibh cumas labhartha agus scríofa réasúnta ag daltaí, ach nach raibh a gcuid Gaeilge cruinn (O'Connor, 2002: 10). Tá gá le múineadh na gramadaí i gcomhthéacs cumarsáide.

Molann O'Connor *Focus on Form* (nó FonF mar a thugann sé air) mar chomhréiteach fiúntach, "a procedure that overtly draws students' attention to linguistic elements as they arise incidentally in lessons whose overriding emphasis is on meaning or communication" (O'Connor, 2002: 25). Leis an modheolaíocht FonF, maíonn O'Connor gur féidir nach amháin an chopail a mhúineadh, ach "the usual suspects like the genitive case, nominal mutations, the counting rules, relative clauses and prepositions/prepositional pronouns" (O'Connor, 2002: 49). Molann Krashen an cur chuige céanna (DENI, 2000a: 21). Tá córas O'Connor gaolta le teoiric funcsin/nóisin a bhí á cur chun cinn ag Ó Murchú, Singleton agus Little i siollabas d'fhoghlaimoirí fásta sna hochtóidí: "Explicit teaching of grammar should arise from rather than precede the teaching of communicative functions... learners are more successful when their primary focus is on receiving and transmitting meaning through their target language rather than on the forms of the language" (Little, Singleton, Ó Murchú, 1985: 3). Cuirtear béim anseo ar fheidhm chumarsáideach (tasc), ar an gcoincheap ginearálta agus an coincheap sonrach taobh thiar den tasc, nóisean ginearálta agus nóisean



sonrach, chun go dtuigfidh an foghlaimeoir an rud atá á shealbhú aige / aici.

An t-aon mhíbhuntáiste a bhaineann leis an gcóras FonF nach féidir le haon duine ach an múinteoir Gaeilge (mar ábhar san iar-bhunscoil) leas a bhaint as. Ní bheadh sé praiticiúil do mhúinteoirí staire, tíreolaíochta nó mata sna Gaelscoileanna ná sna scoileanna lán-Ghaeilge, agus curaclam iomlán á mhúineadh acu trí mheán na Gaeilge, laige a aithníonn O'Connor.

### 3.28 Moltaí

Léitear an cúpla moladh céanna arís is arís eile sna cáipéisí agus sna leabhair.

### 3.29 Plean Scoile

Molann Gaelscoileanna plean scoile chun labhairt na Gaeilge a fhorbairt: “Is í an Ghaeilge bunchloch na scoileanna agus is iad na páistí croílár na gaelscolaíochta. Is orthu siúd atáimid ag brath chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile” (Ní Mhaoláin, 2005: 7). Bheadh an plean scoile seo bunaithe ar riachtanais chumarsáide na bpáistí, le ceachtanna ar na botúin is comónta ina gcuid cainte. Tá an dréacht-pholasaí seo thar a bheith luachmhar, ach tá géarghá le hé a leathnú amach go dtí na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

### 3.30 Polasaí Scoile

Tuigeann na scoileanna uile go bhfuil gá le dea-chleachtas agus le straitéisí cruthaitheacha chun an Ghaeilge labhartha a neartú iontu, mar atá déanta in dhá cheann de na scoileanna lán-Ghaeilge a ghlac páirt sa taighde seo: cúrsaí gramadaí do na ranganna sóisearacha i gColáiste Cois Life, Leamhcán, agus dianfheachtas teanga i gColáiste Eoin, Baile Átha Cliath. Idir an dá pholasaí sin, tá béim ar chruinneas agus ar líofacht, agus is léir go bhfuil an dá rud ag teastáil i bpolasaí fiúntach. Má tá polasaí doiléir ag scoil i leith na Gaeilge, tá gach seans ann go mbeidh mearbhall ar na daltaí agus go gcaillfidh siad suim sa teanga. “Chabhródh sé le daltaí dá mbeadh múinteoirí uile na scoile ag leanúint aon pholasaí teanga amháin sa scoil” (Ní Chaisil, 2000: 74). Caithfidh an polasaí a bheith tomhaiste: “Má mhóthaíonn na daltaí go bhfuil an teanga á brú orthu ní bheidh siad sásta í a labhairt” (Ní Chaisil, 2000: 65).

### 3.31 Aitheantas agus tacaíocht don earnáil

In ainneoin go bhfuil níos mó ná 33,000 dalta ag an dá leibhéal sa dá chontae is tríocha ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge agus go bhfuil líon na nGaelscoileanna agus na ndaltaí iontu ag fás in aghaidh na bliana, tá an scoilphobal réasúnta beag fós, thart ar 5% de dhaltaí na tíre seo. Sa mhéid is go bhfuil rud eisceachtúil ar súil ag na múinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge, tá gá le haitheantas agus le tacaíocht. Le halt 31 den Acht Oideachais 1998, tá an rialtas tar éis roinnt tacaíochta a léiriú, ach tá breis ag teastáil: “Tá cláracha inseirbhíse agus íonghairme ag teastáil ó mhúinteoirí sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, cláracha maidir le insealbhú teanga, múineadh sa dara teanga 7rl” (Ní Chaisil, 2000: 26).

### 3.32 Cúrsaí téarmaíochta

Tá fadhbanna téarmaíochta ag an dara leibhéal, ach go háirithe: feictear téarmaíocht éagsúil in úsáid sna téacsleabhair, sna páipéir scrúduithe agus sna seomraí ranga. Tá an téarmaíocht chruinn ar fáil, ach caithfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta é a chaighdeánú. Ba mhaith le Fionnuala Ní Chaisil go mbeadh “dianchúrsa le téarmaíocht sna hábhair éagsúla” (Ní Chaisil, 2000: 66). Anuas ar théarmaíocht, tá fadhb na dtéacsleabhar ann. Is minic a chloistear na focail ‘leadránach, leamh agus dothuigthe’ mar chur síos ar na téacsleabhair sna scoileanna lán-Ghaeilge. Tá seo ag athrú de réir a chéile; tá an eagraíocht, a bunaíodh faoi alt 31 den Acht Oideachais 1998, *An Chomhairle um*

*Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), ag obair ar théacsleabhair nua do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge faoi láthair; tá liosta an-chuimsitheach d'fhoilseacháin Ghaeilge ar fáil ar <http://www.cogg.ie/aiseanna/aiseanna.aspx>.*

### 3.33 Cúrsaí taighde

Chomh maith leis na deacrachtaí praiticiúla thuasluaite, tá ganntanas taighde ag an dara leibhéal maidir le dátheangachas, agus maidir le scileanna scríbhneoireachta ach go háirithe. Pléann aon taighde atá ann cheana féin leis an nGaelscolaíocht ó thuaidh, leis na bunscoileanna, leis an nGaeilge labhartha nó le meascán de na trí rud sin.

### 3.34 Feidhm lasmuigh den scoil

Ach tá dúshlán i bhfad níos mó ná na cinn thuasluaite roimh na scoileanna lán-Ghaeilge, ag an dara leibhéal ach go háirithe. Má lorgaítear Gaeilge chruinn ó dhaltá na scoileanna lán-Ghaeilge, caithfear a thaispeáint dóibh go bhfuil sí ábhartha mar theanga, gur féidir í a úsáid lasmuigh den scoil agus sna blianta tar éis scoile. Aithnítear an gá sna scoileanna lán-Ghaeilge le deiseanna cumarsáide a chruthú, le cúlra agus comhthéacs Gaeilge a sholáthar. Ceapann Eoghan Mac Aogáin nach bhfuil an sprioc sin bainte amach ag na scoileanna lán-Ghaeilge:

*The argument that students taught everyday Irish will be more likely to participate in whatever little Irish exists outside the school is fallacious too, since it is chiefly motivational and social factors which determine language use outside the school, not less levels of competence, and still less the kind of Irish taught. This is why we have a growing sub-population of people who had all-Irish education and never speak a word of Irish (Mac Aogáin luaite in Ó Laoire, 2004, 44).*

Ginearálú atá anseo; tá scoileanna lán-Ghaeilge ann nach bhfuil comhphobal teanga mórthimpeall orthu agus tá an-chuid scoileanna tar éis oibriú go mór ar an gceantar mórthimpeall orthu ó thaobh na Gaeilge de (Baile Munna, nó Leamhcán mar shampla le clubanna óige, ranganna damhsa 7r1).

Ar deireadh, luíonn an cinneadh teanga, le linn na tréimhse scolaíochta, agus ina dhiaidh, leis an dalta féin, agus ní rachaidh aon pholasaí scoile nó stáit i bhfeidhm ar dhaltá nach bhfuil sásta an Ghaeilge a úsáid. Luaigh Ó Leidhin gur cheap 68% de na daltaí a cheistigh sé go n-úsáidfeadh siad an Ghaeilge “occupationally or socially in their future lives” (Ó Leidhin luaite in Ní Chaisil, 2002: 25), rud a léiríonn dúinn go bhfuil dóchas ann. Seans go sroichfidh daltaí caighdeán níos airde sa Ghaeilge labhartha agus sa Ghaeilge scríofa má cheapann siad go bhfuil feidhm phraiticiúil léi.



## Anailís ar na hearráidí sna haistí

### 4.1 Catagóirí míchruinnis na n earráidí a chur le chéile

I gcoitinne, is coincheap teibí go leor é measúnú cruinneas teanga, ach – go háirithe i bhfianaise a bhfuil pléite sa chaibidil roimhe seo - tá sé níos deacra fós i gcás na Gaeilge. Samplaí air sin is ea an dá shliocht thíos a scríobh beirt sa rang céanna, leis an gcúlra teanga céanna ach le stíleanna éagsúla scríbhneoireachta agus le caighdeáin éagsúla cruinnis.

#### Sampla 1

Go hindíreach, tá fadhb na coiriúlachta ag síorardú. Gach deireadh seachtaine bíonn cás éigin d'ionsaí foréigneach á phlé ar an nuacht, nó bagairt de robáil, éagnú nó coirloscadh fiú... ní haon ionadh é gur léirigh taighde ó ghrúpa slándála lonnaithe i mBaile Átha Cliath le déanaí, go mothaíonn breis is daichead faoin gcéad d'áitritheoirí na príomhchathrach nach bhfuil siad sábhálta ar shráideanna an bhaile a thuilleadh.

#### Sampla 2

“Yeah Mike, Yeah bhí sé”. Bhíomar cairde óna bhíomar óg, an triúir againn, Mise, Sinéad agus Mike. Bhí chónaíomar ar an bother céanna, chuamar chuig an bunscoil céanna, d'fhásamar le cheile. Ach i gcónaí, bhí Mike difriúil – ag iarraidh gach rud a dhéanamh, níos mó ná aon duine eile. An crann is airde a dreapadh agus léimt uaidh ag an ndeireadh. Bhris sé a chos ach ní fhaca mé níos sásta leis féin riamh.

### 4.2 Earráidí agus botúin

Chun cruinneas teanga a thomhas, caithfear teacht ar shainmhíniú den saintéarma *earráid*. Ina dhiaidh sin, caithfear na hearráidí is coitianta a aithint, a bhailiú agus a rangú in ord minicíochta chun gur féidir eiseamláir a leagan amach. Ní hamháin sin, ach tá sé riachtanach scrúdú a dhéanamh ar na fáthanna a dtagann na hearráidí céanna chun solais chomh minic. Is obair phraiticiúil bhailí í seo. Cabhróidh sí le múinteoirí teacht ar shlite chun na hearráidí a aithint. Beidh siad in ann daltaí a chur ar an eolas fúthu agus is féidir le múinteoirí agus daltaí araon teacht ar bhealaí chun iad a cheartú.

Cad is earráid ann? Agus an ionann í agus botúin? Míníonn Larsen-Freeman agus Long: “Whereas a mistake is a random performance slip caused by fatigue, excitement, etc. and therefore can be readily self-corrected, an error is a systematic deviation made by learners who have not yet mastered the rules of the L2” (Larsen-Freeman agus Long, 1991: 59). Tá sé soiléir ó chuid mhaith den obair a bailíodh nach botúin a bhí sna samplaí scríofa ach earráidí, is é sin, rialacha gramadaí nach raibh sealbhaithe i gceart. I gcuid mhaith cásanna, áfach, ba léir gur thuig dalta an riail: scríobh dalta amháin “I rith na hoíche” i gceart faoi thrí, ach ansin “I rith an oíche” uair amháin.

Nuair a thosaigh Tomás Ó Domhnaillán agus Dónall Ó Baoill ar anailís a dhéanamh ar **Earráidí Scríofa Gaeilge** (1978, 1979, 1981) roghnaigh siad An Caighdeán Oifigiúil mar shlat tomhais:

...Mura mbeadh an caighdeán sin ann, nó caighdeán eile mar é, bheadh orainn féin noirm dár gcuid féin a bhunú sula bhféadfaimis idirdhealú a dhéanamh idir an rud ab earráid ann agus an rud nárbh ea. D'oir sé dúinn, mar sin, an caighdeán oifigiúil a bheith ann agus ghlacamar leis mar norm: mar sin bhí an leabhar *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil, 1968* mar lámhleabhar treorach againn. Aon fhocal, nó aon fhoirm d'fhocal, ar tháingamar air, nach raibh de réir na dtreoracha sa leabhar sin ghlacamar leis mar “earráid”.

Tá nithe áirithe códáilte mar earráidí, dá bhrí sin, nach earráidí iad dáiríre, nithe nach bhfuil iontu ach tréigean treorach, mar adéarfá. Tá na nithe sin aicmithe againn leo féin ionas go bhfuil eolas cinnte le fáil anois don chéad uair riamh ar eilimintí don chaighdeán oifigiúil nach bhfuiltear ag glacadh leo ag an aos foghlama tar éis don chaighdeán a bheith i réim le 20 bliain, beagnach. Ní le litriú amháin a bhaineann na “hearráidí” caighdeáin sin; baineann siad freisin le deilbhíocht, le séimhiú agus le hurú, le déanamh comhfhocail, le húsáid na huaschamóige agus mar sin de. (1978: 14)

Is é an Caighdeán Oifigiúil an “norm” atá sa taighde seo freisin.

Chun na hearráidí is coitianta agus is bunúsaí i measc na bhfoghlaimeoirí a mheas, caithfear tábla cruinnis a dhearadh bunaithe ar fhadhbanna le comhréir agus le struchtúr na teanga. Bhí múnla oiriúnach ann sa tríú cuid den anailís thuasluaite a rinne Dónall Ó Baoill ar thorthaí scrúduithe Gaeilge na hArdeistiméireachta 1975, **Earráidí Scríofa Gaeilge – Cuid III, Réamhfhocail agus Comhréir** (1981). Ba é sainmhíniú Uí Bhaoill ar “earráidí comhréire ná earráidí a bhaineann le húsáid dhá fhocal nó níos mó le chéile i bhfrása nó in abairt” (Ó Baoill, 1981: 248). Thíos tá an tábla tomhais a chuir Ó Baoill le chéile bunaithe ar an sainmhíniú seo aige (feic Tábla IV thíos).

#### Tábla 4.

Catagóirí  
Míchruinnis  
Uí Bhaoill  
Earráidí  
Comhréire

##### Catagóirí Míchruinnis Uí Bhaoill – Earráidí Comhréire

Focail aonair (eisceachtaí ar nós *tá* in áit *is* – an chopail)

Aistriúchán ón mBéarla

Focail / frásaí ar lár

Focail / frásaí as ord / in áit a chéile

Tá / Is (an chopail)

Frásaí / focail atá míchruinn nó mí-oiriúnach

Caint dhíreach / indíreach

An clásal coibhneasta (úsáid ‘le’ in ionad chláisail choibhneasta)

Briathar saor / comhaimsirí mí-úsáidte

Focail athraithe gan ghá

Briathar agus réamhfhocail

(Ó Baoill, 1981: 248)

Mar iomlánú breise ar na hearráidí thuasluaite, baineadh leas chomh maith as liosta d’earráidí a dhréachtaigh Éamonn Ó Dónaill bunaithe ar Ghaeilge labhartha na Gaeltachta (Tábla V).

#### Tábla 5.

Catagóirí  
Míchruinnis  
Uí Dhónaill  
Earráidí  
Comhréire

##### Catagóirí Míchruinnis Uí Dhónaill – Earráidí Comhréire

Inscne ainmfhocail mícheart

Séimhiú fágtha ar lár tar éis réamhfhocail

Dul an Bhéarla ar an nGaeilge

Forainmneacha ag leanúint ainmneacha briathartha

Úsáid an tuisil ghinidigh

(Ó Dónaill, 2000: 60)

### 4.3 Catagóirí míchruinnis don taighde seo

Cuireadh le chéile roinnt d'eilimintí Uí Bhaoill agus Uí Dhónaill chun tábla nua a chumadh. Agus cé go bpléann Ó Domhnalláin agus Ó Baoill tuisil agus comhaireamh sa chaibidil “Earráidí sna hAinmfhocail – Miondéalú” (1979: 79-116) shíl mé gurbh fhiú mír nua a chruthú sa taighde seo chun sin a chur san áireamh toisc go raibh fadhbanna ag roinnt mhaith daltaí le tuisil agus le comhaireamh (Tábla VI thíos).

#### Tábla 6.

Catagóirí  
Míchruinnis  
Uí Bhaoill  
Earráidí  
Comhréire

<b>Catagóirí Míchruinnis don Taighde seo – Earráidí Comhréire</b>
<b>An t-ainmfhocal agus a mbaineann leis</b>
Tuiseal ginideach
Aidiachtaí agus aidiachtaí sealbhacha
Inscne ainmfhocal mícheart
Réimíreanna
Comhfhocail
Séimhiú agus urú a bhaineann le réamhfhocail
Séimhiú fágtha ar lár nó curtha isteach gan choinne
An réamhfhocal mí-oiriúnach
*Foclóir (Saintearmaíocht an Bhéarla, Gnáth-théarmaíocht an Bhéarla, Teanga an déagóra, Ainmneacha dílse)
Aistriú díreach ón mBéarla
Fadhbanna le tuisil agus le comhaireamh
<b>An briathar</b>
An chopail agus an briathar ‘bí’
An briathar saor
Úsáid an bhriathair i gcoitinne
An forainm mar chuspóir
An clásal coibhneasta
Forainmneacha ag leanúint ainmneacha briathartha
*Tionchar na cainte ar an teanga scríofa
Tionchar na cainte ar an litriú
Earráidí a eascraíonn as an nGaeilge labhartha
Frásaí / focail atá míchruinn nó mí-oiriúnach
*Focail fágtha ar lár
An chiall doiléir

### 4.4 Neamhréireanna

I dTábla VI thuas, tá réiltín roimh earráidí áirithe. Is ar mhaithe le simpliú anailíse é sin. Ní thabharfaí earráidí orthu sa chiall thraidisiúnta (mar a thabharfá ar easpa tuisil ghinidigh agus araile), ach neamhréireanna. Pléitear leis na neamhréireanna de réir mar a tharlaíonn samplaí díobh sa taighde.

Tá cúpla fochatagóir, áfach, laistigh den mhír *Foclóir* nach miste plé a dhéanamh orthu anseo: saintearmaíocht agus ainmneacha dílse. Caithfear bheith tuisceanach do dhalta a úsáideann saintearma Béarla in aiste staire nó tíreolaíochta nuair nach bhfuil fáil ar a leithéid sa Ghaeilge. Agus tá ainmneacha dílse an Bhéarla inglactha sa Ghaeilge nuair nach bhfuil Gaeilge choiteann ar na bunleagain: George W. Bush, *The Irish Times* agus araile.

Sa chatagóir *Tionchar na cainte ar an teanga scríofa*, tagann samplaí ó chanúintí éagsúla chun solais. Luann Ciarán Mac Murchaidh samplaí ar nós *ar an dteilifís* a bheadh inghlactha i gcanúint na Mumhan nó *ag an bhanc* a chloisfeá i gcanúint Chúige Uladh (Mac Murchaidh, 2004: 56-8). Má bhíonn buanúsáid rialta i gceist agus muna bhfuil na canúintí measctha san aiste, ní sampla d’easpa cruinnis a leithéid. Is fiú a lua go ndeir an Caighdeán Oifigiúil an méid seo faoi shéimhiú agus urú:

Is féidir séimhiú nó urú a dhéanamh ar ainmfhocal i ndiaidh an ailt nuair a thagann réamhfhocal dá luaitear in 1 (a) thuas roimhe, e.g. *ag an fhear* nó *ag an bhfear*; *ag an bhean* nó *ag an mbean*.

Tá comhúdarás ag an dá nós ach i gcás *den*, *don*, *sa(n)* is é nós an tséimhithe is inleanta. (1979:88-9)

Bhí na réamhfhocail *ag*, *ar*, *as*, *chuig*, *faoi*, *le*, *ó*, *roimh*, *thar*, *tríd*, *um* luaite in 1 (a). Bhain Jim O’Donnell agus Seán de Fréine úsáid as an rialail seo in **Ciste Cúrsaí Reatha** (1992) nuair a d’úsáid siad séimhiú sa téacs.

Tá samplaí sa chatagóir *Focail fágtha ar lár* á n-áireamh mar neamhréireanna chomh maith. Níl go leor fianaise ar fáil chun a dhearbú go cinnte go bhfuil earráid déanta ag an dalta a scríobhann *Tá Seán a chónaí i mBaile Átha Cliath*. Seans go bhfuil earráid i gceist, ach tá an dóchúlacht chéanna ann gur *botún* é a d’eascair as tuirse nó eile.

#### 4.5 Ord minicíochta agus ord olcais na n earráidí

Chun na hearráidí is tábhachtaí ón liosta thíos a chioradh, ba ghá iad a rangú in ord minicíochta. Glactar chomh maith le moladh Uí Bhaoill nuair a lorgaíonn sé “cuntas níos réadúla agus níos cinnte a thabhairt ar olcas earráidí – agus a fháil amach an féidir earráidí a rangú ó thaobh olcais de” (Ó Baoill, 1981, vii). Deir Ó Domhnalláin agus Ó Baoill chomh maith gur “tábhachtaí earráid a tharlaíonn 10% den am san Aimsir Ghnáthláithreach ná earráid a tharlaíonn 60% den am san aimsir Ghnáthchaite, mar gur minice faoina 17 a bhaintear úsáid as an ngnáthláithreach ná as an ngnáthchaite” (1978: 16). Cad iad na bunriachtanais ghramadaí ba chóir a bheith sealbhaithe ag an dalta mar sin?

Tá na táblaí thíos (Táblaí VII agus VIII) bunaithe ar an 752 sampla d’earráidí ón 31 aiste a bailíodh don saothar seo; 369 ó na haistí Gaeilge, agus 383 ó na haistí in ábhar nach Gaeilge é.

**Tábla 7.**  
Ord minicíochta na n earráidí san aiste Ghaeilge

An Earráid	Ord minicíochta
Séimhiú agus urú a bhaineann le réamhfhocail agus gnéithe eile	74
Tuiseal ginideach	65
Aidiachtaí	22
Fadhbanna le tuisil agus le comhaireamh	21
Úsáid an bhriathair i gcoitinne	20
Aistriúchán ón mBéarla	19
Inscne ainmfhocal mícheart	17
An réamhfhocal mí-oiriúnach	14
An t-ainm briathartha	14
Tionchar na cainte ar an litriú	13
Focail fágtha ar lár	12
Frásaí / focail atá míchruinn nó mí-oiriúnach	12
Earráidí a eascraíonn as an nGaeilge labhartha	10
An briathar – an chopail agus an briathar ‘bí’	9
Teanga an déagóra	7

An clásal coibhneasta	6
Aidiachtaí sealbhacha	6
Séimhiú fágtha ar lár nó curtha isteach gan choinne	5
An briathar saor	5
Réimíreanna	5
Tionchar na cainte ar an teanga scríofa	3
Foclóir (Saintéarmaíocht an Bhéarla)	3
An chiall doiléir	3
Foclóir (Gnáth-théarmaíocht an Bhéarla)	1
Ainmneacha dílse	1
Forainmneacha ag leanúint ainmneacha briathartha	1
Comhfhocail	1
An forainm mar chuspóir	0
Líon iomlán earráidí	369

**Tábla 8.**  
Ord minicíochta  
na n earráidí san  
aiste nach aiste  
Ghaeilge í

An Earráid	Ord minicíochta
Tuiseal ginideach	95
Séimhiú agus urú a bhaineann le réamhfhocail agus gnéithe eile	56
Foclóir (Saintéarmaíocht an Bhéarla)	42
Fadhbanna le tuisil agus le comhaireamh	31
Aistriúchán ón mBéarla	25
Aidiachtaí	21
Inscne ainmfhocal mícheart	17
Frásaí / focail atá míchruinn nó mí-oiriúnach	12
Úsáid an bhriathair i gcoitinne	12
An réamhfhocal mí-oiriúnach	9
Foclóir (Gnáth-théarmaíocht an Bhéarla)	8
Earráidí a eascraíonn as an nGaeilge labhartha	7
Réimíreanna	7
An t-ainm briathartha	7
An clásal coibhneasta	6
An briathar saor	5
Comhfhocail	4
An chopail agus an briathar 'bí'	3
An chiall doiléir	3
Focail fágtha ar lár	3
Ainmneacha dílse	3
Tionchar na cainte ar an litriú	2
Aidiachtaí sealbhacha	2
Séimhiú fágtha ar lár nó curtha isteach gan choinne	1
Teanga an déagóra	1
An forainm mar chuspóir	1
Forainmneacha ag leanúint ainmneacha briathartha	0
Tionchar na cainte ar an teanga scríofa	0
Líon iomlán earráidí	383



Is dócha go mbeidh a dtuairim féin ag gach múinteoir faoi cad iad na hearráidí is measa, mar sin de, is fearr rangú olcais a fhágáil fúthu. Cabhróidh an t-eolas thuas go mór leo.

#### 4.6 Anailís ar na hearráidí féin

Sa chaibidil seo, scrúdófar deich sampla (más ann dóibh) as na catagóirí thuasluaite, ag déanamh iniúchadh ar an earráid féin agus ar na fáthanna dóchúla ar tharla sí. Níl sna samplaí seo ach blaiseadh beag den díolaím iomlán, ach tá seans ann go nochtfaidh siad na réimsí gramadaí is dúshlánaí don mhúinteoir agus don dalta.

San anailís seo, bainfear leas as ord Thábla IV ag tosú leis an ainmfhocal agus a mbaineann leis agus, laistigh den chatagóir sin, an tuiséal ginideach.

#### 4.7 An tuiséal ginideach

Is mír an-spéisiúil í seo. As an mbailliúchán earráidí a bhí mar bhunús don taighde, bhain 21% leis an tuiséal ginideach, ba í an earráid ba choitianta í i measc dhaltaí Ardteistiméireachta an taighde seo. Ba spéisiúil a fháil amach an amhlaidh atá sé i measc daltaí Ardteistiméireachta i gcoitinne.

Mar a luaigh mé i gCaibidil III, tá athrú ag teacht ar Ghramadach Ghaeilge na Gaeltachta le glúin nó dhó anuas mar a tharlaíonn le gach teanga bheo agus tá an tuiséal ginideach nó an easpa ginidigh i measc na rudaí atá ag athrú. Téann an díospóireacht faoi rialacha an tuisil ghinidigh siar go bunú an chaighdeáin oifigiúil. Luann Fidelma Ní Ghallchóir go bhfuil bearna mhór “ag fás idir é (an caighdeán oifigiúil) agus an chaint bheo sa Ghaeltacht” (Prút, Comhar Márta 2005: 19). Léiríonn Éamonn Ó Dónaill an t-athrú seo nuair a deir sé go mbíonn “an tuiséal ginideach in úsáid i ndiaidh *roimh* ag cainteoirí dúchais as Conamara agus as Dún na nGall” (2000: 60). Ach fiche bliain sular scríobh Éamonn Ó Dónaill seo, bhí an caighdeán agus an ginideach á bplé ag Niall Ó Dónaill agus sa chuid seo thíos díríonn sé ar an nginideach:

Ar ndóigh, níl an caighdeán oifigiúil saor ó locht. Tá cuid de na rialacha gramadaí ag gabháil as dáta cheana féin. Is rialacha anois don teanga scríofa amháin iad. Sa teanga labhartha sa Ghaeltacht tá an ginideach ag meath in aghaidh na bliana. Is leor leithscéal ar bith lena sheachaint. Minic go leor ní chluinfidh tú *barr na páirce* ach *barr an pháirc mhór*. Ní inniu ná inné a thosaigh sin. Is fada an claonadh ann chun cloí le bunfhoirm focail, mar a dhéantar sa Bhéarla. Céim ar gcúl agus céim ar aghaidh in éineacht é. Is mór an séanadh é ar an teanga clasaiceach, ach is é an chéim chun simplíochta a thug teangacha Eorpacha as éadan a chéile nuair a chlaochlaigh an Laidin agus na seanteangacha infhillte eile. Is dóigh go n-imeoidh an ginideach as an Ghaeilge le haimsir, mar a d’imigh an tabharthach (agus an t-áinsíoch roimhe). Ach, dála an tabharthaigh, mairfidh sé i bhfrásaí. Déarfar *fear an tí* i gcónaí, mar a deirtear *bolg le gréin*. Ní shílím go dtiocfaidh an lá a bhfeicfear *fear an teach ag déanamh bolg le grian* (lá meithle nó móna ar scor ar bith).

Tá an fichiú haois ag fágáil a lorg go láidir ar an teanga – rud nach bhfuil imeacht air – agus bíonn eagla orainn, ní nach ionadh, go bhfuil an contúirt a bhasctha ansin as siocair an Ghaeltacht a bheith lag. Ach as an chleachtadh atá agam ar “chlaochlú” na Gaeilge, le trí ghlúin anall, meastar dom go dtagann na cineálacha céanna athruithe ar bheotheanga pobail cibé acu a labhraíonn deich míle í nó deich milliún duine. Ní fhaigheann teanga bás de dhóbháil ginidigh!..... (1979: 4-5)

Ní raibh Niall Ó Dónaill chomh buartha faoin nginideach agus atá Éamonn Ó Dónaill anois, ach

mar a fheicfead sna samplaí thíos taobh amuigh den Ghaeltacht níl an ginideach i gcuid de na focail is bunúsaí ag na daltaí. I gcás Éamoinn Úi Dhónaill agus daoine eile, ba mhaith leo rialacha daingne a bheith acu, go háirithe nuair nach bhfuil gnás beo na teanga ag cloí go hiomlán le gramadach scríofa na teanga. D'fhoilsigh ITÉ sraith leabhar dar teideal *An Teanga Bheo* a bhaineann le Gaeilge Chorca Dhuibhne, Gaeilge Chonamara, Gaeilge Uladh, agus Gaeilge Chléire, agus i measc a lán rudaí eile tugann siad léargas áirithe ar staid an ghinidigh mar atá sí anois sna ceantair seo (Ó Sé, 1995; Ó Murchú 1998; Ó Baoill 1996; Ó Buachalla 2003). Ar leibhéal áirithe, léiríonn na leabhair seo go bhfuil an ginideach ann go fóill ach go bhfuil sé ag meath chomh maith. Pléann Dónall Ó Baoill seo in alt eile:

Maidir le deilbhíocht an ainmfhocaíl is é an tuiséal ginideach an cnámh spáirne a bhíonn ag cur as do dhaoine, go háirithe má bhíonn ainmfhocal agus aidiacht le hionramháil le chéile agus amanna ar bhealaí difriúla. Ba cheart anois sa “Lárchaighdeán” foirmeacha iolra an chéad agus an dara díochlaonadh a cheadú chomh maith leis na leaganacha ortadocsacha atá sa teanga le fada riamh. B’ionann an méid seo agus gurbh iad seo a leanas na leaganacha den ghinideach iolra a bheadh againn feasta – ní díol iontais ar bith iad nó is fada thart iad: *na fuinneoga móra > barr na bhfuinneoga móra; na báid mhóra > seolta na mbáid mhóra* agus ar aghaidh mar sin. D’fhágfadh sin córas simplithe againn a bheadh inlámhsithe – ag teacht le lúí na teanga agus ag teacht leis na díochlaontaí go léir.

I dtaca leis an ghinideach uatha tá sé in am leagan(acha) eile de a cheadú – ar a laghad mar mhalairt ar an leagan coimeádach. Thabharfadh sin seans don phobal agus d’úsáideoirí na teanga an chéim dheireanach chinnte a shocrú go luath amach anseo. Ceadaíodh *mic léinn an dara bliain* agus *mic léinn na dara bliana* agus a leithéid cheana féin. Is é an leagan simplithe is toil fiú amháin leo sin a chuirfeadh a mhalairt in iúl duit. Is cinnte gurb é is fearr leis na foghlaimeoirí. Is é a thiocfas in inmhe. Ní scanróidh na leaganacha úra Gaeilgeoirí na Gaeltachta. Is fada cleachtadh acu ar a leithéid. Fiú na baird féin nár cheadaigh siad foirmeacha ar nós *mála an tseoltóir* mar mhalairt ar *mála an tseoltóra* agus is beag an tseans go gceadódh siad a leithéid murach go raibh sé le cluinstitín ar bhéal daoine... Seo an chuma a bheadh ar na malairtí: *teach an fhear seo thiar; fear an bata ghlas; mála an tsagart mhór; barr an fhuinneog bheag; tús an rang; carr an dochtúir óg; i lár an aiste* agus mar sin de. Cé gur gránna linn cuid acu sin ar ár gcluasa, is iad a bhéarfais an báire leo. Mairfidh an seanghinideach i leaganacha seargtha agus i bhfrásaí síochta – *fear an tí, mise is tusa is eireaball na muice*. (2000: 136-7)

Mar sin de, tá plé á dhéanamh sa domhan acadúil faoin gceist seo, ach go dtí go n-aontaíonn acadamaíthe, múinteoirí agus gnáthmhuintir na tíre lena chéile faoin gceist an mbeidh réiteach ann choíche? Tá **An Caighdeán Oifigiúil, Graméar Gaeilge na mBráithe Críostaí** agus **An Foclóir Gaeilge-Béarla** ar an saol le fada anois, agus cé mhead duine a bheadh in ann a rá go leanann siad na rialacha go léir atá iontu? Agus an féidir na rialacha go léir sin a leanúint?

Bíonn teangacha i gcoitinne (an Ghaeilge ina measc) á simpliú ag foghlaimeoirí. Bhíodh deacrachtaí i gcónaí ag foghlaimeoirí le sealbhú an tuisil ghinidigh sa Ghaeilge, agus mar sin, bíonn claonadh i measc foghlaimeoirí neamhaird a dhéanamh de. Dar le Gabrielle Nic Uidhir, “Learners find it a difficult grammatical feature to master... The most predictable and reliable instances of its usage involve petrified expressions, e.g. i lár na hoíche” (Nic Uidhir, 1991: 198).

I bhfianaise na bhfírící seo, níor mhiste athbhreithniú a dhéanamh ar na seanrialacha. Nuair nach mbíonn an tuiséal ginideach in úsáid go forleathan sna Gaeltachtaí, an féidir a dhearbhu gurb í an earráid is measa í i measc na ndaltaí, in ainneoin gurb í an earráid is coitianta í. An bhfuil idirdhealú le déanamh idir *minicíocht* agus *olcas*?

### Na samplaí agus anailís orthu

Tá 6 phríomhócáid ann ina n-úsáidtear an tuiséal ginideach: seilbh (*hata Sheáin*); mar chuspóir i ndiaidh ainm bhriathartha (*ag ithe aráin*); réamhfhocal comhshuite (*i lár an urláir*); dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile (*lá geimhridh*); tar éis réamhfhocal simplí áirithe, e.g. *timpeall* (*timpeall an tí*); an ginideach rannaíoch, e.g. *a lán* (*a lán airgid*).

Níorbh fhurasta deich sampla a roghnú as bailiúchán chomh forleathan. Ba lú na hearráidí sna haistí Gaeilge (65) ná sna haistí eile (95). Baineann na hearráidí le gach díochlaonadh, agus baineann siad le focail atá an-choitianta sa chaint agus sa scríbhneoireacht. Baineann thart ar 38% de na samplaí leis an gcéad díochlaonadh. Baineann thart ar 19% leis an dara díochlaonadh. Tá thart ar 15% de na samplaí sa tríú díochlaonadh. Baineann na samplaí eile leis an gceathrú díochlaonadh agus le gnéithe eile den ghinideach. I gcuid mhaith de na samplaí ní dhéanann na daltaí aon chlaohlú ar dheireadh an fhocail. I gcorrchás ní chuireann siad séimhiú ná urú ar thús an fhocail ag brath ar cén inscne nó cén tuiséal atá ar an ainmfhocal i ndiaidh an ailt.

1. Ag fáil bás (1E2)
2. Ar fud an domhan (2E1)
3. Fuinneog an teach (1D1)
4. I dtreo an alcól (2D1)
5. A lán suim (5A2)
6. Rátaí bás, rátaí bochtanas (*ach tá rátaí dúnmharaithe aici*) (2A1)
7. Faoi smacht na cumainn hainriallach (1A2)
8. Corp an aiste (2E2)
9. Ag piocadh talamh (5A2)
10. Tús an chogadh (1A2)

I samplaí a haon go trí ba chóir go mbeadh *bás*, *domhan*, *teach* sa ghinideach. Is ainmfhocail choitianta iad seo a chloisfeadh agus a léifeadh daltaí go minic ó thús na scoile. Níl ach caolú i gceist sa chéad dá chás *bás* > *báis* (tá séimhiú ar *bháis* chomh maith toisc gur leagan seanbhunaithe é) agus *domhan* > *domhain*. Sa tríú cás is mór an difear idir *teach* agus *tí* sa litriú, ach amháin i nGaeilge Chorca Dhuibhne *tigh* > *tí* (Ó Sé, 2000: 120). Is focal é *teach* atá in úsáid chomh minic sin (*fear an tí* mar a luann Niall Ó Dónaill agus Dónall Ó Baoill thuas) gur doiligh a thuiscint cén fáth nach dtéann an mhinicíocht seo i bhfeidhm ar *fuinneog an teach*. Deir Ó Murchú faoi *theach* i nGaeilge Chonamara “*teach: bean tí*, ach go minic ní dhíochlaontar (*ag déanamh teach*).” (1998:18). B’fhéidir gur chuala an dalta an leagan seo agus sin an fáth ar scríobh sí é.

I sampla a ceathair tá *alcól* sa chéad díochlaonadh agus níl i gceist ach caolú an fhocail *alcól* > *alcóil* chun an ginideach a chruthú. Tá triúr sa rang céanna agus ní chuireann siad *alcól* sa ghinideach. Léiríonn seo an tslí a dtéann cainteoirí i bhfeidhm ar a chéile.

I sampla a cúig níl le déanamh ag an dalta ach e a chur ag deireadh an fhocail *suim* chun an ginideach a dhéanamh toisc go bhfuil *suim* sa dara díochlaonadh, ach fágтар *suim* sa tuiséal ainmneach. Ní sampla aonair é seo, tharla sé i scoileanna éagsúla le focail shimplí ar nós *tír*, *seachtain* agus *obair*, focail atá an-choitianta sa chaint agus sa scríbhneoireacht.

In uimhir a sé úsáideann an dalta an tuiséal ainmneach tar éis an tuisil ainmnigh, mar a tharlaíonn sna samplaí eile thuas, ach in áit eile in aistí an dalta seo bíonn an ginideach uatha ceart in úsáid (*rátaí dúnmharaithe*). Ar úsáid an dalta seo an ginideach ceart toisc gur thuig sí é nó toisc go raibh an frása ceart sealbhaithe aici ina cuid léitheoireachta? Agus an bhfuil sí ag

tarraingt ar a stór focal féin le *rátaí bás*, *rátaí bochtanas* a chumadh, rud a léiríonn nach bhfuil tuiscint aici ar an nginideach?

I sampla a seacht, seans go dtuigeann an dalta go bhfuil an tuiséal ginideach ag teastáil, ach nach bhfuil a fhios aige conas na hathruithe cuí a dhéanamh ar an ainmfhocal nó ar an aidiacht. Tá an t-ainmneach iolra in úsáid mar ghinideach iolra agus níor chóir an réimír “h” a chur ar an aidiacht: ba chóir *faoi smacht na gcumann ainriallach* a scríobh. Tá cuma chasta ar na focail seo, ach níl aon difear idir iad ó thaobh na gramadaí agus *faoi hátaí na bhfear beag*. Fiú dá gcuirfí moltaí Uí Bhaoill thuas (2000: 136-7) i bhfeidhm ar an rud atá scríofa ag an dalta seo chun *faoi smacht na gcumainn ainriallacha* a chruthú is léir go mbeadh fadhbanna ag an dalta go fóill maidir le hurú agus na hathruithe a bhaineann le deiridh aidiachtaí agus le *h* a chur roimh ghuta.

I sampla a hocht, shílfi go mbeadh an frása *corp na haiste* cloiste chomh minic sin thar na blianta nach ndéanfadh dalta earráid mar seo, ach ní mar sin atá sé, agus tá sé speisiúil go bhfuil *aiste* i measc na samplaí a luann Ó Baoill thuas. An bhfuil taithí pearsanta mar ollamh in ollscoil aige ar mhí-úsáid ghinideach an fhocail seo?

I sampla a naoi, tá *talamh* sa tuiséal ainmneach. Is focal suimiúil é *talamh* de bhrí go bhfuil dhá leagan aige sa ghinideach; ceann firinsneach *talaimh* a bhaineann leis an gcéad díochlaonadh agus ceann baininsneach *talún* a bhaineann leis an dara díochlaonadh. Cluintear *talaimh* i gCúige Uladh agus *talún* sa chuid eile den tír. Scríobhann Ó Murchú faoin bhfocal i nGaeilge Chonamara “*talamh: tiarna talúna*, ach go minic ní dhíochlaontar (*neart talamh*).” (1998:18). Deir Ó Sé go bhfuil *talamh* “*Firinsneach sa bhunfhoirm, ach baininsneach sa ghinideach.*” i nGaeilge Chorca Dhuibhne (2000: 125). Mar sin de, ní cúis iontais í go gcloíonn an dalta seo leis an leagan ainmneach.

I sampla a deich roghnaíodh an sampla seo toisc go bhfuil ceathrar daltaí ann in dhá scoil nach ndéanann ginideach de *cogadh*. Seo na samplaí eile atá i gceist: *I bhfábhar an cogadh* (1D2), *Tar éis an chogadh* (1D2), *Cúrsaí cogadh* (1F1), *De bharr an chogadh* (2D2), *De bharr cogadh* (1A1), *Éifeacht an chogadh* (2D2), *Níl toradh an chogadh* (2D1). Seachas *I bhfábhar an cogadh* (1D2) déanann 1D2 agus na daltaí eile iarracht an ginideach a léiriú nuair a shéimhíonn siad *cogadh* i ndiaidh an ailt, ach ní chaolaíonn aon duine *cogadh* (> *cogaidh*) sa ghinideach. Sa scrúdú a rinneadh ar **inscne ainmfhocal mícheart** scríobhann 1A1 agus 1D2 *An chogadh* mar ainmneach. Cuireann seo isteach ar an rud a bhí mé ag dul a scríobh go bhfuil loighic mholtaí Uí Bhaoill le feiceáil sa tslí a séimhíonn na daltaí thuas *cogadh* sa ghinideach, agus go bhfeictear go bhfuil iarracht chomhfhiosach á déanamh acu chun an ginideach a léiriú i ndiaidh an ailt le séimhiú ar an ainmfhocal, ach bheadh i bhfad níos mó samplaí uainn chun anailís chruinn a dhéanamh ar an teoiric seo.

#### 4.8 Aidiachtaí agus aidiachtaí sealbhacha

Ní raibh na hearráidí seo rófhorleathan sa taighde seo, tuairim is 7% idir an dá chineál aiste (níos lú ná 1% gurb earráidí iad a bhain leis an aidiacht shealbhach). Níl siad róthábhachtach iontu féin, ach mar a deir Ó Baoill “tá i bhfad Éireann níos mó deacrachtaí i bhfolach taobh thiar de na torthaí seo ná mar a shamhlódh duine ar an chéad amharc” (Ó Baoill, 1981, vii).

Léiríonn na torthaí thíos an easpa tuisceana atá ann faoi infhilleadh agus faoi séimhiú i measc na ndaltaí seo.

Ach an bhfuil an locht go hiomlán orthu? Tá córas dhíochlaonadh na n-aidiachtaí casta go leor sa Ghaeilge. Téann inscne, tuiséal, agus uimhir na n-ainmfhocal i bhfeidhm ar an aidiacht, agus

caithfear athruithe a dhéanamh ar an aidiacht dá réir: athruithe ar thús na haidiachta agus athruithe ar a deireadh. I n**Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** is leor féachaint ar an gcur síos ar dhíochlaonadh na n-ainmfhocail (1999:55-68) agus ar dhíochlaonadh na n-aidiachtaí (1999:93-98) chun na deacrachtaí a thuiscint. Is fiú féachaint ar chur síos dhíochlaonadh na n-aidiachtaí in introir in **An Foclóir Gaeilge-Béarla**:

**Aidiachtaí:** Cuirtear ceann de na comharthaí *a1, a2, a3*, leis an aidiacht a dhíochlaontar go rialta.

Ciallaíonn *a1* go ndíochlaontar an aidiacht ar nós

- (i) **bán**, *gsm. bán, gsf. & comp. báine, npl. ~a, gpl. ~*,
- (ii) **glic**, *gsm. ~, gsf., npl. & comp. ~e, gpl. ~, nó*
- (iii) **cleasach**, *gsm. -aigh, gsf. & comp. -aí, npl. ~a, gpl. ~*.

Ciallaíonn *a2* go ndíochlaontar an aidiacht ar nós **misniúil**, *gsm. ~, gsf., npl. & comp. -úla, gpl. ~*.

Ciallaíonn *a3* nach n-athraítear foirm na haidiachta sa ghinideach ná san iolra ná sa chéim chomparáide. [I gcás *a1* and *a2* úsáidtear foirm an ainmnigh iolra sa ghinideach iolra chomh maith, más ionann an t-ainmneach iolra agus an ginideach iolra den ainmfhocal a ngabhann an aidiacht leis, e.g. **na mballaí bána**.]

I gcás go ndíochlaontar an aidiacht go rialta ach amháin sa chéim chomparáide comharthaítear mar seo í, **mór**, *a1. (comp. mó)*.

Nuair nach réitíonn díochlaonadh na haidiachta leis na rialacha thuas tugtar infhilleadh na haidiachta ina iomláine, e.g. **deacair**, *a. (gsm. ~, gsf., npl. & comp. -cra)*. (1977: viii)

Tá a lán eolais thuas, ach mura n-úsáideann dalta foclóir nó graiméar go rialta ní fheicfidh siad na rialacha seo choíche. Agus an dtuigfidís an míniúchán agus na téarmaí?

Chomh maith leis sin ní bhaineann scríbhneoirí úsáid as aidiachtaí an t-am uile sna téacsanna a scríobhann siad. Is dócha gur minice a fheicfidh daltaí *aimsir gheimhridh* ná *aimsir gheimhriúil*. I gcás *aimsir gheimhridh* tá ainmfhocal ginideach ag cailiú ainmfhocail. San **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** deir sé gurb ionann *aimsir gheimhridh* agus *winter, wintry, weather*, agus feicfidh daltaí leagain mar seo i dtaca le focail eile *gaoth sheaca* (*gaoth shiocúil*) agus *scéal grinn* (*scéal greannmhar*). An míníonn aon duine an córas seo dóibh? An féidir le daltaí é a shealbhú? Mura bhfuil greim docht acu ar chóras amháin an gcuireann an ceann eile isteach orthu? Agus má tá an ginideach ag meath sa teanga cén bealach a gcuirfidh sin isteach ar úsáid an ghinidigh mar aidiacht?

#### Na samplaí agus anailís orthu

- 1. Na cairde mhaithe (1F2)
- 2. Na cnoic dorcha (1E2)
- 3. Leideanna láidir (2C1)
- 4. Torthaí maith (4A1)
- 5. An oíche mór (1B1) (I gceart aici faoi dhó – mícheart uair amháin)
- 6. Réabhlóid sóisialta ginearálta (1A2)
- 7. Is fadhb páistiúil é (2E1)
- 8. Fear ghrinn (2D2)
- Aidiachtaí sealbhacha**
- 9. Ár buama (1B1)
- 10. A cuid scileanna (1G1)

Bhí 51 earráid ann. Baineann beagnach leath díobh leis an ainmneach uatha agus an leath eile

leis an ainmneach iolra. Níl aon samplaí den ghinideach uatha ná den ghinideach iolra ann. Baineann leath de na samplaí le séimhiú gan chúis nó le heaspa séimhithe ag tús na haidiachta agus baineann an leath eile le heaspa infhillte nó le míthuiscintí faoi infhilleadh ag deireadh na haidiachta. Rinne 13 páiste earráidí.

Tá na samplaí thuas simplí go leor ó thaobh na scríbhneoireachta de. Seachas uimhir a sé bheadh an chuid is mó de na focail le cluinstitín i gnáthchaint na ndaltaí.

I sampla a haon, séimhíonn an dalta an uimhir iolra den aidiacht *maith*. Tá seans ann go bhfeictear don dalta gurb ionann an struchtúr seo agus an struchtúr *na fír mhaith* toisc go gcuirtear séimhiú ar aidiachtaí a leanann ainmfhocail a bhfuil consain chaola orthu san ainmneach iolra. Ach ní consan caol é e ag deireadh *cairde*, mar sin de, ní gá séimhiú a chur air. I sampla a dó ba chóir séimhiú a chur ar an aidiacht *dorcha* toisc go bhfuil *cnoic* san iolra agus go bhfuil deireadh an ainmfhocail caol.

Sa chéad dá chás eile ní bhaineann na daltaí seo úsáid as an leagan ceart den aidiacht. I sampla a trí, caithfeadh *láidir* a choimriú i ndiaidh *leideanna* chun ainmneach iolra a dhéanamh de: *láidir* > *láidre*. Ní dhéanann an dalta aon iarracht chun cruth na haidiachta a athrú, mar a rinne na daltaí a chuir séimhiú ar an ainmfhocal *cogadh* sa mhír roimhe seo. Ní réitíonn díochlaonadh na haidiachta *láidir* le haidiachtaí ar nós *bán*, *glic*, *cleasach*. San **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** tá infhilleadh *láidir* le feiceáil ina iomláine faoina iontráil féin. Tá a lán aidiachtaí ann mar sin, ach ní féidir le daltaí an **Foclóir Gaeilge-Béarla** ná aon fhoclóir eile a iompar an t-am uile, agus sin an fáth a ndéanann siad iarracht cuid de na haidiachtaí seo a shimpliú. I sampla a ceathair fágann an dalta an aidiacht mar atá sí. Tá *maith* cosúil le *glic* i gcúir síos na Foclóra *maith* > *maith*e. Is dócha nár chuala an dalta seo trácht ar na *daoine maith*e sna síscéalta.

I sampla a cúig tá sé deacair a thomhas cé acu botún nó earráid atá ann. Úsáideann an dalta seo an leagan ceart den fhrása *an oíche mhór* faoi dhó agus an leagan mícheart *an oíche mór* uair amháin. B'fhéidir go bhfuil an riail ghramadúil seo foghlamtha aici ach nach gcuireann sí i bhfeidhm í uair amháin, nó b'fhéidir go roghnaíonn sí an dá fhoirm den fhrása toisc nach bhfuil sí cinnte cén leagan atá ceart. Ach focal simplí is ea *oíche* a bhíonn le cluinstitín go minic ag daltaí, má tá éiginnteacht faoina leithéid d'fhocal níl aon ionadh ann go bhfuil fadhbanna ag daltaí le focail atá níos casta.

I samplaí a sé agus a seacht; tá na hainmfhocail baininsneach ach ní chuireann na daltaí séimhiú ar na haidiachtaí ina ndiaidh sa dá chás. I sampla a sé, tá seans ann go bhfuil an dalta ag smaoinneamh ar an riail a bhaineann le *d,n,t,l,s* nach féidir séimhiú a chur ar *sóisialta* i ndiaidh *réabhlóid* toisc go bhfuil *d* agus *s* ag teacht le chéile ach baineann an riail seo le hainmfhocail sa ghinideach agus ní bhaineann sí le haidiachtaí. I sampla a seacht, tá *fadhb* sa dara díochlaonadh, tá an focal le cluinstitín go minic sa chaint, ach mar a tharlaíonn le focail bhaininsneacha eile sna samplaí a bailíodh ní shéimhíonn an dalta an aidiacht *páistiúil* ina dhiaidh. Tá cuid mhaith samplaí ann a bhfuil *-iúil* acu mar dheireadh agus ní chuireann na daltaí aon athruithe ar na haidiachtaí seo: *Éifeacht polaitiúil* (1B2), *Na íomhánna tipiciúil* (1E2), *Na gnáthlitreacha laethúil* (1F1), *Radharcanna laethúil* (1F2), *Áit fáiltiúil* (2C1), *Eacnamaíocht príomhúil* (4A1). I dtrí chás anseo ba chóir séimhiú a chur ar thús na haidiachta agus sa dá chás eile ba chóir *-úil* a athrú go *-úla* san ainmneach iolra, ach fágann na daltaí na haidiachtaí mar atá siad gan aon athrú. Is nós é sin atá coitianta sna samplaí seo; tá 46 sampla ann agus tá níos mó ná leath díobh gan aon athrú ag an tús nó an deireadh.

I sampla a hocht, séimhíonn an dalta *ghrinn* atá ag feidhmiú mar aidiacht, ach níor chóir é a shéimhiú i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh san ainmneach. Mar a dúradh thuas is féidir an t-ainmfhocal sa ghinideach a úsáid mar aidiacht, agus sin an rud atá ar siúl ag an dalta seo, ach mar is léir ó na samplaí eile a bailíodh *Na meáin cumarsáide* (2A1) & (1F1), *Áit cónaithe* (2A1) ní thuigeann cuid de na daltaí an riail: ní chuireann siad séimhiú ar ainmfhocal sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh ainmnigh san iolra agus ní chuireann siad séimhiú ar ainmfhocal ginideach i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh. Ar a laghad, tá an dalta (2A1) seasmhach toisc nach bhfuil séimhiú sa dá rud atá scríofa. Tá sé spéisiúil go bhfuil *fear grinn*, *na meáin chumarsáide* agus *áit chónaithe* go léir ar fáil san fhoclóir.

Bhí dhá chineál éagsúla earráide a bhain leis an aidiacht shealbhach agus le seilbh agus bhain na hearráidí sin le cúigear daltaí i scoil amháin. Ní raibh ach 6 earráid ann. D'úsáid na daltaí an aidiacht shealbhach cheart ach níor chuir siad séimhiú ná urú i bhfeidhm ar an ainmfhocal ina diaidh. In uimhir a naoi, feicimid go bhfuil an t-urú, a bhaineann leis an gcéad phearsa den uimhir iolra, in easnamh. Ar leibhéal áirithe, ní chuireann seo isteach ar an gciall toisc go dtuigeann an léitheoir go mbaineann an abairt leis an gcéad phearsa den iolra. In uimhir a deich, bhí an dalta ag iarraidh an trú pearsa den uimhir iolra a úsáid, ach is é an trú pearsa baininscneach den uimhir uatha atá scríofa. Sa chás seo, caithfidh an léitheoir dul siar chun abairtí eile a léamh más mian leis tuiscint a bheith aige ar cad é atá an dalta seo ag iarraidh a rá. Mura bhfuil daltaí cinnte faoi aidiachtaí sealbhacha sa saol seo beidh fadhbanna móra acu.

#### 4.9 Inscne ainmfhocal mícheart

Cuimsíonn na hearráidí inscne 4.5% d'earráidí an taighde seo. In ainneoin nach mór an líon é seo, ní féidir neamhaird a dhéanamh den earráid seo. Léiríonn tuiscint ar inscne go bhfuil caighdeán áirithe teanga sroichte ag na daltaí agus dá bharr sin go mbeidh greim níos doichte acu ar an tuiseal ginideach.

Agus é ag labhairt faoi inscne ainmfhocal, tagraíonn Ó Dónaill (2000) don easpa eiseamláirí sa Ghaeltacht, ag rá go bhfuil 'an ábhar' agus 'i rith na hama' in úsáid go forleathan sa chaint. Tá fianaise ann go bhfuil an earráid seo i bhfad níos coitianta sa Ghaeilge labhartha, ach gur gá mar sin féin níos mó béime a chur ar an ngné seo sna scoileanna.

Baineann na hearráidí seo leis an dá inscne. Rinne 12 dhalta earráidí sa mhír seo. Cé gur roghnaíodh deich sampla, tá 34 sampla ann, agus is sa chéad agus sa dara díochlaonadh atá an formhór díobh. Ó thaobh rialacha gramadúla de, sa chéad díochlaonadh tá na focail uile firinscneach agus sa dara díochlaonadh tá siad go léir baininscneach, seachas *im*, *teach* agus *sliabh*.

#### Na samplaí agus anailís orthu

- |  |                                    |
|--|------------------------------------|
|  | 1. An chogadh (1A1) agus (1D2)     |
|  | 2. An Seapáin (1D2)                |
|  | 3. An Breatain (1D2)               |
|  | 4. An Gearmáin (1D2) + (2C1)       |
|  | 5. An fadhb (2A1) + (2E1)          |
|  | 6. An farraige (1E2) + (2E2)       |
|  | 7. An <i>airgead</i> (2A2) + (4A1) |
|  | 8. An bhóthair (1C1)               |
|  | 9. An chloig (1D1)                 |
|  | 10. Is baile í (5A2)               |

Roghnaíodh an chéad sampla toisc gur tharla sé faoi dhó sa scoil chéanna. Chuir na daltaí séimhiú ar an bhfocal firinsneach *chogadh* i ndiaidh an ailt. Is iad seo an bheirt a scríobh *Tús an chogadh* (1A2) agus *Tar éis an chogadh* (1D2) sa mhír a bhain leis an tuiseal ginideach, ach scríobh 1D2 *I bhfabhar an chogadh* chomh maith. Tá 1D2 éiginnte faoin bhfoirm agus tá 1A1 cinnte fúithi cé go bhfuil an bheirt acu mícheart maidir le hinscne.

I samplaí a dó go ceathair, cé go mbaineann céatadán an-ard d’ainmneacha thíortha an domhain leis an dara díochlaonadh agus go bhfuil foirm rialta bhaininsneach orthu roghnaíonn na daltaí seo foirm fhirinsneach. Déanann beirt dalta an earráid i sampla a ceathair, ach is é an dalta céanna a dhéanann an earráid chéanna faoi thrí maidir le hainmneacha na dtíortha i samplaí a dó go ceathair. Baineann cúigiú cuid de na hearráidí sa mhír seo leis an dalta seo.

I sampla a cúig, is focal baininsneach í *fadhb* atá in úsáid go minic sa chaint agus sa scríbhneoireacht, ach tá sé spéisiúil nach féidir leis na daltaí seo ón scoil chéanna inscne ceart an ainmfhocail a scríobh. An bhfuil nós ag daoine gan séimhiú a chur ar *fadhb* toisc gur fusa an focal a aithint sa chaint? I sampla a sé tá an rud ceannann céanna le feiceáil in dhá scoil éagsúla nuair nach séimhíonn na daltaí *farraige*. Is féidir samplaí eile a thabhairt a bhaineann leis na daltaí céanna: *an fírinne* (1E2), agus *an fulaingt* (2E1). An mbaineann easpa séimhithe le hiarracht chun an t-ainmfhocal a rá go soiléir agus an dtéann seo i bhfeidhm ar an scríbhneoireacht?

I sampla a seacht, an bhfuil an rud céanna ag tarlú leis an réimír *t*? An bhfágann an dalta seo an réimír *t* ar lár roimh an nguta toisc gur fusa an focal a aithint sa chaint? Baineann cúigiú cuid de na hearráidí sa mhír seo le daltaí a fhágann an réimír *t* ar lár roimh an nguta. Is focal coitianta é *airgead* agus shílfi go mbeadh a fhios ag daltaí faoin am seo gur chóir dóibh an réimír *t* a chur roimhe.

I sampla a hocht tá leagan séimhithe den tuiseal ginideach in úsáid mar ainmneach uatha ag an dalta nuair ba chóir *bóthar* a bheith ann. B’fhéidir gur chuala an dalta seo an tuiseal ginideach níos minice ná an tuiseal ainmneach.

I sampla a naoi, tá an tuiseal ginideach uatha in úsáid ag an dalta in áit an tuisil ainmnigh uatha. B’fhéidir gur furasta seo a mhíniú nuair a smaoinítear ar cé chomh minic agus a chluineann daltaí *a dó/trí/ceathair a chlog* nó *uair an chloig*. Is annamh a chluinntear é gan séimhiú. Ach seo an dalta a rinne na hearráidí is mó maidir leis na tíortha agus is léir nach bhfuil greim docht aici ar inscní.

I sampla a deich aithníonn an dalta na difríochtaí idir firinsneach agus baininsneach, ach cad a bhí i gceist ag an dalta seo? *Is baile í (an baile seo)* nó *Is baile í (an áit seo)*. Léiríonn an **Foclóir Gaeilge-Béarla** gur féidir faisnéis bhaininsneach a chur in abairt le hainmní firinsneach *Is maith an cothú í (an cháis)* (1977: 688) nó a mhalairt *Is meisciúil an deoch é (an poitín)* (1977: 467). Mar sin de, léiríonn an sampla seo go bhfuil an scéal níos casta ná a shílfi.

#### 4.10 Réimíreanna agus comhfhocail

Níor tharla na hearráidí seo ach go fíorannamh. Cuimsíonn siad 2.3% den bhailiúchán. Seo thíos na samplaí go léir a fuarthas.



### Na samplaí agus anailís orthu

1. Ródearfach (2A1)
2. Ródírithé (1D2)
3. Rófáiltiúil (2C1)
4. Rótógtha (2B1)
5. An-cuid (1G2) agus (1D2, 2B2 faoi dhó)
6. Tionchar an-mór (2D1)
7. An-béim (2B2) (faoi dhó)
8. An-thógtha (1G1)
- Comhfhocail**
9. Príomh tionchar (2E2)
10. An ghnáth daoine (2E1)

I samplaí a haon go seacht, fágtar an séimhiú ar lár. Baineann an earráid seo le seachtar daltaí agus dá bhrí sin níl sí chomh forleathan sin. Ach baineann sí le dhá scoil: beirt i scoil a haon agus cúigear i scoil a dó. I samplaí a haon go dtí a ceathair scríobhann na daltaí na focail seo mar fhocail iomlána. Go minic nuair a bhaineann daoine úsáid as *ró* mar réimír cuireann siad fleiscín idir é agus an focal. Níor chóir seo a dhéanamh ach amháin má tá guta ag tús an fhocail i ndiaidh *ró*.

I sampla a hocht, feicimid go bhfuil séimhiú curtha isteach gan ghá.

Sna samplaí seo den chomhfhocal tá séimhiú agus leaganacha táite de na focail in éagmais. I sampla a naoi tá an réimír agus an t-ainmfhocal scartha. Ní chuireann an dalta fleiscín idir na focail chun a léiriú go bhfuil ceangal eatarthu. Sa Bhéarla tá an fleiscín ag meath toisc nach bhfuil daoine cinnte faoi conas é a úsáid agus tá an éiginnteacht chéanna sa Ghaeilge. Léiríonn an **Foclóir Gaeilge-Béarla** ceithre shampla mar a bhfuil fleiscín ann idir an réimír *Príomh* agus an t-ainmfhocal; *príomh-aire*, *Príomh-Aturnae*, *príomh-bhreitheamh*, *Príomh-Chúirt* (1977: 970-1). Ina dhiaidh sin, is focail chomhtháite iad na focail eile. I n**Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** tá tagairt ann do na focail chomhtháite seo a bhfuil fleiscín orthu (1999: 20). Maíonn an graiméar go mbaineann an fleiscín le teidil dhílse, ach ansin níos faide ar aghaidh ní dhéanann sé tagairt siar don riail seo chun na heisceachtaí seo a léiriú nuair a thaispeánann sé gur focail chomhtháite iad na focail a bhfuil *príomh* acu mar réimír (1999: 247). Tá **Treoracha d'aistritheoirí** scríofa ag an nGúm agus tá siad níos soiléire faoi úsáid an fhleiscín. Ba chóir é a úsáid “I gcomhfhocal nuair is ceannlitir atá i dtús an dá fhocal: e.g. Ard-Aifreann, Ard-Aighne, Príomh-Aturnae, Príomh-Chúirt.” (:9) Ar a laghad, sin ceithre fhocal ina bhfuil an riail cinnte faoin bhfleiscín. Mar sin de, caithfidh daltaí féachaint ar cheithre fhoinsé chun teacht ar an eolas cruinn faoin riail seo, agus fiú ansin tá seans maith ann nach mbeidh siad go hiomlán cinnte.

Tá sampla a deich speisiúil toisc go mbaineann an dalta úsáid as an alt san uatha cé go bhfuil an t-ainmfhocal san iolra. Tá séimhiú ar *ghnáth* agus níl séimhiú ar *daoine*. Ní tháthaíonn an dalta *ghnáth* agus *daoine* le chéile. Léiríonn sampla mar seo an tábhacht atá le cruinneas. An bhfuil *daoine an-ghnácha* nó *na gnáthdhaoiné* ar intinn an dalta?

### 4.II Séimhiú agus urú a bhaineann le réamhfhocail agus gnéithe eile de réamhlitreacha

Cuimsíonn earráidí sa mhír seo 16% den sampla iomlán, an-ard i gcomparáid leis na catagóirí eile. Sa mhír seo pléifear séimhiú, urú, réamhlitreacha seachas urú, agus nasc an réamhfhocail

agus araile. Is fiú a lua go gcuireann **Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** *ach, amhail, gan, go dtí, idir, mar, murach, ná seachas*, isteach mar réamhfhocail (1999: 226)

Tá na hearráidí sa mhír seo tromchúiseach go leor toisc gur cuid lárnach den teanga iad na réamhfhocail agus go gcaithfidh an foghlaimeoir iad a úsáid: tá siad dosheachanta. Sa taighde a rinne sé i 1981, léiríonn Dónal Ó Baoill gur eascair níos mó ná dhá thrían de na hearráidí foclaíochta as an réamhfhocail agus a mbaineann leis (Ó Baoill, 1981: 202).

Tá sé riachtanach go dtuigfeadh daltaí Ardteistiméireachta conas a théann réamhfhocail i bhfeidhm ar ainmfhocail. Ba chóir dóibh na patrúin seo a shealbhú de réir mar a théann siad tríd an gcóras oideachais sa chaoi is go mbeidh na bunphatrúin acu go luath agus go bhfoghlaimeoidh siad faoi na heisceachtaí de réir mar a fhorbraíonn a dtuiscint ar an teanga. Tá go leor bríonna éagsúla ann a bhaineann leis na hathruithe a thagann ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail, mar sampla, *idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath* agus *idir fhir agus mhná* agus *idir dhaoine*.

Tá nósanna ag na canúintí éagsúla maidir le réamhfhocail. Ag brath ar láthair na scoile, d'fhéadfadh an múinteoir cúrsaí canúnachais a lua leis na daltaí maidir leis na nósanna atá ann i gcanúint Chúige Uladh, i gcanúint Chúige Mumhan agus i gcanúint Chúige Chonnacht. Ach roimh ré is fiú do mhúinteoirí a bheith cinnte faoi cad é an difear idir na canúintí agus an Caihdeán Oifigiúil. Ní bhíonn saoi gan locht.

Rinne na daltaí uile earráidí sa mhír seo. Bhí 98 n-earráid ann. Ar dhéanamh ainilíse ar chéatadán na n-earráidí sa mhír seo feictear go mbaineann 55.67% díobh le séimhiú a fágadh ar lár agus go mbaineann 22.68% díobh le séimhiú a cuireadh isteach gan ghá. Baineann 17.53% de na hearráidí le hurú a fágadh ar lár. Agus tá sampla amháin ann agus is léir nach raibh an dalta cinnte cé acu séimhiú nó urú ba chóir a úsáid agus dá bharr sin tá séimhiú agus urú ar an gceann sin. Baineann 3.1% díobh le húsáid chanúint Chúige Uladh i mBaile Átha Cliath. Ós rud é nach gnáthghnás í canúint Chúige Uladh a úsáid anseo, cuireadh na samplaí seo i measc na n-earráidí.

#### Na samplaí agus anailís orthu

- |                          |                                |
|--------------------------|--------------------------------|
| <input type="checkbox"/> | 1. Sa ceantar (2E2) (faoi dhó) |
| <input type="checkbox"/> | 2. Faoi daoine (2D1)           |
| <input type="checkbox"/> | 3. Ó daoine (2E1)              |
| <input type="checkbox"/> | 4. Do forbairt (4A2)           |
| <input type="checkbox"/> | 5. Le dhathanna (2B2)          |
| <input type="checkbox"/> | 6. Ar an bóthar (7A1)          |
| <input type="checkbox"/> | 7. Tríd an cathair (2E1)       |
| <input type="checkbox"/> | 8. I foraoisí (4A2)            |
| <input type="checkbox"/> | 9. Óna gchairde (2D1)          |
| <input type="checkbox"/> | 10. Ar fadhb (2E1)             |

Tá na hearráidí seo an-fhorleathan agus níl siad teoranta d'aon réamhfhocail amháin ar leith mar a fheictear ó na samplaí thuas. Sna samplaí ó a haon go dtí a ceathair tá séimhiú fágtha ar lár. I sampla a ceathair, tá an uaschamóg agus an séimhiú ar lár, tá *do forbairt* ann in ionad *d'fhorbairt*. San am chéanna, in **New Irish Grammar** leis na Bráithre Críostaí (1980: 5) maíonn sé go bhfuil *lán de ór, de asal, do Áine, do Fheargal* in úsáid freisin, ach níl sé seo le feiceáil i gceachtar den dá eagrán de **Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí**. Deir an t-eagrán is deireanaí:

**22.5** Is gnách *d'* a chur in ionad *de* agus *do*, roimh ghuta nó roimh *fh* a bhfuil guta ar a lorg: *lán d'ór (de ór); tabhair d'Fhearghal (do Fhearghal)* é. Ach *do fhréamh; de fhlaith*. (1999: 227)

An bhfuil graiméir na Gaeilge ar aon ghuth faoi na rialacha an t-am ar fad? Agus an dtéann seo i bhfeidhm ar thuiscint an mhúinteora agus an dalta?

Tá sampla a cúig spéisiúil. Tá séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail nuair nach bhfuil gá le séimhiú. I measc na samplaí a bhaineann le séimhiú a cuireadh isteach gan ghá ba é an dalta seo a chruthaigh 81.82% de na samplaí, mar shampla, *Ar fhud na cathrach, Dul go Pháirc, Sa thír, agus Sna pháipéirí*. Ar leibhéal eile bhí caighdeán réasúnta teanga ag an dalta seo.

I sampla a sé, ní chuireann an dalta urú ar an ainmfhocail i ndiaidh an réamhfhocail agus an ailt, fághtar an t-ainmfhocail lom. I sampla a seacht agus a hocht ní chuireann na daltaí seo urú ar an ainmfhocail. Déanann naonúr daltaí an earráid seo agus tá 17 n-earráid ann. Ní chuireann daltaí urú ar *b, c, d, f, g, p, ná t*. Is iad seo na litreacha a bhfuil urú riachtanach orthu. Feictear go gcreideann na daltaí seo gur fearr an fhadhb a sheachaint ar fad nuair nach n-úsáideann siad urú ná séimhiú. I sampla a naoi, chuir an dalta seo an dá rud isteach chun a bheith cinnte! Níor tharla seo ach aon uair amháin. Ach léiríonn sampla a dó thuas agus na samplaí *ón phictiúr* agus *éifeacht ar an gnáth dhuine*, nach bhfuil aon chóras cinnte ag an dalta seo i dtaca le séimhiú ná le hurú.

Cuireadh sampla a deich isteach anseo le taispeáint nach de thimpiste nár shéimhigh an dalta seo *fadhb* i ndiaidh an ailt sa mhír roimhe seo. Is leis an dalta seo a bhaineann 27.8% de na hearráidí mar a bhfuil séimhiú fágtha ar lár i ndiaidh an réamhfhocail. Ní shéimhíonn an dalta *b, c, d, f, g, m, p, s, ná t* sna samplaí atá anseo. Cén uair a fhoghlaimíodh daltaí mar seo faoi séimhiú agus urú? Conas is féidir linn cabhrú leo foghlaim? Beidh an chuid seo dá saol oideachasúil thart i ndiaidh na hardteistiméireachta. Má dhéanann siad staidéar ar an nGaeilge ag an tréimh leibhéal is dócha go mbeidh na léachtóirí ag súil nach mbeidh orthu rud éigin chomh bunúsach leis seo a mhúineadh dóibh.

#### 4.II.a Réamhlitreacha seachas urú

I n**Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** sa chaibidil ar úsáid na réamhlitreacha tá cur síos ann ar conas urú a úsáid mar réamhlitir, ach san anailís seo ós rud é go ndearnadh trácht ar urú thuas beidh scrúdú á dhéanamh ar na hearráidí a bhaineann leis na réamhlitreacha eile sa mhír sin.

Ní raibh ach 13 earráid sa mhír seo, ach rinne naonúr daltaí iad. I 69.23% de na samplaí fágadh *h* ar lár roimh ghuta ag tús ainmfhocail. Ach i sampla eile (7.69%) cuireadh *h* isteach gan ghá. In dhá shampla (15.38%) coinníodh *t* roimh an ainmfhocail nuair ba chóir é a fhágáil ar lár. Agus i sampla eile (7.69%) níor cuireadh *t* roimh an ainmfhocail.

##### Na samplaí agus anailís orthu

1. Cosúil le alcól (2D1)
2. Sa hEorap (2E2)
3. Faoin t-am seo (1B1)
4. Ar an shocáí (4A1)

I sampla a haon fágann an dalta an réamhlitir *h* ar lár roimh an nguta. Mar a scríobhadh thuas is í seo an earráid is coitianta sa mhír seo. An bhfágann na daltaí ar lár í toisc go bhfeictear dóibh gur fusa na focail a aithint sa chaint agus sa scríbhneoireacht? I sampla a dó, is é seo an dalta

nach séimhíonn focail in aon áit, ach sa chás seo in ionad *i + an* roimh ainmfhocal = *san* cuireann sí *h* roimh ghuta tosaigh an ainmfhocail. Ta tuiscint ann gur gá athrú éigin a dhéanamh, ach ní dhéanann sí an t-athrú ceart anseo. Ní le holc a bhím i gcónaí ag díriú ar an dalta seo ach toisc go léiríonn an dalta seo éiginnteacht i measc daltaí áirithe faoin gcóras seo ar fad.

I sampla a trí, ní fhágann an dalta seo an réamhlitir *t* ar lár roimh an nguta in *am*. I samplaí eile dúradh go raibh seans ann nár chúir na daltaí an réamhlitir *h* roimh fhocail áirithe toisc gur fusa dóibh na focail sin a aithint. Sa chás seo tá a mhalairt ag tarlú, ach arís b'fhéidir go mbaineann sé le minicíocht agus soiléireacht in intinn an dalta. Tá seans ann gur minice a chluineann daltaí *an t-am* agus *cén t-am* ná *am* mar fhocal leis féin, agus nuair a bhíonn siad faoi bhrú go dtarraingíonn siad ar *t-am* i ndiaidh an réamhfhocail agus an ailt mar gheall ar na struchtúir eile.

I sampla a ceathair is dócha go raibh an dalta ag iarraidh *ar an sochaí* a scríobh ach tá *h* san áit mhícheart. Ní shéimhítear *s* i ndiaidh an ailt in aon *am*. Dá mbeadh *shocaí* litrithe i gceart mar *sochaí* bheadh gá leis an réamhlitir *t* roimh an *s* toisc gur focal baininsneach é.

#### 4.11.b Nasc an réamhfhocail leis an alt nó le foirmeacha eile

Níor tháinig earráidí mar seo chun cinn go minic, ní raibh ach cúig cinn ann agus rinne ceathrar daltaí iad.

##### Na samplaí agus anailís orthu

1. Ba cheart deireadh a chuir le alán (1C2)
2. San saothar seo (1E2)
3. Faoi an easpa seo (4A1)
4. Tríd thimpiste (7A1)
5. Tríd a bheith ag caint (7A1)

I sampla a haon nascann an dalta *a* le *lán* nuair ba chóir *a* a nascadh le *le* chun *lena* a dhéanamh. Ach cé mhéad sampla den chineál seo a fheiceann daltaí? Agus má fheictear don dalta seo gur focal amháin é *alán* ní féidir *a* a nascadh le *le*. I sampla a dó níl aon ghá leis an *n* ag deireadh *san* toisc go bhfuil consan ann ag tús an ainmfhocail.

I sampla a trí ní nascann an dalta *faoi* agus *an*. Tá foirm tháite ag cúig réamhfhocal *den*, *don*, *faoin*, *ón*, *sa(n)*, ach tá foirm scartha ag aon réamhfhocal déag *ag an*, *ar an*, *as an*, *chuig an*, *idir an*, *ionsar an*, *leis an*, *roimh an*, *thar an*, *tríd an*, *um an*. Is dócha gur gasta a thagann foirm scartha chun cuimhne ná foirm tháite nuair a bhíonn dalta faoi bhrú, agus níl aon athrú le déanamh ar litriú na bhfocal ach oiread. Ach is fiú a lua go bhfuil an fhoirm “faoi an” forleathan i dtéacsanna sa seanchló ó scríbhneoirí Chúige Uladh sna tríochaidí. Mar sin de, ní raibh an riail chomh daingean sin.

Ach ós rud é go bhfuil plé á dhéanamh anseo ar an alt, is fiú aird a tharraingt ar an rud a scríobh Niall Ó Dónaill faoi Shéamus Ó Grianna. Sa sliocht seo thíos déanann sé trácht ar earráid fhoghraíochta agus ar an tslí ar réitigh Séamus Ó Grianna í ina chuid scríbhneoireachta. Agus cé nach mbaineann sí go díreach leis na hearráidí seo tá sé spéisiúil:

Agus le filleadh ar Shéamus (ós air a tharraing mé an aiste seo) bhí claonadh as miosúr aige – cé go dtug sé cúl go bunúsach le litriú foghraíochta – litreacha a fhágáil ar lár ar fad as focail áirithe agus camóga a chur ina n-áit. Bhain sin go speisialta le *an* (an t-alt) agus *ag* (roimh ainm bhriathartha): *a' lá sin*, *a' magadh orm*. Bhí a chúis aige leis sin aige. Bhí cluas chomh hógair aige agus go ngoilleadh mí-fhuaim ar bith i labhairt na

Gaeilge air. Bhí a oiread de ghráin aige ar léitheoirí gan oiliúint a bheith ag fuaimniú na gconsan balbh i bhfocal mar *an* agus *ag* agus gur mhian leis stop a chur leo de dheoin nó dh'ainneoin. (1981: 22)

Agus i staidéar a rinne ITÉ ar Ghaeilge labhartha múinteoirí i mBaile Átha Cliath sna hochtóidí deir Dónall Ó Baoill faoi úsáid an ailt:

Cuirtear an fuaimniú céanna le 'An' is cuma cé acu mír choibhneasta, an t-alt nó réimír threise é. (1989: 11)

Níl aon duine ag moladh gur chóir fillleadh ar nós Shéamuis Uí Ghrianna toisc go mbeadh baol ann gur mhó an mearbhall a bheadh ar dhaoine ná atá faoi láthair.

I samplaí a ceathair agus a cúig, baineann an dalta úsáid as *tríd* in áit *trí* agus *trína*. Léiríonn seo gur earráid í seo atá ag an dalta agus nach botún aonair é. Ach is réamhfhocal débhríoch é *trí* toisc go bhfuil an chuma chéanna air agus atá ar an uimhir *trí*. Dá bhfeicfeadh léitheoirí abairt mar seo *Is trí gheata a chuaigh mé* agus mura mbeadh aon abairt eile ann roimpi chun comhthéacs a chruthú, bheadh dhá rogha ann faoin gciall a bhainfeadh le *trí gheata* go dtí go bhfeicfidís an briathar *chuaigh*. Nó thiocfadh a scríobh *Is trí gheata a cheannaigh mé* mar fhreagra ar cheist *cad a cheannaigh tú?* B'fhéidir gurb é sin an fáth a gcuireann an dalta *d* ag deireadh *trí* i sampla a ceathair, ba mhian leis a léiriú gurb é an réamhfhocal a bhí ann. Cé nach bhfuil an dalta seo cruinn nó ceart ó thaobh na Gaeilge de tá loighic áirithe leis an dá shampla seo. De réir ghramadach agus ghnás na teanga bheadh na hathruithe seo a leanas riachtanach le *trí*:

*trí* + ainmfhocal = *trí fhuinneog*, *trí dhoras*, *trí aiteann*

*trí* + *an* = *tríd an*;

*trí* + *na* = *trí na*;

*trí* + *a* = *trína*.

I gcás an dalta seo, níl ach *tríd* in úsáid, agus dá bharr sin ní gá don dalta aon athrú a dhéanamh ar an réamhfhocal *tríd*. Níl sampla ann de *trí* + *na* le feiceáil sa dá aiste, mar sin de, ní féidir a rá go cinnte gur rud leanúnach é ina scríbhneoireacht. Ach má fhéachaimid ar na canúintí feicfidimid gurb annamh nach gcuirtear litir éigin ag deireadh *trí* sa chaint i gcásanna nach mbeadh litir ann sa Chaighdeán: *trísna goirt* (Ó Sé, 1995: 26) agus *fríd mo mhéar*, *fríd na caoirigh*, *fríd am* (Ó Searcaigh, 1939: 200). Dá bharr sin, níl an scéal chomh simplí sa chaint agus atá sa scríbhneoireacht, agus b'fhéidir gurb é sin an rud atá ag dul i bhfeidhm ar an scríbhneoireacht.

#### 4.12 Séimhiú fágtha ar lár nó curtha isteach i ndiaidh míreanna agus aidiachtaí

Is lú ná 1% na hearráidí atá sa chatagóir seo.

Déanann ceathrar daltaí earráidí sa réimse seo, agus déanann siad idir earráid amháin agus dhá earráid.

##### Na samplaí agus anailís orthu

1. Is iomaí bhaoill (1A1)

2. Ní ghá (2A1) + (2C1)

3. Ní amháin sin (2C1)

4. Iad ina ndhéagóirí (2B1)

5. Am an mí-shocair (7A2)

I sampla a haon cuireann an dalta séimhiú ar *bhaoill* (bhaoil?), ach níl aon sampla in aon graiméar ná in aon leabhar eile a léiríonn go mbíonn séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh *iomaí*, agus dá bhrí sin, is earráid í seo.

I sampla a dó cuireann beirt daltaí séimhiú ar *ghá* i ndiaidh mhír diúltach na copaille *ní*. Ní shéimhítear an t-ainmfhocal i ndiaidh na míre seo san aimsir láithreach/fháistineach. B'fhéidir go ndeachaigh úsáid na míre diúltaí roimh bhriathra, in aimsirí éagsúla, i bhfeidhm ar na daltaí seo, *ní ghabhann sí*, mar shampla.

I sampla a trí níl an réimír *h* roimh *amháin* i ndiaidh na míre diúltaí, ach an gciallaíonn sin go bhfuil sí mícheart? San **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** tá an réimír *h* i ndiaidh na míre diúltaí *ní hamháin* (1977:39). In Google tá 14,400 sampla de *Ní amháin* ann agus tá 12,200 sampla de *Ní hamháin* ann. Dá mba thoghchán é bheadh an bua ag *Ní amháin*. (Ar ndóigh, níl Google iontaoifa, ach tá sé suimiúil mar thomhas garbh). Tá leagan eile de *Ní amháin* ann, agus is é sin *Ní hé amháin*, agus sa chás sin níl an réimír *h* ann. Ach dá mbeadh dalta nó múinteoir ag brath ar ghraiméar chun teacht ar an riail a bhaineann leis an sampla seo an mbeadh siad in ann é a dhéanamh gan dua? Cé nach mbaineann an sampla a leanas le *amháin* léiríonn sé na deacrachtaí a bheadh acu. Tá níos mó ná graiméar amháin ar fáil sna siopaí agus má roghnaítear **Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge** (1979), **New Irish Grammar** (1980), agus **Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** (1999), agus má fheictear ar *ionann* feicfead *ní ionann* (1979: 92), *ní ionann* (1980:24), *ní hionann* (1999: 37). San **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** tá *ní hionann* ann (1977: 724), mar sin de, tá rialtacht loighciúil le feiceáil i litriú *ní hamháin* agus *ní hionann*. Ach má tá daltaí agus múinteoirí ag baint úsáide as na graiméir eile conas is féidir leo bheith cinnte go bhfuil na graiméir sin iontaoifa? Tagann athruithe ar na rialacha, ach ní thagann athruithe sna graiméir atá i gcló cheana féin agus atá ag múinteoirí, ag daltaí agus atá i leabharlanna scoile. Ní théann easpa réimíre i bhfeidhm go mór ar chiall *ní hamháin* ná *ní hionann*, ach an bhfuil an neamhréir seo le feiceáil in aon áit eile sna leabhair seo?

Roghnaíodh sampla a ceathair toisc gur chuir an dalta séimhiú agus urú ar an ainmfhocal nuair nach bhfuil gá ach le hurú. Léiríonn an sampla seo botún mar gheall ar bhrú ama nó earráid de dheasca éiginnteachta. Más earráid í a bhaineann le héiginnteacht léiríonn sé nach bhfuil rialacha litrithe atá taobh thiar de *i mo/do chodladh/dhúiseacht, ina c(h)odladh/d(h)úiseacht, inár/in bhur/ina gcodladh/ndúiseacht* ag dul i bhfeidhm ar roinnt daltaí.

I sampla a cúig, is cosúil gur *am an-mhishocair* atá i gceist ag an dalta. Fágann sí an séimhiú ar lár i ndiaidh na réimíre *an*. Léiríonn seo an tábhacht atá le fleiscíní sa scríbhneoireacht.

#### 4.13 An réamhfhocal mí oiriúnach in úsáid

Cuimsíonn na hearráidí seo 3% den bailiúchán earráidí agus baineann siad leis na réamhfhocail go léir.

Bhí 23 earráid ann agus rinne ceithre dhalta dhéag iad. Rinne siad idir earráid amháin agus cúig earráid. Baineann 52% de na hearráidí leis an réamhfhocal *do*. Baineann thart ar 12.5% le *ag*. Baineann beagnach 17% díobh le *ar*. Baineann 4.3 % díobh le *as*. Baineann an céatadán céanna le *chuig* agus le *le* araon.

##### Na samplaí agus anailís orthu

1. De dhíth ag (1G2)
2. Bíonn trua againn ar Eithne (2C1)

- 3. Bhí siad bródúil dó (1F2)
- 4. Céard is ciall leis a bheith Éireannach (1E2)
- 5. Ag teastáil acu (4A1)
- 6. Bhí rogha do vótóirí (7A2)
- 7. Is minic a chloistear scéal do dhaoine (2C1)
- 8. Bhí siad dílseach chuig aon aidhm amháin (1A2)
- 9. Ceann dos na mná (1D1)
- 10. Cuid don chanbhás (1F2)

I sampla a haon ba chóir *ar* a úsáid in ionad *ag*. Níl aon leagan eile in úsáid sa teanga ina mbeadh *ag* agus *de dhíth* ceangailte le chéile. I sampla a dó níl leagan san fhoclóir mar a bhfuil *trua* agus *ar* le feiceáil. Ba chóir *Bhí trua againn d’Eithne* a scríobh. Ach tá *Chuirfeadh sé trua ort* ann san fhoclóir chomh maith, agus tá seans ann gurb é seo an rud a chruthaigh an abairt thuas.

I sampla a trí tá tionchar an Bhéarla agus éiginnteacht idir *de* agus *do* le feiceáil. Tá *proud of* i gceist ach ní scríobhann an dalta *bródúil as*. Shílfi go mbainfeadh an dalta úsáid as *de* toisc go bhfuil baint ag an réamhfhocail sin le *of* chomh maith, ach de bhrí go mbaineann a lán daoine úsáid as *do* in áit *de* éiríonn an abairt níos casta arís.

I sampla a ceathair úsáideann an dalta an réamhfhocail ceart, ach foirm mhí-oiriúnach de. B’fhearr *le bheith Éireannach* (mar aidiacht) nó b’fhéidir *le bheith i d’Éireannach* (mar ainmfhocail). An bhfuil nuachtáin agus meáin chumarsáide an Bhéarla ag dul i bhfeidhm ar an nGaeilge i gcásanna mar seo? Ní deacair a chreidiúint nach bhfeicfeá seo sa Bhéarla mar cheannteideal ailt “*What does it mean to be Irish?*”

I sampla a cúig, baineann an dalta úsáid as *acu* in ionad *uathu*. Bíonn an briathar *teastaigh* agus an réamhfhocail *ó* in úsáid go minic sa chaint *ó* naíonra ar aghaidh agus is deacair a thuiscint conas a dhéanfadh dalta earráid mar seo.

I sampla a sé, b’fhearr an réamhfhocail *ag* a úsáid. Tá cuma ar an scéal go bhfuil daoine ag iarraidh an teanga a shimpliú nuair a úsáideann siad *do*. Luann **Treoracha d’Aistritheoirí** *do* agus é ag plé leis an droch-Ghaeilge:

- ‘Do’ á úsáid nuair ba slachtmhaire, murar chirte (de réir an chomhthéacs) ‘le haghaidh/i gcomhair/faoi choinne/ar son’ a úsáid, e.g. *Bronntanais i gcomhair na Nollag* agus ní ‘Bronntanais don Nollaig’. (:11)

Ach is deacair teacht ar a leithéid d’eolas go furasta. I sampla a seacht ar chirte ‘le haghaidh daoine’ a úsáid in áit ‘do dhaoine’?

I sampla a hocht, nuair atá gá leis an réamhfhocail *do* fagann an dalta seo ar lár é. Tá sé suimiúil go bhfuil macalla *de to* (*Tá mé ag dul chuig an dochtúir*) an Bhéarla san abairt “chuig aon aidhm amháin”. Is é an réamhfhocail *do* a théann le *dílis* i gcónaí. Cá haírt ar chuala an dalta seo *chuig* sa chomhthéacs seo? Nó ar aistríodh é ón mBéarla?

I samplaí a naoi agus a deich meascann na daltaí seo na réamhfhocail *de* agus *do*. Níl an bundífeart idir an dá réamhfhocail sealbhaithe i gceart ag cuid mhaith daltaí. Tarlaíonn a leithéid sa chaint i measc cainteoirí dúchais chomh maith (Ó Baoill, 1996: 93; Ó Sé, 1995:27; Ó Murchú, 1998: 32). Má tharlaíonn an earráid seo go nádúrtha sa chaint conas is féidir earráid a thabhairt air? Ach san am chéanna is fiú díriú ar a leithéid i scríobh na teanga toisc go bhfuil seans ag daltaí machnamh a dhéanamh ar an rud atá á scríobh.

#### 4.14 Foclóir

Bhain 8.8% nó mar sin den bhailiúchán na n-earráidí le *Foclóir* an dalta agus, mar a míníodh ag tús na caibidle, tá éiginnteacht áirithe ann ar cheart *earráid* a úsáid mar shaintearma chun cur síos a dhéanamh ar chuid mhaith de na samplaí a tharla sa chuid seo den taighde. Ar an ábhar sin, rinneadh na samplaí a rangú agus a chur i gceithre chatagóir éagsúla: saintearmaíocht, gnáth-théarmaíocht, teanga an déagóra agus ainmneacha dílse.

Tá 12 dhalta san áireamh anseo. Tá 66 shampla d'fhocail nó de théarmaí nár aistríodh. Níor aistríodh téarmaí staire, téarmaí ealaíne, téarmaí polaitíochta, ná tíortha go Gaeilge

##### Na samplaí agus anailís orthu

###### Saintearmaíocht

1. Impressionism (2D2)/Post-impressionism (2D2)
2. Syndicalist (1A2)/Syndicat (1D2)
3. Electoral amendment act (7A2)

###### Tíortha

4. Yugoslavia (2D2)
5. Gnáth-théarmaíocht
6. Battle (1D2)
7. River (2E2)

###### Teanga an déagóra

8. Stoned (1D1)
9. Yob (2E1)

###### Ainmneacha dílse

10. Portobello Nursing Home (1F2)
- Mount Jerome Cemetary (1F2)

Sa chéad chatagóir thuas, tagann 90% de na samplaí as na haistí sna hábhair nach mbaineann leis an nGaeilge. Nuair nach bhfuil saintearmaí Gaeilge ag daltaí, iompaíonn siad ar leagan Bhéarla. D'fhéadfadh cúpla fáth a bheith taobh thiar de seo, easpa aire nó easpa foclóra ina measc. Tá seans ann gur tugadh an téarmaíocht dóibh ach gurbh fhusa dóibh an leagan Béarla a úsáid sa chomhthéacs áirithe sin (más scrúdú a bhí ann mar shampla). B'fhéidir go raibh siad faoi bhrú agus nach raibh siad in ann smaoineamh ar an téarma ceart.

Caithfear a aithint chomh maith go bhfuil seans ann nach bhfuil téacsleabhair Ghaeilge in úsáid sa scoil agus nach raibh an téarma riamh ag na daltaí i nGaeilge. Léigh na daltaí na téarmaí sa Bhéarla. Más féidir leo téarmaí Béarla a chuimhneamh agus litriú casta an Bhéarla in úsáid, ba chóir nach mbeadh aon dua orthu na téarmaí céanna a chuimhneamh i nGaeilge. An bhfuil treoir á tabhairt do na daltaí faoi conas teacht ar an eolas faoi fhocail i nGaeilge? Ba chóir múineadh dóibh faoi fhoclóirí agus faoi fhoinsí ar an idirlíon.

Fiú má tá an téarma cruinn Gaeilge ag na daltaí, tá seans ann gur téarma mínádúrtha é. Tá téarmaíocht Ghaeilge ar fáil ón lucht téarmaíochta ach is tuairim údair amháin é nach "táirge nádúrtha a tháirgíonn siad" (Prút, *Comhar*, Márta 2005: 19).

I sampla a haon tá dhá théarma ón aiste chéanna san ealaín. Tá na téarmaí *impriseanachas* agus *iarimpriseanachas* ar fáil i bhfoclóirí de Bhaldráithe/Uí Dhónaill agus tá *impriseanachas* ar fáil san **Fhoclóir Póca**. Sa leabhar **Ríocht na Súil** (Sheppard, 1992) a d'fhoilsigh an Gúm tá cur síos ar an dá ghluaiseacht seo.



I sampla a dó, is deacair do dhaltaí teacht ar eolas faoi na bhfocail seo. Tá *siondacáit* (syndicate) agus *siondacáiteachas* (syndicalism) in **English-Irish Dictionary** de Bhaldraithe agus tá *sindeacáit* (syndicate) agus *sindeacáitigh* (mar bhriathar) in **Foclóir Gaeilge-Béarla** Uí Dhónaill, ach níl na téarmaí thuas le feiceáil i gceachtar den dá fhoclóir. Tá *sindeacáiteach* (syndicalist, mar aidiacht agus mar ainmfhocal) ar fáil in **Téarmaí Staire**. Seo saothar de chuid an Choiste Téarmaíochta a d'fhoilsigh COGG, ach tá na téarmaí seo ar fáil ar líne chomh maith. Ach arís anseo níl sé chomh furasta teacht ar an eolas seo mura bhfuil ríomhaire ag an dalta.

I sampla a trí shílfi go mbeadh an ceann seo níos simplí, ach má chuirtear an téarma seo isteach in **focal.ie** níl an téarma le fáil sna torthaí beachta ná sna torthaí gaolmhara, ach tá sé luaite sa ghluais bhreise a bhaineann le bunachar Rannóg an Aistriúcháin. Sa chás seo, níl sé scríofa mar atá thuas. Cuirtear lúbíní timpeall an fhocail *amendment* i mBéarla “OF THE ELECTORAL (AMENDMENT) ACT 2004.” agus i nGaeilge “den Acht Toghcháin (Leasú) 2004.” Mar gheall air seo, seachnaítear an ghinideach. Ach léiríonn an sampla seo nach mbíonn eolas iomlán ag na daltaí i gcónaí faoi na struchtúr i mBéarla, ach níl an locht orthu.

I sampla a ceathair, ní raibh leagan Gaeilge den lúgslaiv ná den tSeicslóvaic ag an dalta seo, tá an leagan Gaeilge den dá ainm sna foclóirí agus ar an idirlíon. Is dócha gur furasta ainmneacha mar seo a shealbhú má chluintear go minic iad, ach nuair nach bhfuil na tíortha seo ann a thuilleadh ní bhíonn trácht orthu sa ghnáthchaint, agus dá bharr sin, ní cuid de phatrún cainte na bpáistí iad ach amháin sa seomra ranga, agus b'fhéidir nach leor sin chun iad a shealbhú.

I sampla a cúig, níl i gceist anseo ach focal simplí atá in úsáid sa teanga go minic. Feictear i gcás an dalta seo gurb é an Béarla an teanga atá in uachtar toisc go mbaineann 31% de na samplaí sa mhír seo leis an dalta seo. Tá 21 sampla d'fhocail Bhéarla ag an dalta seo sa dara haiste.

I sampla a sé, is deacair a thuiscint cén fáth nár scríobh an dalta seo *abhainn*. Feictear gur láidre an focal Béarla ná an focal Gaeilge sa chuimhne. Nó an léiríonn seo rud faoi shaol na cathrach? Ach ar aon nós is féidir na téarmaí seo a fháil go héasca in aon fhoclóir. Tá an easpa téarmaíochta seo i bhfad níos tromchúisí ná na samplaí roimhe seo. Má úsáidtear an iomarca téarmaíochta Béarla (gnáth-théarmaíocht mar seo ach go háirithe), caillfear marcanna sna scrúduithe teistiméireachta.

Is spéisiúil go dtarlaíonn teanga an déagóra níos minice san aiste Ghaeilge ná sna haistí eile. Níl ach sampla amháin den chineál teanga seo sa dara haiste. Úsáidtear an sort teanga seo go minic chun cúrsaí óige a phlé (mar a léiríonn samplaí a seacht agus a hocht). Tá gach seans ann sna cásanna seo go gceaptar nach bhfuil an éifeacht chéanna ag leaganacha Gaeilge de na téarmaí seo agus a bheadh ag na téarmaí nua-aoiseacha thuasluaite. Ní dóigh liom go gcuirfeadh an cineál seo téarmaíochta (in úsáid go sprionlaithe) isteach go rómhór ar mharcanna na ndaltaí sna scrúduithe teistiméireachta, murach go raibh an t-uafás de ann.

I samplaí a naoi agus a deich, mura bhfuil aistriúcháin de na háiteanna seo ar fáil, an gá do na daltaí iad a aistriú? Mura bhfuil leagain aontaithe ann cumfaidh daltaí leagain éagsúla agus iad ag scríobh faoin rud céanna, agus ní hé seo an bealach is éifeachtaí chun cumarsáid chiallmhar a dhéanamh.

#### 4.15 Aistriúchán ón mBéarla

Cuimsíonn na hearráidí seo tuairim is 6% de na téarmaí a bailíodh.

Léiríonn Maolmhaodhóg Ó Ruairc cé chomh casta agus atá an cheist seo:

Fadhb an Bhéarlachais arís gan amhras faoi deara an deacracht, dá mb'eol dúinn i gceart anois cad is Béarlachas ann. Mhúineadh na hoidí i Rinn na Feirste, mar shampla, gur lochtach *teach a thógáil* a rá, gur cheart *teach a dhéanamh*, go dtí gur fhoilsigh Séamus Ó Grianna saothar dar teideal *An Teach nár Tógadh* i 1948. Dúradh linn riamh gur cheart a rá gur *léigh an sagart an t-aifreann*, nach raibh ann ach Béarlachas *dúirt an sagart an t-aifreann a rá*. Ba chuma go raibh an t-aifreann á rá ag sagart de réir Mhánaís Uí Dhomhnaill i 1532. Ar an drochuair is minic réambhreith nó claonbhreith féin is cúis leis an mbreith ar cad is dea-Ghaeilge nó droch-Ghaeilge ann. (1996:5)

Mar sin de, caithfidimid uile bheith ar ár bhfaichill nach bhfuilimid ag cáineadh gnásanna teanga atá cruinn.

Úsáideann Ó Baoill agus Ó Domhnalláin an téarma “contrárachtaí teanga” chun cur síos a dhéanamh ar ghnéithe den mháthairtheanga a bhíonn le feiceáil sa sprioctheanga. Luann siad samplaí ar nós “...ag bualadh é... in áit ...á bhualadh... nó *Thóg sé a chóta de* in áit *Bhain sé a chóta de*” (Ó Domhnalláin agus Ó Baoill, 1979: 7).

Bhí 44 earráid ann agus rinne trí dhalta dhéag iad.

#### Na samplaí agus anailís orthu

1. Ba Mike an duine a bhfaigheadh níos ólta (1D1)
2. Chun fháil ar meisce (2B1)
3. An substaint is éasca a fháil tógtha le (2B1)
4. Bhí an cairdeas ag fáil níos láidire (1D2)
5. Daoine na hÉireann (1F2)
6. An tuaithe (4A2) (an tír atá i gceist leis seo)
7. Ag buaille (bualadh) suas duine (2D1)
8. Seasamh síos óna bpostanna (1A2)
9. Sin cén fáth ar thit siad (7A2)
10. Ní riamh déanann a iníon (2C1)

Tá an chéad cheithre shampla thuasluaite bunaithe ar thuiscint litriúil den fhocal ‘get’. Tá bunús stairiúil leis an bhfeiniméan seo; tagraíonn Marie-Louise Sjoestedt-Jonval (atá pléite i gCaibidil III) d’aistriúcháin litriúla de fhrásaí Béarla ar nós *I am getting old* agus *She has got blue eyes* a bhíodh in úsáid i nGaeltacht Dhún Chaoin sna fichidí. Fiú sa tréimhse sin, bhí an téarma *ag fáil* in úsáid in áit *ag éirí*. Níl difríocht rómhór idir na samplaí a luann Sjoestedt-Jonval “Tánn tú ag fagháil reamhar, tá sé ag fagháil fuar, faigh ullamh é (agus) fuair sé slán mé” (Sjoestedt-Jonval, 1928: 111) agus na samplaí thuas. In **Dúchas na Gaeilge** tá liosta fada frasaí ag Ó Ruairc a léiríonn conas is féidir ‘fáil’ a sheachaint (1996: 66-74), ach cé mhéad duine a thuigfeadh an cainteoir a déarfadh nó a scríobhfadh iad? Agus is spéisiúil a lua go bhfuil *éirí* luaite i measc na gciall atá in **An Foclóir Beag** faoi “fáil” (2000: 165), ach níl ach an chiall *éirí* agus frása amháin ann ina diaidh; ní leor í seo chun réimse úsáide a léiriú. Beidh sé spéisiúil le feiceáil nuair a fhoilseofar an foclóir nua Béarla/Gaeilge cé chomh leathan agus a bheidh na hiontrálacha faoi *get*, agus cá mhínic a ghlacfaidh siad le “fáil”.

I sampla a cúig, is léir nár shealbhaigh an dalta seo an téarma *muintir na hÉireann*, nó má shealbhaigh nach ndeachaigh an téarma i bhfeidhm. Tá cuma air seo gur lomaistriúchán ón

mBéarla é. Tá leagan eile ag dalta eile *Daoine na hEorpa* (4A1). Feictear nár fhoghlaim na daltaí seo gur chóir *muintir* a úsáid sa chás seo. Tá seans ann gur caolú teanga atá ann. Is minice a chluineann daltaí *daoine* ná *muintir*, agus dá bhrí sin, nuair a scríobhann siad faoi *mhuintir* (na) x b'fhéidir go roghnaíonn siad an fhoirm is coitianta ina n-inchinn. Ach bhí an fhoirm seo le feiceáil sna hearráidí a rinne na daltaí sna scrúduithe ardteistiméireachta a d'iniúch Ó Domhnalláin agus Ó Baoill sna seachtóidí (1979: 109). Mar sin de, an mbaineann an earráid seo le sealbhú na teanga nó le haistriúchán ón mBéarla?

I sampla a sé ní litríonn an dalta an focal *tuath* i gceart, ach sa mhír seo is í an chiall atá i gceist, agus is léir gur shíl an dalta gurb ionann *tuath* agus *tír*. Ar leibhéal áirithe ní raibh dul amú ar an dalta, féach **An Foclóir Beag**:

**tuath** b2 cine, treibh; tír, dúiche; ceantar lasmuigh de bhaile mór (*fear tuaithe*)

Tá *tír* i measc na bhfocal san iontráil seo a chuireann síos ar chiall *tuaithe*, ach cé mhéad páiste a thuigeann an chiall atá leis na leathstadanna san iontráil seo? Ní mhínítear é ag tús an fhoclóra. Tá *tír* agus *dúiche* ceangailte le chéile anseo. Agus fiú má fheictear ar na foclóirí Gaeilge/Béarla tá na cialla éagsúla seo iontu gan aon treoir faoi cén ceann ba chóir a úsáid i gcásanna áirithe. Maidir le *tuath* is dócha gurb é an téarma *amuigh faoin tuath* is gasta a thagann chun cuimhne, cé gur féidir *amuigh faoin tír* a scríobh freisin. Tá an iontráil seo in **An Fhoclóir Póca**:

**country** n tír, dúiche; tuath

Agus ar a laghad sa chás seo míníonn scríbhneoirí an fhoclóra an chiall atá leis an bponcaíocht sa réamhrá:

Commas are used in both sections to separate words with the same or similar meaning, or where specific meanings have been flagged; a semicolon separates various shades of meaning within the entry. It should be noted, however, that semantic ranges in the two languages do not always correspond exactly. (1986: vii)

Mar sin de, ní hionann *tuath* agus *tír* go séimeantach. Ach cé mhéad páiste a thuigfeadh sin? Agus an bhfuair an dalta thuas an focal i bhfoclóir mar seo?

I sampla a seacht, úsáidtear an frása *ag buaille suas duine* mar aistriúchán ar *to beat someone up*. Tá cuma fogharscríofa ar *buaille*, ach *l* caol atá ann in ionad *l* leathan *bualadh*. Tá sé spéisiúil go bhfuil an litriú seo cosúil le litriú an fhocail *buaille* sa fhrása *ruaille buaille*: tá ceangal idir clampar *ruaille buaille* agus foréigean *bualadh*. Ach ní aithníonn Ó Dónaill an bhrí *bualadh suas* ar chor ar bith; luann sé *strike up* mar aistriúchán air (Ó Dónaill, 1977: 1179). Ach cé go bhfuil frásaí eile ann *duine a ghreadadh le dorn*, *greadadh a thabhairt do dhuine*, mar shampla, an dtuigfeadh gach duine iad?

I samplaí a hocht, feictear go bhfuil brí níos forleithne leis an bhfocal *síos*. In ionad *seasamh siar* nó *éirí as*, seasann daoine *síos*. Úsáideann beirt sa rang céanna an leagan seo: an ceann thuas agus tá *Sheas Edward síos* ag 1B2. Mar sin de, tá an frása seo i gcaint na ndaltaí sa rang seo. Bheadh leagain mar seo lonnaithe i gcaint na Gaeltachta le dhá nó trí ghlúin anuas.

I sampla a naoi, an aistriúchán ón mBéarla atá i gceist anseo? Bheifí ag súil le *Sin an fáth ar thit siad* ach baineann an dalta úsáid as an bhfoirm cheisteach *cén fáth*. Seans gur botún a bhí ann i intinn a bhí faoi bhrú. In abairtí mar *inis dom an fáth a ndearna tú sin nó taispeáin dó an rud a rinne tú* is féidir a scríobh *inis dom cén fáth a ndearna tú sin* nó *taispeáin dó cad a rinne tú*, ach

ní féidir sin a dhéanamh i gcás abairte a thosaíonn le *sin*. B'fhéidir go ndeachaigh an struchtúr eile i bhfeidhm uirthi nó b'fhéidir go raibh an dalta ag smaoineamh ar fhoirm cheisteach an Bhéarla.

I sampla a deich, tá cuma ar an abairt seo *the daughter never makes* go bhfuil struchtúr an Bhéarla ag dul i bhfeidhm uirthi toisc go gcuireann an dalta *riamh* i ndiaidh na míre diúltaí agus roimh an mbriathar. Ar ndóigh d'fhéadfaí a rá go ndéantar fócasú mar seo, ach níl *a* na míre coibhneasta ann, agus níl aon séimhiú ar an mbriathar chun an athrú seo a léiriú. Tá sampla eile ag an dalta seo *Nach riamh chuala sé faoi* (2C1) (that he never heard about). Sa Bhéarla bíonn an *never* roimh an mbriathar agus sin an rud atá ag tarlú anseo sa Ghaeilge.

Ó bunaíodh an stat (agus is dócha go bhfuil an meon seo ann go fóill) chaith daltaí, múinteoirí agus saineolaithe teanga an oiread sin ama ag díriú ar shéimhiú, urú agus rialacha eile go ndearna siad dearmad aird a dhíriú ar úsáid nádúrtha na teanga féin. Tá seans ann gur shíl oideachasóirí go gcuirfeadh na dea-scríbhneoirí (Péig Sayers, Tomás Ó Criomhthainn, Séamus Ó Grianna, Pádraic Ó Cónaire agus araile) na daltaí ar bhealach a leasa ó thaobh teanga nádúrtha de, ach ní hí an teanga is cuimhin le daltaí ach an drochshaol agus an cruatan: mar a dúirt Marshall McLuhan fadó "The medium is the message". Agus rinne daoine staidéar orthu mar litríocht agus rinne siad dearmad ar an teanga shoiléir nádúrtha a scríobh siad.

Tá an scoilt idir Gaeilge nádúrtha agus Gaeilge na scoile le feiceáil sa scéal seo faoi Séamus Ó Grianna ar ghnách leis dul ar cuairt chuig teach Sheáin Mhic Mhaoláin i mBaile Átha Cliath sna triocháidí:

Is cuimhin lena iníon Róise an teach a bheith lán de Ghaeilgeoirí. Is cuimhin léi Séamus Ó Grianna a bheith ann go rialta, uair sa tseachtain ar a laghad. Luann sí an t-am a rinne Séamus Ó Grianna aiste scoile di as siocair nach raibh mórán spéise aici ina leithéid. Tháinig an aiste ar ais chuici agus í clúdaithe le peann dearg! Deir sí gur bhain siad uilig an-sport go deo as an eachtra sin. (Uí Laighléis, 2003: 54-5)

Níl a fhios againn cad iad na ceartúcháin a rinneadh, ach is cinnte go raibh séimhiú, urú agus litriú san áireamh agus gur bhain na ceartúcháin le cúrsaí canúna freisin (nó fosta!). San am sin bhí Séamus ag scríobh úrscéalta i nGaeilge agus ag aistriú scéalta go Gaeilge a d'fhoilsigh an Gúm: ghlac príomhfhóilsitheoir Gaeilge na tíre lena chuid Gaeilge ach níor ghlac múinteoir léi!

#### 4.16 Fadhbanna le tuisil agus le comhaireamh

Cuimsíonn na samplaí seo thart ar 7% nó mar sin den bhailiúchán. Tá 52 earráid sa mhír seo agus rinne cúig dhalta dhéag earráidí. Rinne siad idir aon earráid agus seacht n-earráid. Baineann thart ar 39.5% de na hearráidí le comhaireamh agus baineann an chuid eile le tuisil.

Sna seachtóidí, i dtuarascáil Uí Dhomhnalláin agus Uí Bhaoill léirigh siad mí-úsáid na n-umhreacha agus na dtuiseal: *dhá gluaisteáin, cúpla daoine/cinn, aon daoine, dhá míle chailíní, deich phunt, deich iasc* (1979: 91-105). Is léir thíos go bhfuil na fadhbanna céanna ann go fóill.

Is dócha, i gcás daltaí, gur crá croí iad uimhreacha na Gaeilge. Caithfidh siad rialacha faoi mhaoluimhreacha (*a haon, a dó, a trí, a ceathair*), faoi bhnuimhreacha neamhphearsanta (*aon, dhá, trí, ceithre*), faoi uimhreacha pearsanta (*duine, beirt, tríúr*) agus faoi orduimhreacha (*aonú, dara, tríú*) a shealbhú. Tá neamhrialtacht áirithe ag baint leis na huimhreacha is mó úsáid. Léiríonn an riail thíos faoi thuiseal an ainmfhocail i ndiaidh na huimhreach pearsanta ceann de na fadhbanna a bhaineann le huimhreacha. Sular cuireadh An **Foclóir Gaeilge-Béarla** i gcló, ghlac múinteoirí leis an riail ghramadach atá le feiceáil in **Gramadach na Gaeilge agus Litriú na**

**Gaeilge** a cuireadh i gcló den chéad uair i 1958:

Is í foirm an ainmnigh uatha den ainmfhocal a thagann i ndiaidh *beirt*, *triúr*, etc. de ghnáth, e.g., *beirt bhacach*, *ceathrar bádóir* – ach *beirt bhan*, *triúr (ceathrar, etc.) ban*. (1979:41)

I n**Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** in 1960, ní raibh an riail seo le feiceáil chomh soiléir sin: tá tagairtí anseo agus ansiúd d'úsáid na n-uimhreacha pearsanta ach níl abairt amháin ann a luann cén tuiseal a úsáidtear i ndiaidh na huimhreach pearsanta. Maíonn na Bráithre go lom soiléir in **New Irish Grammar** “The **singular** form of the noun is used after *beirt*, *triúr*, etc.” (1980: 79). D’athraigh an **Foclóir Gaeilge-Béarla** an riail seo in 1977, agus cuireadh an t-athrú sin i bhfeidhm go soiléir sa ghraiméar nua in 1999:

Is iad seo a leanas na huimhreacha pearsanta: *beirt*, *triúr*, *ceathrar*, *cúigear*, *seisear*, *seachtar*, *ocht*, *naonúr*, *deichniúr*, *dháréag*. Sa ghinideach iolra a bhíonn an t-ainmfhocal a cháilíonn siad. (:109)

Ní bhfuair aon duine bás toisc gur chloígh múinteoirí leis an seanriail, ach an ndeachaigh sé i bhfeidhm ar chóras marcála? Nó ar chuir sé mearbhall ar dhaltaí a d’fhoghlaim riail amháin agus a léigh téacsanna ina raibh an riail eile i bhfeidhm?

Thiocfadh a lán rudaí eile a phlé maidir le huimhreacha: séimhiú, urú, aidiachtaí, scríobh na n-uimhreacha agus araile. Tá dhá chaibidil an-spéisiúla in *Úrchúrsa Gaeilge* a léiríonn cuid mhaith de na rudaí seo agus mholfainn d’aon mhúinteoir nó d’aon dalta féachaint orthu (Ó Baoill & Ó Tuathail, 1992: 111-122).

#### Na samplaí agus anailís orthu

1. An beirt bean (1E2)
2. Dhá príomhdhath (1E2)
3. Ceann de na céad daoine a thosaigh an tAthbheochan (2B2)
4. An taon cúis (7A1)
5. Na gheimhreadh (2E1)
6. An Bóithre (5A2)
7. An tuaithe (4A2) (an tír i gceist leis seo)
8. Ní áit fáiltiúil í na tíre seo (2C1)
9. Na nban (mar thuiseal ainmneach san uimhir iolra) (1E1)
10. An tUachtaráin (ainmfhocal iolra) (2C2) (in úsáid chomh maith ag 2D1)

I sampla a haon, tá an fhoirm mhícheart seo suimiúil. I ngach graiméar agus i ngach foclóir, is í *an bheirt bhan* an fhoirm a fheicfear i gcónaí. Mura bhfuil aon sampla eile ann beidh an ceann sin ann. Ní shéimhíonn an dalta an uimhir phearsanta ná an t-ainmfhocal, agus tá an t-ainmfhocal sa tuiseal ainmneach. Tá an dalta seo ag dul i dtreo na simplíochta, rud nach bhfuil le feiceáil in aon cheann de na leabhair faoi Ghaeilge na nGaeltachtaí. Luann Ó Murchú go ndeir muintir Chonamara *triúr mná* ach go gclóíonn siad le *beirt bhan* (1998: 27).

I sampla a dó, ní shéimhíonn an dalta céanna an t-ainmfhocal i ndiaidh *dhá*. Ní raibh ach sampla amháin den easpa séimhithe ag an dalta seo sa mhír a bhaineann le séimhiú, mar sin de, tá cuma ar an scéal nach nós leis an dalta seo gan séimhiú a chur ar ainmfhocail. Ach is fiú a lua go dtarlaíonn an rud céanna le beirt daltaí eile sa rang seo: *Dhá bliana* (1B2) agus *An da príomhfactóir* (1G2). Ní shéimhíonn ceachtar den bheirt seo an t-ainmfhocal i ndiaidh na huimhreach. Ar ndóigh

tá fadhbanna eile leis na fráasaí seo, baineann 1B2 úsáid as iolra leithleach *bliana* a bhaineann leis na huimhreacha ó *thrí* go *deich*, nuair ba chóir *bhliain* a úsáid le *dhá*. B'fhéidir gur minice a chuala an dalta seo *trí bliana*, *ceithre bliana* etc., agus go ndeachaigh sin i bhfeidhm ar *dhá bhliain*. Níor shéimhgh 1G2 *dhá* i ndiaidh an ailt agus tá sin go breá, toisc go bhfágтар an séimhiú ar lár ar *dhá* i ndiaidh an ailt, ach seachas an míltriú eile sa fhrása seo nach mbaineann leis an mír seo níor séimhíodh an t-ainmfhocal *príomhfhachtóir* i ndiaidh *dhá*, agus ba é sin an rud a rinne 1E2 chomh maith. B'fhéidir go bhfuil na daltaí seo ag dul i bhfeidhm ar a chéile.

I sampla a trí, níor shéimhgh an dalta seo *céad*. Ach aisteach go leor, caithfear séimhiú a chur ar *céad* sa chás seo, mar a léiríonn **An Foclóir Gaeilge-Béarla “Na chéad daoine, the first people... Ainn na chéad mhná, the name of the first woman... Le teacht na chéad uan, with the coming of the first lambs”** (1977: 200). Ar leibhéal áirithe tá cuma chomh haisteach sin ar an litriú seo gur deacair don intinn géilleadh dó. Agus mura bhfuil an dalta eolach ar ghramadach na Gaeilge agus mura bhfuil mórán léitheoireachta déanta aige taobh amuigh d'obair scoile ba dheacair dó rialacha mar seo a shealbhú.

I sampla a ceathair, fágann an dalta seo fleiscín agus séimhiú ar lár *an t-aon chúis*. B'fhéidir gur scríobh sí an aiste go gasta. Bhí an cineál earráide céanna ag Ó Domhnalláin agus Ó Baoill sna seachtóidí, níor cuireadh séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh *aon*: (*aon*) *bia*, *caighdeán*, *garda* (1979: 100).

I sampla a cúig, maidir le tuiseal, tá gach rud as a riocht anseo. Níor chóir go mbeadh séimhiú ar an ainmfhocail i ndiaidh *na*, agus má tá níos mó ná geimhreadh i gceist, is *na geimhrí* (ainmneach iolra) nó *na ngeimhrí* (ginideach iolra) ba chóir a bheith ann. Focal coitianta is ea *geimhreadh*, agus feiceann daltaí leagain éagsúla de ón gcéad bhliain ar scoil, ach an bhfuil an t-iolra coitianta?

I sampla a sé, tá an t-alt san ainmneach uatha, agus tá an t-ainmfhocal san ainmneach iolra. Arís is focal coitianta é *bóthar*, agus ba chóir go mbeadh sé sealbhaithe ag an dalta.

I samplaí a seacht agus a hocht, tá *tuaithe* agus *tíre* sa ghinideach uatha, ach tá an t-alt san ainmneach roimh *tuaithe* agus tá sé sa ghinideach roimh *tíre*. Níl an focal *tuath* coitianta sa chaint ach amháin i gcás an téarma *faoin tuath*, agus fiú sa chás sin is é foirm an ainmnigh atá in úsáid, mar sin de, is deacair a thuiscint cá bhfuair an dalta an litriú *tuaithe*. Tá an focal *tír* coitianta go leor, ach b'fhéidir gur thosaigh an dalta seo ag smaoineamh faoi *mhuintir na tíre* seo i ndiaidh di an aidiacht *fáiltiúil* a scríobh, ach ansin ba chuimhin léi gur *áit* a bhí i gceist, ach bhí an smaoineamh eile ina ceann go fóill, agus gur shleamhnaigh *na tíre* isteach agus í ag scríobh.

I sampla a naoi, ba chóir don dalta seo *na mná* a scríobh in ionad *na mban*. Ní théann foirm an ghinidigh iolra leis an bhfocal seo toisc nach bhfuil ainmfhocal roimhe.

I sampla a deich feictear beirt dalta as an rang céanna agus an earráid chéanna acu. Tá seans ann gur shealbhaigh siad beirt an earráid seo ón bhfoinse chéanna, nó gur scríobh duine amháin é agus go bhfaca an duine eile é. Ach le cothrom na Féinne a thabhairt do na daltaí tá samplaí éagsúla de seo le feiceáil ar an idirlíon, mar shampla, an ceann seo ó Thithe an Oireachtais “An tUachtaráin Mary Mc Aleese addresses the Dáil” agus tá thart ar 47 sampla de mhíltriú an fhocail ar an idirlíon.

#### 4.17 An chopail agus an briathar *bí*

Tagraíonn Steven O'Connor do na deacrachtaí a léirigh daltaí le sealbhú na copaille in iar-bhunscoil Bhéarla (O'Connor, 2003). Thástáil sé daltaí sa chéad bhliain, sa tríú bliain, agus sa séú bliain ar dtús, agus ansin dhírigh sé a aird ar na daltaí sa chéad bhliain. I gcás an taighde seo, is iad na torthaí is spéisiúla na cinn a bhaineann leis an séú bliain. Bhí ar na daltaí sin abairtí a aistriú go Gaeilge, agus cé gur éirigh go maith leo bhí deacrachtaí acu le gnéithe den chopail (:37), mar shampla: *Ní raibh scrúdú éasca í (It wasn't an easy test) / An raibh coisir mhaith é? (Was it a good party) / Cúl sármaith a bhí sé (It was a wonderful goal) (:56-7)*. Ar ndóigh ní rud nádúrtha é abairtí a aistriú ó theanga amháin go teanga eile, ach in amanna tugann an t-aistriúchán léargas ar intinn agus ar thuiscint an dalta. Tagraíonn Ó'Connor do shliocht as anailís Uí Bhaoill a chuireann síos ar roinnt de na fáthanna a mbíonn fadhbanna ag daltaí leis an gcopail:

Cuid dhúchasach den teanga an Chopail agus cuireann sí scanradh nach beag ar na foghlaimeoirí....Díobháil cleachtaidh ar chaint nádúrtha agus ag brath rómhór ar an Bhéarla mar shlat tomhais, is cionsiocair leis na hearráidí ar fad, féadaim a rá. (1983: 302)

Ba iad na daltaí an rinne an ardeistiméireacht i 1975 a bhí i gceist ag Ó Baoill. Ní raibh an chuid is mó de na daltaí seo i suíomh tumoideachais ná i suíomh Gaeltachta (Ó Domhnalláin & Ó Baoill, 1978:9).

Mar sin de, conas a éiríonn le daltaí an chopail a úsáid i suíomh thumoideachais nuair nach mbíonn orthu rudaí a aistriú ó theanga amháin go teanga eile agus nuair a bhíonn go leor cleachtaidh acu sa teanga?

Bhí de hipitéis sa taighde seo go gcuimseodh na hearráidí copaille/briathar *bí* i bhfad níos mó ná 1.5% den bhailiúchán oibre. Rinne seisear daltaí 11 earráid a bhain leis an gcopail. Agus rinne daltaí amháin earráid amháin a bhain leis an mbriathar “bí”. Bhí fadhbanna ag daltaí leis an mbriathar “bí” agus an clásal coibhneasta ach tá na cinn sin luaite faoin mír sin.

##### Na samplaí agus anailís orthu

1. Bhíomar cairde óna bhíomar óg (1D1)
2. Ba sóisialach a bhí ina athair (1D2)
3. Gurb daoine leithleasach (2E1)
4. Is rud atá ámharach é (2B1)
5. Is é an substaint atá ba chúis (2B1)
6. Ní hé go sceimhlitheoir é (1B1)
7. Ba Meiriceánach colscartha í (1B2)
8. Bhí mé cinnte gurb é mise (6A1)
9. Ní cheart (2B1)
10. Bhíomid (4A2)

I sampla a haon, ní bhaineann an dalta seo úsáid as an gcopail agus níl aon chomhartha anseo go raibh an struchtúr *bhíomar inár gcairde* in intinn an dalta. Ní hé sin le rá nach bhfuil aon eolas ag an dalta ar an gcopail ná ar an struchtúr *an briathar substainteach + réamhfhocal i + ainmfhocal*, tá an t-eolas sin aici mar is léir i sampla a dó, cé go bhfuil ciall na habairte bunoscionn. D'fhéadfaí a scríobh *Ba shóisialach a athair, Bhí a athair ina shóisialach, Sóisialach ba ea a athair*. Dá gcuirfí *sóisialach* tar éis *bhí* bheadh an leagan seo ann *Bhí sóisialach ina athair*, agus ní hionann sin agus an rud atá an dalta ag iarraidh a rá. Mar sin de, tá cuma ar an scéal go bhfuil fadhbanna ag an dalta seo leis an gcopail agus leis an bhfoirm ghaolmhar *bí + i + ainmfhocal*. Ach tá samplaí spéisiúla ag Ó Murchú agus Ó Baoill:

- Fear maith a bhí in Greene.
- Gabha a bhí in driotháir leis.
- Bean an-saibhir a bhí in bean Tommy Réamainn (1998:51)
- Múinteoir a bhí i(n) Máire/inti.
- Fear deas a bhí i(n) Seán/ann. (1996:57)

Sna samplaí thuas tá *in* nó *i(n)* tábhachtach agus léiríonn siad go mb'fhéidir gurbh í an abairt seo a leanas a bhí in intinn an dalta: *Sóisialach a bhí in a athair*. Cheangail an dalta *i* agus *a* na haidiachta sealbhaí le chéile san fhocal *ina* agus tá ciall eile ar fad leis sin, ach i gcaint na Gaeltachta úsáideann na daoine *i(n)* agus ainmfhocal cinnte. Ach níl aon duine á mholadh seo sa scríbhneoireacht go fóill. Aisteach go leor, i leabhar a scríobh Seán Mac Giollarnáth sna tríochaidí bhain sé úsáid as an struchtúr a bhí ag an dalta thuas: *lascaire agus feilméara beag a bhí ina athair* (1939:9). Agus bhí an struchtúr céanna in úsáid ag an scéalaí a d'inis na scéalta dó: *Lucht fairrge a bhí ina mhuintir agus Inghean duine uasail a bhí i Máire Nic Ghiolla Phádraic..* (:84).

I sampla a trí baineann an dalta úsáid as an bhfoirm spleách dhearfach den chopail roimh an ainmfhocal, ach is í seo an fhoirm a chuirtear roimh aidiachtaí dar tús guta, roimh dhobhriathra áirithe dar tús guta, roimh ainmfhocail áirithe dar tús guta agus roimh *ea, é, í, iad* agus araile (GGBC 1999: 154-5). Ach ní chuirtear *b* ar an bhfoirm seo roimh chonsan.

I sampla a ceathair, is leor *Is rud ámharach é* agus níl aon ghá le *atá*, mar is Gaeilge lochtach í chun *atá* a chur isteach, rud atá soiléir nuair a dhéantar abairt dhíreach di: *Tá rud ámharach é*.

I sampla a cúig, tá fadhb eile ag an dalta seo leis an gcopail, tá an briathar substainteach agus an chopail in úsáid san abairt chéanna. Feictear nach bhfuil an dalta cinnte faoi cé acu ba chóir a úsáid, ach ar a laghad tá séimhiú ar *chúis*. Tá an fhoirm fhirinsneach é roimh *substaint* cé gur focal baininsneach é, ach feictear go gcreideann an dalta gur focal firinsneach é toisc nach bhfuil *t* roimh an *s*. Baineann an dalta seo úsáid as *cúis* arís san aiste chéanna agus an uair seo is é an briathar substainteach atá in úsáid gan an chopail: *Is é atá cúis le 90% den fhoiréigean* (2B1). Mar sin de, úsáideann an dalta an leagan mícheart agus b'fhearr a scríobh *is é is cúis le 90% den fhoréigean*.

I sampla a sé, feictear go n-úsáideann an dalta an cónasc a bhíonn roimh bhriathra i ngach modh agus i ngach aimsir seachas an aimsir chaite. Ní bhaineann an fhoirm seo leis an gcopail, ba chóir go mbeadh *gur* ann: *Ní hé gur sceimhlitheoir é*. Ach deir Ó Sé, cé go gcluintear *gur* uaireanta, go bhfuil an fhoirm *go* sa chlaoninsint dhearfach sa chaint i gCorca Dhuibhne: *Is dó liom go múinteoir é* (1995: 63)

I sampla a seacht, baineann an dalta céanna thuas úsáid as an struchtúr cruinn ach fágann sí séimhiú ar lár ar *Meiriceánach*, rud a rinne 1D2 le *sóisialach* chomh maith. Níor tháinig ach dhá shampla chun tosaigh ó 1B1 mar a raibh séimhiú fágtha ar lár agus bhain na samplaí sin le réamhfhocail. Ach luann Ó Murchú faoi Ghaeilge Chonamara gur

- minic nach mbíonn séimhiú ar lorg *ba* (foirm stairiúil na copail): *ba col ceathar dó é; ba fear maith é; ba gránna é; an fear ba boichte san áit*. Ach bíonn séimhiú de ghnáth ar aidiachtaí áirithe: *ba bhreá, ba cheart, b'fhurasta, ba mhaith, ba mhór*. (1998:16)

Agus tarlaíonn sé i nGaeilge Uladh chomh maith i gcásanna (Ó Baoill, 1996: 65). Mar sin de, an bhfuil seans ann go gcluineann na daltaí na foirmeacha seo ó na múinteoirí?



I sampla a hocht, bheifí ag súil le *Bhí mé cinnte gur mise....* B'fhéidir go bhfacthas don dalta go raibh gá le rud éigin idir *gur* agus *mé*.

I sampla a naoi, séimhíonn an dalta an aidiacht i ndiaidh na míre diúltaí. Dá mbeadh an mhír *níor* ann roimpi bheadh sé go breá, ach níl.

I sampla a deich, ceanglaíonn an dalta aimsir chaite an bhriathair shubstaintigh agus deireadh na haimsire láithrí/fháistíní le chéile. Níl aon rud in aon chanúint a thacaíonn leis seo.

#### 4.18 An briathar saor

Tá deich n-earráid san aonad seo. Rinne seisear daltaí iad. Baineann ceithre earráid le séimhiú fágtha ar lár. Cuireadh séimhiú isteach gan chúis i gcás eile. Baineann trí earráid le hurú fágtha ar lár. Meascann dalta amháin aimsir agus foirceann i sampla amháin. Baineann earráid eile le míltriú.

Is iad na hearráidí a bhaineann leis an mbriathar saor is cúis le tuairim is 1.3% de na samplaí bailithe.

##### Na samplaí agus anailís orthu

1. Fuairtear Cócaon (2B1)
2. Nuair a smaoiníotar (2E1)
3. Fadhbanna a cruthaítear sa nua-aois (2B1)
4. A feictear (1E2)
5. Bhunaíodh Iosrael (2C2)
6. Go bhunaíodh stáit (2C2)
7. Go buailtear duine eile (2D1)
8. Tá déagóirí ag ceapadh gur caithfear (2D1)

I sampla a haon úsáideann dalta leagan míchruinn den bhriathar saor *fuarthas*; fréamh na haimsire caite *fuair* le deireadh na haimsire láithrí *-tear*.

I sampla a dó léiríonn an dalta tuiscint ar an mbriathar saor san aimsir láithreach, ach cloíonn sí le “caol le caol agus leathan le leathan” ach déanann sí earráid toisc gur *smaoinítear* atá i gceist.

I samplaí a trí agus a ceathair, tá leagain chruinne den bhriathar saor san aimsir láithreach in úsáid ag na daltaí, ach tá an séimhiú fágtha ar lár i ndiaidh *a* an chláisail choibhneasta. I nGaeilge Chonamara luann Ó Murchú go bhfághtar séimhiú ar lár in aimsirí ina mbeifí ag súil leo agus tugann sé na samplaí: *Má cailítear é. Ní déanfaí anois é. Cuirte amach iad.* (1998: 16). Agus is féidir samplaí de seo a fheiceáil i leabhar a bhaineann le gné thábhachtach de shaol gach duine, mar atá, an dlí, in **Dlí Coiriúil na hÉireann** (1964):

- Ní cuirfear príosúntacht ar...(:28)
- Má cruthaítear go... (:29)
- Má ciontaítear a leithéid... (:39)
- Má déantar duine a cúisítear i gcomhcheilg... (:63)
- Má maraítear póilín...(:73)
- Má tugtar...(:111)

Ach:

- ...a gheibhteart ciontach (:104)

Ach ní cosúil go bhfuil na daltaí seo á léamh seo!

I samplaí a cúig agus a sé, tá an briathar saor san aimsir chaite (dara réimniú) sealbhaithe ag an dalta, ach sa dá chás tá sé séimhithe gan chúis. Níl ach cúig bhriathar ann a shéimhítear sa bhriathar saor san aimsir chaite: *bhíothas, chonacthas, chualathas, chuathas, thángthas*. I sampla a sé, roghnaíodh an leagan mícheart den chónasc (*go* in ionad *gur*) agus séimhíodh an briathar saor gan ghá cé go mbeifí ag súil le hurú tar éis *go*.

I sampla a seacht, tá an briathar saor go breá, ach níor chuir an dalta urú air tar éis *go*. I sampla a hocht tá an cónasc *gur* in úsáid in áit *go* (le hurú).

#### 4.19 Úsáid an bhriathair i gcoitinne

Cuimsíonn na hearráidí seo tuairim is 4.25% den bhailiúchán, céatadán ard go maith. Tá roinnt de na hearráidí seo bunúsach go leor. Ní bheifí ag súil go mbeadh fadhbanna ag dalta ardleibhéal ardeistiméireachta leis na briathra rialta san aimsir chaite agus san aimsir láithreach.

Déanann 13 dalta 29 n-earráid sa mhír seo. Déanann na daltaí idir n-earráid amháin agus 6 n-earráid: fágann siad séimhiú/urú ar lár; cuireann siad séimhiú/urú isteach gan ghá; cuireann siad urú isteach in áit séimhithe agus a mhalairt; mílitríonn siad an briathar/an t-ainm briathartha/an aidiacht bhriathartha; baineann siad úsáid as an bhfoirm mhícheart den bhriathar; déanann siad earráidí eile ach is iad na cinn thuas na cinn is mó.

##### Na samplaí agus anailís orthu

1. Tosaigh (aimsir chaite) (2C2)
2. Ní bacann (7A1)
3. Seasfadh an rialtas síos (1A2)
4. Thuigim go bhfuil (2E1)
5. Is minic a gcloisim (2E1)
6. Ar eagla go ndhéanfar (2E1)
7. Toisc gur d'fhéach sé (2D1)
8. A thugfadh (5A2) (i gceart aige in áiteanna eile)
9. Cheap daoine go gheobhaidh siad (7A2)
10. Tá sé inghlactha do mhná fan singil (1E1)

Ó shampla a haon go dtí a trí léiríonn na daltaí seo nach bhfuil tuiscint iomlán acu ar shéimhiú i struchtúr na n-aimsirí go fóill. Sna samplaí seo ba chóir go mbeadh séimhiú ar na briathra san aimsir chaite, i ndiaidh na míre diúltaí san aimsir láithreach, agus sa mhodh coinníollach.

Ó shampla a ceathair go sampla a sé léiríonn dalta amháin éiginnteacht faoi shéimhiú agus urú ar bhriathra: tá 7 n-earráid ag an dalta seo sa mhír seo agus tá trí shampla díobh thuas. Agus i sampla a sé tá séimhiú agus urú in úsáid ar an mbriathar céanna. Tháinig an earráid seo chun tosaigh i mír eile agus bhain sé le dalta i scoil eile *iad ina ndhéagóirí (2B1)*. Arís ní roghnaítear samplaí ón dalta céanna thuas chun aird a dhíriú ar an dalta sin, ach chun a thaispeáint go bhfuil éiginnteacht go fóill in intinn daltaí faoi shéimhiú agus urú i ndiaidh 14 bliana ar scoil mar a mbíonn an teanga á labhairt acu gach lá.

I sampla a seacht, ní chuireann an dalta athrú i bhfeidhm ar *d'fhéach* tar éis an chónaisc *gur*. Ba chóir nach mbeadh an *d* ann ar chor ar bith. An botún é seo a bhaineann le heaspa aire nó an earráid í atá síoctha in intinn an dalta?

I sampla a hocht tá leagan mícheart den mhodh coinníollach in úsáid ag an dalta. Bhí *a thabharfadh* ag an dalta seo in áiteanna eile, ach tharla an sampla seo ina chuid oibre uair amháin, mar sin de, is dócha gur botún in ionad earráide é.

I sampla a naoi, ní hé amháin nach gcuireann an dalta aon athrú ar *gheobhaidh* i ndiaidh *go*, ach ní chuireann sé *gheobhaidh* sa mhodh coinníollach. Ba chóir *gheobhaidh* a chur sa mhodh coinníollach sa chás seo toisc go bhfuil *Cheap* san aimsir chaite. Braitheann sé ar sheicheamh aimsirí. Ní cosúil gur fhéach an dalta seo ar **Ghraméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** ach tá cur síos ar an ábhar seo ann (1999:164-6).

I sampla a deich, baineann an dalta úsáid as an dara pearsa den mhodh ordaitheach in ionad an ainm bhriathartha.

#### 4.20 An t ainm briathartha

Cuimsíonn na hearráidí sna catagóirí seo tuairim is 2.8% de na samplaí, líon réasúnta íseal, ach arís earráidí bunúsacha. Tá 21 earráid sa mhír seo. Rinne seachtar daltaí iad i gceithre scoil.

##### Na samplaí agus anailís orthu

- |                          |                               |
|--------------------------|-------------------------------|
| <input type="checkbox"/> | 1. A Feabhsú (2E1) agus (4A2) |
| <input type="checkbox"/> | 2. A tugann (2B1)             |
| <input type="checkbox"/> | 3. Cosc a cuir (2B1)          |
| <input type="checkbox"/> | 4. Ag ghoid (2D1)             |
| <input type="checkbox"/> | 5. Ag súilóid (5A2)           |

I sampla a haon, baineann na daltaí seo úsáid as “a” in ionad “ag” roimh an ainm briathartha. Déanann ceathrar daltaí an earráid seo ó thrí scoil. Tá ocht sampla ann: mar shampla, *a canadh* (2E1), *a cruthú* (4A1), *a fás* (4A2). Is fíor nach séimhíonn “a” an t-ainm briathartha ina dhiaidh in amanna *Bhí orm a chur, a cur, a gcur, ar scoil* (Ó Dónaill, 1977: 1), ach ní hé sin an rud atá i gceist i samplaí na ndaltaí. Tá gach seans ann go bhfuil an chaint ag dul i bhfeidhm ar an scríobh toisc go mbáitear an chonsain *g* in *ag* idir an guta *a* agus consain tosaigh an ainm bhriathartha sa chaint.

I sampla a dó déanann an dalta seo an earráid seo faoi cheathair le trí bhriathar éagsúla: an ceann thuasluaite agus *a tógann, a cuireann*. Feictear go gcreideann an dalta gurb é seo an t-ainm briathartha.

I sampla a trí baineann an dalta úsáid as foirm an mhodha ordaitheach mar ainm briathartha. Arís tá meascán in intinn an dalta seo idir foirm an ainm bhriathartha agus foirm an mhodha ordaitheach.

I sampla a ceathair cuireann an dalta seo séimhiú ar an ainm briathartha i ndiaidh *ag*. Tá an earráid chéanna ag dalta i scoil eile *ag bhaint* (4A1). Níl aon sampla dá leithéid in aon ghraméar ná sna foclóirí. Easpa cúraim atá i gceist anseo.

I sampla a cúig mílitríú “síúlóid” atá i gceist anseo. Míltríonn an dalta céanna ainm briathartha eile *ag éilligh*.

#### 4.21 An clásal coibhneasta

Clúdaíonn na samplaí thíosluaite tuairim is 1.6% de na hearráidí, líon beag a léiríonn nach bhfuil

an earráid áirithe seo róchoitianta i scríbhneoireacht na bhfoghlaimoírí. Tá 12 earráid ann agus déanann ochtar daltaí iad. Cé go bhfuil líon na n-earráidí beag tá leath de na daltaí san áireamh. B'fhéidir go bhfuil an struchtúr á sheachaint acu. Go minic eascraíonn na fadhbanna sa mhír ghramadúil seo as an gclásal coibhneasta indéireach. Mar a deir Ciarán Mac Murchaidh “tá an Clásal Coibhneasta Indéireach níos casta agus tógann sé am ar mhic léinn dul i dtaithe air” (Mac Murchaidh, 2002: 188).

#### Na samplaí agus anailís orthu

1. An méid a bhfuileadar ag súil go gcaithfeadh fír óg ar árachas (2C1)
2. Is í Eithne an charachtar is mó a bhí bá agam dí (2C1)
3. An áit atá sé in ordú sóisialta na tíre (2B1)
4. Mar thír ar a bhí cáil (2B1)
5. Oileán Achill ar a rinne Henry na saothar seo (1E2)
6. Cosantóirí atá clann agus cairde cailte acu (1A2)
7. Cé an bhfuil chun muid a chloisteáil? (1D1)
8. Phéinteáil sé cad a bhí aithne aige air (1F2)
9. Tá foraoiseacht mar eacnamaíocht príomhúil atá níos mó béim ar inniu i gcomhair breosla (4A2)

I sampla a haon scríobhann an dalta abairt chasta: is féidir an abairt a thuiscint, ach níl sí cruinn agus tá na haimsirí as a riocht chomh maith. Chun an fhadhb a fheiceáil thiocfadh linn an abairt a roinnt mar seo *An méid /a bhfuileadar ag súil /go gcaithfeadh fír óg ar árachas*. Is clásal idiraisnéiseach é *a bhfuileadar ag súil*, ach tá sé mícheart toisc gur clásal coibhneasta neamhdhíreach é, agus ba chóir *atá siad ag súil* a scríobh. Má fhágtar an clásal idiraisnéiseach ar lár is féidir an abairt a scríobh mar seo *an méid a chaithfidh fír óga ar árachas*. Mar sin de, seo mar a scríobhtar an abairt iomlán: *an méid atá siad ag súil a chaithfidh fír óga ar árachas*. Cuireann **Graiméar Gaeilge na mBraithre Críostaí** síos ar phéirí de chlásail aidiachta (1999: 272) agus rinne Séamus Daltún trácht orthu chomh maith (1970: 63).

I sampla a dó úsáideann an dalta leagan neamhspleách an bhriathair *bí* nuair ba chóir di an leagan spleách *raibh* a úsáid. Scríobh Séamus Ó Murchú faoin nós seo i measc cainteoirí dúchais:

...I gCúige Chonnacht agus i gCúige Uladh is minic anois a cloistear a leithéid seo: *sin é an duine a bhí mé a' caint leis*. Sé sin, tá an dealú idir coibhneas díreach agus coibhneas neamhdhíreach a' dul ar ceal, agus an mhír dhíreach dá húsáid san dá chás. (1981: 90)

Bhí a leithéid ag tarlú beagnach tríocha bliain ó shin. Ach níos moille san aiste scríobhann Ó Murchú:

...Ní gá don mhúinteoir a bheith géar faoi 'earráidí' atá le cloisteáil go forleathan san nGaeltacht féin. Scaoilfeadh sé thairis b'fhéidir rud *mar an dream atá an t-airgead acu* – san gcás go mbeadh rudaí níos bunúsaí le díriú orthu (mar shampla *an airgead* in áit *an t-airgead*). Ach ar ndóigh ag pointe éigin chaithfeadh sé féachaint lena cheartú. Chomh maith leis na cúiseanna a luadh thuas bheadh air sin a dhéanamh mar gur dóichí gur éiginnteacht is ciontaí leis an atá ansin. B'fhéidir go scríobhfadh an dalta céanna *an dream a bhfuil saibhir!* Sé sin, áit arb é claonadh na gcainteora dúchais an mhír choibhneasta dhíreach a úsáid in áit na míre neamhdhírí, is amhlaidh a bhíonn an da mhír a' malartú go neamhrialta ag an bhfoghlaimoír. (1981: 91)

Déanann Dónall Ó Baoill trácht air seo san alt a scríobh sé faoi “Athchaighdeánú” na Nua-Ghaeilge:

Tá foirmeacha eile atá forleathan fairsing i gcaint na Gaeltachta – cuid acu i gcanúintí ar leith, cuid eile a mbíonn rian díobh le fáil iontu ar fad. Tá córas na gclásal coibhneasta á athrú go tiubh sna canúintí trí chéile. Táthar anois ag caint mar seo: *An té a bheas tú ag caint leis. Cé air at(h)á sibh ag caint? ...* Caithfear stádas na bhfoirmeacha sin a shocrú chomh maith ach is éadóiche gur don “Lárchaighdeán” go fóill beag iad. (2000: 136)

Cén uair a shocrófar stádas na bhfoirmeacha sin? Agus cé a bheidh cróga go leor chun é a dhéanamh? Ní bhaineann na ceisteanna seo go díreach leis an taighde seo, ach léiríonn an dá pharagraf thuas spás fiche bliain idir Ó Murchú agus Ó Baoill ina raibh an fhoirm seo sa chaint. Deir Ó Murchú thuas gur chóir díriú ar cheartú na n-earráidí seo ag pointe éigin, ach tá na daltaí sa taighde seo sa séú bliain san iar-bhunscoil agus is léir nach bhfuil siad go hiomlán cinnte faoi úsáid na foirme seo go fóill.

I sampla a trí ba chóir go mbeadh clásal coibhneasta neamhdhíreach i ndiaidh *an áit* toisc go bhfuil *áit* ag feidhmiú mar dhobhriathar. Tá cur síos ar an riall seo i n**Graiméar Gaeilge na mBraithre Críostaí** (1999:267).

I samplaí a ceathair agus a cúig tá an réamhfhocail *ar* roimh an mír choibhneasta agus dá bhrí sin ba chóir go mbeadh foirm spleách na mbriathra *raibh/ndearna* ann ina diaidh, ach baineann na daltaí úsáid as na foirmeacha neamhspleácha. I sampla a sé ba chóir go mbeadh foirm spleách *bhfuil* in úsáid freisin.

I sampla a seacht tá cuma ait ar an gceist seo. Bheifí ag súil le *Cé atá amuigh ansin chun muid a chloisteáil?* nó *Cé atá amuigh ansin chun éisteacht linn?* nó go simplí *Cé a chloisfidh muid?* *Cé a éistfidh linn?* Tá an mhír coibhneasta dhíreach ar lár. Ach tá cuma ar an scéal nach de thaisme a chuir an dalta an mhír cheisteach i ndiaidh *cé* go háirithe má roinntear an cheist mar seo *cé/an bhfuil/chun muid a chloisteáil?* is é sin, *who/is there/to hear us?* Níl comhréir na Gaeilge in úsáid anseo. Cuireann Caoilfhionn Nic Pháidín síos ar an gcríol seo:

...Tá acmhainn athnuachana na Gaeilge féin faoi bhagairt, má leanann an tanú agus an cúngú gan staonadh. Ní hiad na focail aonair Bhéarla is suaithinsí faoin tráth seo ach díothú na comhréire is inneach don teanga féin – abairtí mar: ‘Cad a bhfuil sé mar?’, ‘Tá chomh méid acu ann’ agus ‘Sin cad i gcónaí a dhéanann tusa.’ (2003:126)

B’fhiú do mhúinteoirí ceisteanna a chur ar dhaltaí faoi earráidí ar nós *Cé an bhfuil ann chun muid a chloisteáil?* Má cheartaíonn múinteoirí earráidí mar seo gan aon teagmháil dhíreach leis na dalta chun iad a phlé b’fhéidir nach léir do dhaltaí cá háit a bhfuil na hearráidí. B’fhéidir gur doimhne an fhadhb ná an rud ar an leathanach. Tá baol ann nuair a chuireann múinteoirí an leagan ceart in aice le hearráidí mar seo go bhfuil siad cosúil le dochtúirí a chluineann casacht agus a thugann cógas don othar. In amanna i gcás na ndaltaí tá x-ghathanna uathu in ionad cógais chasachta.

I sampla a hocht, tá an abairt seo mícheart. Baineann an dalta seo úsáid as *cad*, ach b’fhearr *an rud*. Ach fiú sa chás sin, ní bheadh an abairt *phéinteáil sé a raibh aithne aige air* cruinn. Meascann an dalta seo *aithne* (ar dhuine) agus *eolas/cur amach* (ar ábhar). Bheadh a chairde uile clúdaithe le péint! B’fhearr *phéinteáil sé pictiúir de na rudaí a raibh eolas aige orthu*. B’fhéidir gurbh fhiú do mhúinteoirí moladh do na daltaí scríbhneoireacht theibí a sheachaint chomh minic agus is féidir leo toisc go mbíonn sí doiléir go minic.

I sampla a naoi, tá cuma chiotach ar an abairt seo. Thiocfadh í a scríobh mar seo *Is eacnamaíocht phríomhúil í an fhoraoiseacht agus is mó an bhéim atá uirthi inniu i gcomhair breosla*. B’fhiú do

mhúinteoirí agus do dhaltaí féachaint ar an méid a scríobhann Séamus Daltún in **Maidir le do litir...** faoi na háiteanna ar féidir leaganacha eile a úsáid in ionad an chláisail choibhneasta (1970: 67).

#### 4.22 Forainmneacha ag leanúint ainmneacha briathartha

Ní raibh ach sampla amháin den earráid seo sa taighde. Tá seans ann go bhfuil an struchtúr á sheachaint ag daltaí, ach sa mhéid is nach dtagann sé aníos sa taighde, níl an chosúlacht ann gur fadhb fhorleathan í seo.

##### An sampla agus anailís air

\_\_\_\_\_ Níl an airgead ag daoine óga chun a bheith ag caitheamh é (4A1)

Tá an forainm é i ndiaidh an ainm bhriathartha *caitheamh*. Ba cheart an aidiacht shealbhach á (*do + a*) agus séimhiú ar *caitheamh* a úsáid sa chás seo: *Níl an t-airgead ag daoine óga chun a bheith á chaitheamh*.

#### 4.23 Tionchar na cainte ar an teanga scríofa, tionchar na cainte ar an litriú, agus earráidí a eascraíonn as an nGaeilge labhartha

Cuimsíonn na samplaí thíos tuairim is 4.7% den bhailiúchán iomlán, ach mar a míníodh ag tús na caibidle, nílim deimhneach ar chóir a leithéid a rangú mar earráidí.

Tá trí mhír faoi scrúdú anseo: sa chéad mhír scríobh beirt na trí shampla atá inti; sa dara mír tá 15 shampla ó ochtar daltaí inti; tá 17 shampla sa tríú mír ó 11 dalta.

##### Na samplaí agus anailís orthu

###### Tionchar na cainte ar an teanga scríofa

- \_\_\_\_\_ 1. Saol an mhadaidh bán (4A1)
- \_\_\_\_\_ 2. Leis an fhírinne a inseacht (1F1)
- \_\_\_\_\_ 3. Leis an dteicneolaíocht (1F1)

###### Tionchar na cainte ar an litriú

- \_\_\_\_\_ 4. Meanga gáire (1D1)
- \_\_\_\_\_ 5. Cad atá ag tarladh (2B1)
- \_\_\_\_\_ 6. Caifear (1C1)
- \_\_\_\_\_ 7. Tábhacht na fadhba (1A1)

###### Earráidí a eascraíonn as an nGaeilge labhartha

- \_\_\_\_\_ 8. Nuair a d'fhógraí sé (1D2)
- \_\_\_\_\_ 9. A thuairimí i dtaobh Muslamaí (1F1)
- \_\_\_\_\_ 10. Na Bóthairí (2E2)
- \_\_\_\_\_ 11. Ár ndearcanna (1C1)

I sampla a haon tá an dalta ag baint úsáide as Gaeilge Uladh. Tá an frása seo go breá ach amháin gur scríobh an dalta *bán* in ionad *bháin*. Is spéisiúil a lua go bhfuil an leagan caighdeánach ag Ó Dónaill *Tá saol an mhadra bháin aige* (1977: 1030). I sampla a dó baineann an dalta seo úsáid as *inseacht* atá le cloisteáil i nGaeltacht Chonamara (Ó Murchú, 1998: 44). I sampla a trí baineann an dalta céanna úsáid as urú ar an ainmfhocal i ndiaidh an réamhfhocail *leis* agus an ailt. Níl an leagan seo sa Chaighdeán, ach san eagrán úr de **Ghreaméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** luaitear go bhfuil a leithéid le fáil i nGaeltachtaí áirithe (1999: 34): an ionann sin agus a rá go nglactar le *dt* nó *nd* mar urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt anois toisc go bhfuil an fhoirm seo luaite sa ghreaméar anois? Léiríonn na trí shampla seo go bhfuil na daltaí ag

cluinstin foirmeacha nó ag léamh foirmeacha atá taobh amuigh den Chaighdeán. Tá seo go breá a fhad agus a bhíonn múinteoirí tuisceanach íogair agus nach gceartaíonn siad iad mar earráidí ach go ndeir siad leis na daltaí gur féidir leo iad a scríobh ar bhealach eile agus ach gur féidir leo *saol an mhadaidh bháin, inseacht, agus dteicneolaíocht* a rá. An mbaineann na samplaí seo le léitheoireacht na ndaltaí nó leis na múinteoirí a chluineann na daltaí?

I sampla a ceathair tá fuaimniú Ghaeilge an Deiscirt ag dul i bhfeidhm ar litriú an dalta seo toisc go gcailltear an *-dh* ag deireadh an fhocail (Ó Murchú, 1998:9, agus Ó Sé, 1995:8). Sin foirm a úsáideann scéim fhoghraíochta an lárchanúna in **An Fhoclóir Póca** chomh maith (1986: 416). Dá mbeadh an dalta seo ina gcónaí i gCúige Uladh is dócha go scríobhfadh sí *meangú* (Ó Dónaill, 1996: 5). I sampla a cúig meascann an dalta seo *-ú* agus *-adh*. Ba chóir *tarlú* a scríobh.

I sampla a sé fágann an dalta *-th-* ar lár sa bhriathar *caithfear*. Is dócha go síleann sé nach bhfuil a leithéid ann toisc gur deacair an fhuaim a chloisteáil.

I sampla a seacht ba chóir go mbeadh *faidhbe* scríofa ag an dalta toisc go bhfuil *fadh* sa dara díochlaonadh. Ní chuirtear béim ar an nguta *e* san fhocal agus dá bhrí sin feictear don dalta nach bhfuil mórán difir san fhoghraíocht idir *a* agus *e* ag deireadh an fhocail.

I sampla a hocht baineann an dalta úsáid as *d'fhógraí* in ionad *d'fhógair*: is é *fógraí* foirm an mhodha fhoshuitigh láithrigh. Ach is é seo an dalta a scríobh *meanga gáire* thuas, mar sin de, tá nós ag an dalta seo deireadh focail a fhágáil ar lár. Sa chás seo fágтар *-gh* ar lár. Ní chluintear na litreacha seo sa chaint agus dá bharr sin fágann daltaí iad ar lár. Is dócha gur chóir do mhúinteoirí bheith ar a bhfaichill roimh a leithéid de phatrúin a léiríonn na fadhbanna a bhíonn ag daltaí le scríobh na Gaeilge.

I sampla a naoi baineann an dalta úsáid as *Muslimaí* in ionad *Moslamach*. Tá litriú an Bhéarla ag dul i bhfeidhm ar litriú na Gaeilge *-u-* in ionad *-o-*. B'fhéidir go bhfeictear don dalta gur mar seo a dhíochlaontar é *Muslim* (*uatha*) > *Muslimaí* (*iolra*), ach ní mar sin atá sé ar chor ar bith ach *Moslamach* (*ainm. uatha*) > *Moslamaigh* (*gin. uatha*) > *Moslamaigh* (*ainm. iolra*) > *Moslamach* (*gin. iolra*).

I sampla a deich caolaíonn an dalta *bóthar* agus cuireann sí *í* ag deireadh an fhocail chun *iolra* a dhéanamh. Ach cé go bhfuil *bóthar* sa chéad díochlaonadh caithfear é a choimriú sna *iolra bóthar* > *bóithre*. Tugtar *tréaniolra* ar an ainmfhocal mar seo, is é sin, ní thagann aon athrú air san ainmneach *iolra* ná sa ghinideach *iolra*. Tá na *tréaniolraí* uile le feiceáil le haghaidh na ndíochlaontaí uile i n**Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** (1999: 55-68).

I sampla a haon déag, cuireann an dalta *dearcadh* san *iolra*. Baineann sé úsáid as críoch a bheadh le feiceáil i gcanúintí áirithe. Feidhmíonn *dearcadh* mar ainmfhocal agus mar ainm briathartha, agus san **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** luann sé na hathruithe seo **dearcadh**, *m. (g.s. as s. -aidh, as vn -ctha)* (1977: 384). Luann an **Foclóir Póca** (1986: 334) agus **An Foclóir Beag** (2000: 128) gur focal é atá sa chéad díochlaonadh. Ní thugann aon fhoclóir sampla den fhocal san *iolra* go soiléir. Tá *dearcáidh fir iol* ag focal.ie, ach sin an t-aon áit. I n**Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** cuirtear síos ar “A lán de na hainmfhocail atá ar aon fhoirm le hainmneacha briathartha” (1999: 68), agus tá *iolraí* na n-ainmfhocal/ainmneacha briathartha ann ach tá deich bpríomh-infhilleadh ann agus mar a deir sé sa ghraiméar “Bunáite na bhfocal sin, áfach, ní de réir aon cheann de na cúig dhíochlaonadh a infhilltear iad.” (1999: 68). Mar sin de, níl sé go hiomlán soiléir cén *iolra* atá ag an bhfocal. Ní haon ionadh é go mbaineann an dalta úsáid as “*ár ndearcanna*”.

#### 4.24 Frásáí / focail atá míchruinn nó mí oiriúnach

Cuimsíonn na hearráidí seo tuairim is 3.2% de na hearráidí ar fad. Is earráidí scaipthe iad, nach mbaineann le haon ghné amháin den ghramadach. Ciallaíonn sé seo gur deacair, b'fhéidir, earráidí dá gcineál a cheartú le himeacht ama. Baineann cuid mhaith díobh le nathanna cainte. I leabhar Chiaráin Mhic Mhurchaidh, tá mír ann ag an deireadh ina bhfuil na “botúin choitianta le seachaint” (Mac Murchaidh, 2002: 242). Tá eolas agus treoir faoina leithéidí ann.

Tá 12 dhalta sa mhír seo ó chúig scoil. Tá 24 shampla inti.

##### Na samplaí agus anailís orthu

1. Tá an cuid gníomhacht i láthair ina phictiúirí (2B2)
2. Níos tapaidh (4A2)
3. Cúpla fadhbanna (2E1)
4. Níos éigeandála (1F1)
5. An tírdreach draoíochtmar (2E1)
6. Faoi láthair na huair (1G1)
7. Mar smachtathóirí bhitheolaíochta (1G2)
8. Is codarsnacht é seo chomh maith toisc go, de gnáth,....(2D2)
9. Nuair a bhfuil fiontair ann go mbuailtear duine eile (2D1)
10. Tá plean ann chun caomhnú na foraoisí a dhéanamh (4A2)

I sampla a haon feictear go bhfuil an dalta ag iarraidh a rá *Tá an-chuid gníomhaíochtaí (curtha) i láthair ina phictiúir*. Fágann sé fleiscín, séimhiú agus aidiacht bhriathartha ar lár agus mílitríonn sé *gníomhaíochtaí*.

I sampla a dó scríobhann an dalta *tapaidh* nuair a bheifí ag súil le *tapa* nó *tapúla*. Luann Ó Dónaill gur leagan eile de *tapa* é *tapaidh* agus go bhfuil sé sa chéad díochlaonadh. Mar sin de, ar chóir *níos tapaidhe* a scríobh? Tá sé spéisiúil go bhfuil *tapaidh* san fhoclóirín mar cheannfhocal ag deireadh **Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge** (1979: 230) agus gur glacadh leis ansin ach gur socraíodh ag pointe eile gurbh fhearr cloí leis na leagain eile. Ach bheadh páistí i mBaile Átha Cliath eolach ar *tapaidh* mar gheall ar an mana scríofa ar na busanna *Go minic anseo, go tapaidh ansiúd*.

I sampla a trí scríobhann an dalta uimhir iolra an ainmfhocail *fadhb* i ndiaidh *cúpla* agus tá sampla eile den iolra i ndiaidh *cúpla* sa bhailiúchán ag deireadh an taighde seo nuair a scríobhann dalta eile *cúpla strócanna* (1F2). De réir cosúlachta tá an Béarla ag dul i bhfeidhm ar an struchtúr seo toisc go mbeadh na hainmfhocail san iolra sa Bhéarla i ndiaidh *couple*.

I sampla a ceathair tá an dalta ag baint úsáide as an ainmfhocal *éigeandáil* mar aidiacht. Tá seans ann go bhfuil sí ag iarraidh a rá go bhfuil rud éigin *níos práinní*, nó *níos contúirtí*. B'fhéidir gur tharraing an dalta seo ar an ainmfhocal toisc go bhfuil sé sna leabhair staire mar théarma a thug Rialtas na hÉireann ar an Dara Cogadh Domhanda.

I sampla a cúig, litríonn an dalta *draíochtach* (leagan eile: *draíochtúil*) mar *draoíochtmar*. Déanaimis dearmad ar an –o- breise sin agus féachaimis ar an iarmhír. Is féidir iarmhír –mhar a úsáid i ndiaidh ainmfhocail chun aidiacht a dhéanamh: *ceo* > *ceomhar*, *ciall* > *ciallmhar*, *greann* > *greannmhar*, *grian* > *griannmhar*. Ach cuireann an dalta seo iarmhír le hainmfhocal a bhfuil dhá leagan san aidiacht aige cheana féin. Nuair a labhraíonn pobail lena chéile glacann siad



le foirmeacha áirithe chun cumarsáide a éascú, má thosaíonn siad ag cumadh foirmeacha nua éiríonn an chumarsáide níos deacra. Sa chás seo is léir gur aidiacht é an focal *draíochtmar*, rud a léiríonn nach bhfuil an dalta ag glacadh le foirmeacha socraithe agus go bhfuil sé ag cumadh foirmeacha pearsanta. Tá a chanúint féin (*idiolect*) ag gach duine, ach má tá barraíocht difríochtaí idir sin agus canúint an phobail beidh fadhbanna cumarsáide ann.

I sampla a sé is earráid chomónta go leor í earráid ina meascann an dalta na frásaí *faoi láthair* agus *i láthair na huaire*.

I sampla a seacht tá cuma ar an scéal gur roghnaigh an dalta an t-ainmfhocal mícheart toisc go mbaineann *smachtaitheoir* le duine. Cuireann sí séimhiú ar *bhitheolaíochta* atá ag feidhmiú mar aidiacht, ach ní gá sin a dhéanamh toisc go bhfuil an t-ainmfhocal san iolra agus ní chuirtear séimhiú ar aidiacht san iolra ach amháin “más iolra dar críoch consan caol a hainmfhocal” (1999: 28). Tugann an coiste téarmaíochta *srianadh bitheolaíoch* ar *biological control*. Mar sin de, an dócha gur féidir *sriantóirí bitheolaíocha* a úsáid sa chás seo? Ar chum an dalta an téarma thuas nó an bhfuair sí ó mhúinteoir é?

I sampla a hocht tá an chéad chuid den abairt go breá: úsáideann an dalta an chopail go cruinn. Ach cuireann sí an dara cuid den abairt as a riocht nuair a chuireann sí *de ghnáth* idir go agus an briathar. Arís tá cuma ar an abairt go bhfuil lorg an Bhéarla uirthi *because, usually,...* Sa Ghaeilge ní bhíonn go scartha ón mbriathar ina dhiaidh in am ar bith.

I sampla a naoi, níl an t-ainmfhocal in úsáid sa chomhthéacs cruinn. Úsáideann an dalta seo uimhir iolra an fhocail *fiontar* in áit *seans*. Tá cuma ar úsáid an fhocail seo go ndeachaigh an dalta chuig an bhfoclóir chun aistriúchán ar an bhfocal *risk* a fháil agus go bhfuair sé an focal *fiontar*. Ní raibh dul amú iomlán ar an dalta, toisc go bhfuil an chiall sin leis an bhfocal *fiontar*, ach san **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** feicfead go bhfuil sé ceangailte le réamhfhocail: *dul i bhfiontar rud, rud a chur i bhfiontar, chuaigh sé i bhfiontar a anama leis* (1977: 548). Go nádúrtha sa chaint ní bheadh a leithéid ann agus is fearr *seans* nó *baol* a úsáid sa chás seo. Anuas air sin, tá leagan spleách den aimsir láithreach *bhfuil* in úsáid aige i ndiaidh *nuair a*, agus ba chóir leagan atá neamhspleách a úsáid. An bhfuil *le* ar lár sa dara cuid den abairt?

I sampla a deich an bhfuil an dalta ag iarraidh *caomhnú na bhforaoisí a dhéanamh* a scríobh? An bhfuil *caomhnú* ag feidhmiú mar ainmfhocal? Ba shimplí *Tá plean ann chun na foraoisí a chaomhnú* a scríobh. An bhfuil an dalta ag iarraidh úsáid a bhaint as *dhéanamh* mar bhriathar cúnta? Míníonn **Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí déan** mar bhriathar cúnta (1999: 170-1) agus baineann téacsleabhair scoile úsáid as ach cé mhéad dalta a thuigeann é go hiomlán?

#### 4.25 Focail fágtha ar lár

Cuimsíonn na samplaí seo níos lú ná 2% den bhailiúchán iomlán.

Mar a míníodh níos luaithe sa chaibidil, níltear deimhneach gur earráid an téarma is cirte a úsáid faoi shamplaí na catagóire seo. Tá líne an-chaolchúiseach idir *earráid* agus *botún* anseo. Ní léir ar fhág na daltaí na focail thíosluaite ar lár trí thimpiste nó toisc nach raibh na frásaí cearta sealbhaithe acu.

Tá ochtar daltaí i gceist anseo ó thrí scoil éagsúla. Tá 15 shampla ann.

### Na samplaí agus anailís orthu

1. Fad is a mhaireann agus leanann an éagóir (1A2)
2. Bhí a fhios again (sic) gurb an rud is fearr le déanamh ná (1D1)
3. D'fhásamar le chéile (1D1)
4. Ní fhaca mé níos sásta leis féin (1D1)
5. Beidh mise mar bhean is áille (1B1)
6. Bheith do chónaí sa tír (2C1)
7. Ná aon do na tíortha sin (2C1)
8. Caithfear alcól chun go mbeidh (2D1)
9. Céard a féidir déanamh anois (2B1)

I sampla a haon tá mír an chláisail choibhneasta dhírigh *a* in easnamh roimh *leanann*. I sampla a dó tá an fhoirm spleách dhearfach den chopail in úsáid ag an dalta, ach tá an fhófhaisnéis é in easnamh: *Bhí a fhios againn gurb é...*

I sampla a trí níl an frása go hiomlán mícheart ach níl aon dobhriathar ar nós *aníos* tar éis an bhriathair. Dá scríobhfadh dalta *we grew together* i mBéarla bheadh cruth aisteach air mar abairt. I sampla a ceathair, tá an forainm é in easnamh ag deireadh na habairte.

I sampla a cúig tá fadhb ag an dalta seo toisc gur mian léi an abairt thuas a scríobh san aimsir fháistineach. Is féidir an abairt seo a scríobh san aimsir láithreach (*Is mise an bhean is áille...*) nó san aimsir chaite (*Ba mise an bhean b'áille...*), ach níl aon leagan sa chopail anois a léiríonn an aimsir fháistineach. Mar sin de, caithfear an fhoirm seo a leanas a roghnú, *Beidh mise ar an mbean is áille...* Agus is féidir teacht ar shamplaí den struchtúr seo in **Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** (1999:101). Ach tá seans ann go bhfuil sí ag rá *I will be like the most beautiful woman...* *Beidh mé cosúil leis an mbean is áille...* Tarraingíonn daltaí ar *mar* go minic. Tá alt ag Gearóid Stockman ar úsáid *mar* agus is fiú é a léamh (1996:56-7)

I sampla a sé, tá an réamhfhocail *i* in easnamh tar éis an bhriathair *bheith*. Bheadh an *i* seo báite sa chaint agus is dócha go ndéanann daltaí dearmad ar fhocail aon litir agus iad ag scríobh go háirithe mura bhfuil siad lárnach sa téacs. Má fhágann dalta *i* ar lár san abairt *tá mé mo chónaí...* tá an chiall soiléir go fóill, ach má fhágann dalta *é/í* ar lár san abairt *chonaic mé ...* cuireann sin isteach ar an eolas.

I sampla a seacht tá an focal *cheann* nó na focail *cheann amháin* ag teastáil tar éis *aon* chun ciall a bhaint as an abairt seo.

I sampla a hocht ní léir an briathar atá in easnamh. D'fhéadfá briathra ar nós *a ól*, *a sheachaint*, *a cheannach* agus araile a úsáid ag brath ar chomhthéacs na habairte. Ach tá seans ann go mbaineann *Caithfear* leis an gciall *ólfar*. San **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** tá an chiall seo ann **bia, deoch a chaitheamh**, *to take food, drink* (1977: 178). Mar sin de, sa chás seo níl focal ar lár ach tá an chiall débhríoch.

I sampla a naoi tá an focal *a* in úsáid in áit na copail *is*. B'fhéidir go raibh an dalta seo ag iarraidh *is* a scríobh agus go ndearna sí *a* de. Ba dheacair a chreidiúint go ndéanfadh dalta earráid chomh bunúsach ag an bpointe seo. Chomh maith leis sin ba cheart go mbeadh an réamhfhocail *a* roimh an ainm briathartha séimhithe *déanamh*.

## 4.26 An chiall doiléir

Cuimsíonn na samplaí seo 0.8% de dhíolaim na n-earráidí.

Tá sé shampla sa mhír seo agus baineann siad le seisear daltaí in dhá scoil éagsúla.

### Na samplaí agus anailís orthu

1. Déanadh tú é (1D1)
2. Gur féidir liom tuiscint in Eithne (2C1)
3. Tá go leor rudaí ag dul inar lé (2E1)
4. Le doimhneacht a dhéanamh (2B2)
5. Déantar gCóirigh (1E2)
6. Ar ghrinniú na farraige (2A2)

I sampla a haon níl sé soiléir cad é atá an dalta ag iarraidh a rá. Tá foirm an mhodha ordaithe in úsáid aici, ach ba chóir go mbeadh sé nó sí i ndiaidh *Déanadh*. B'fhéidir go mbaineann an briathar le haimsir nó le modh eile, mar atá, an aimsir ghnáthchaite *dhéanadh* nó an modh choinníollach *dhéanfadh*, ach sa dá chás seo ba chóir go mbeadh *dhéanta* agus *dhéanfá* ann. Tá samplaí ann roimhe seo a léiríonn go bhfágann an dalta seo litreacha ar lár i mbriathra.

I sampla a dó, b'fhéidir gur fusa aistriúchán Béarla den abairt seo a thuiscint, *that I can understand in Eithne*. B'fhéidir nach í seo an chiall atá léi, ach léiríonn an abairt an tábhacht atá le tuiscint briathra agus réamhfocal i nGaeilge. Féach ar na briathra san **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** agus feicfidh tú cé chomh tábhachtach agus atá na réamhfocail. I n**Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** tá caibidil ann (1999:226-238) a chuireann síos ar úsáid an réamhfocail agus b'fhéidir go bhfuil an leagan ceart den abairt thuas le feiceáil ansin: *bhí tuiscint agam dó (thuig mé a dhearcadh)* (1999: 236). Mar sin de, arbh fhéidir an ceann thuas a scríobh mar *Is féidir liom tuiscint a bheith agam d'Éithne*.

I sampla a trí is dócha go bhfuil an dalta ag iarraidh a rá go bhfuil rudaí ag dul *inár leith*, ach níl sin soiléir mar gheall ar litriú *leith*.

I sampla a ceathair, baineann an dalta úsáid as an bhfocal *doimhneacht* ach tá seans ann go raibh sí ag iarraidh *deimhneacht* a scríobh. Ós rud é go bhfuil an dá fhocal ann is doiligh a bheith cinnte cad é a bhí sí ag iarraidh a rá.

I sampla a cúig tá saorbhriathar san aimsir láithreach ann agus tá ainmfhocal san iolra a bhfuil urú air agus sin an méid is féidir a rá faoi.

I sampla a sé, an bhfuil an dalta seo ag baint úsáide as an struchtúr a luann **Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí**:

*ar + múnlaí 2A, 2B: ar theacht isteach dóibh shuídís síos; ar thógáil mo chinn dom chonaic mé naomhóg; arna chluinstin sin di stad sí; arna fhoilsíú ag Muintir Mhurchú. (1999: 204)*

Is ainmfhocal briathartha é *grinniú* a chiallaíonn féachaint go grinn. Mar sin de, bheadh an méid atá scríofa thuas beacht más é sin an rud atá an dalta ag iarraidh a rá, ach tá seans ann go bhfuil sí ag scríobh faoi *ar ghrinneall na farraige*.

#### 4.27 Dearcadh múinteoirí ar chaighdeán Gaeilge na ndaltaí

Chomh maith le féachaint ar thaighde Fhionnuala Ní Chaisil, labhair mé le beirt mhúinteoirí Gaeilge agus le príomhoide amháin agus an taighde seo ar siúl agam.

Aontaím le Fionnuala Ní Chaisil nuair a deir sí nach bhfuil caighdeán na Gaeilge ró-olc i measc na ndaltaí “nuair a ghlacann tú san áireamh nach mbíonn aon teagmháil acu leis an nGaeilge seachas ar scoil” (Ní Chaisil, 2000: 60). D’aithin múinteoir Gaeilge eile (múinteoir A) an easpa comhthéacs teanga lasmuigh den scoil. Dar leis an múinteoir seo go raibh luach nach beag ag díospóireachtaí Gael-Linn d’fhonn comhthéacs teanga lasmuigh den scoil a sholáthar do na daltaí.

Aithnítear gur gá an Ghaeilge a choinneáil beo sa scoil chomh maith. Luaigh an múinteoir thuas go raibh feachtas á eagrú sa scoil i mí Eanáir 2005 chun polasaí Gaeilge na scoile a threisiú. Luaigh an dara múinteoir (múinteoir B) go raibh dianchúrsa gramadaí á chur i bhfeidhm do na ranganna sóisearacha chun dul i ngleic leis na hearráidí teanga a bhí ag méadú le blianta beaga anuas.

Feictear chomh maith go bhfuil bearna mhór idir an caighdeán scríofa agus an caighdeán labhartha agus go n-eascaíonn fadhbanna le cruinneas as an mbéim ar Ghaeilge labhartha. Dar le príomhoide scoile “tá caighdeán Gaeilge scríofa níos fearr ag na páistí a thagann ó scoileanna Béarla i gcoitinne. Tá caighdeán labhartha níos fearr ag páistí a d’fhreastail ar bhunscoil lán-Ghaeilge”.

Tá buntáistí móra a thagann le líofacht, dar le múinteoir A. Cheap sé gur féidir leis an múinteoir sa scoil lán-Ghaeilge an Ghaeilge labhartha a úsáid chun smacht a chur ar dhaltaí trioblóideacha. Síleann sé chomh maith nach féidir neamhaird a dhéanamh de thionchar na cainte ar mheon na ndaltaí i leith na Gaeilge de.

Muna dtéann líofacht agus cruinneas le chéile, an mbeidh fadhbanna ag na daltaí tumoideachais sna scrúduithe nach scrúduithe cainte iad? Ardaíonn Ó Dónaill pointe an-spéisiúil nuair a cheistíonn sé “ar chóir go mbeadh na hearráidí a leanas inghlactha i scrúdú cainte ach nach mbeadh i bpáipéar scrúduithe” (Ó Dónaill, 2000: 60).

Tá gá le díospóireacht maidir leis na hearráidí a luann Ó Dónaill, agus leis na hearráidí atá sa chaibidil seo. Agus i ndiaidh na díospóireachta tá gá le socrú soiléir soléite sothuigthe faoi conas iad a ionramháil. Ach go dtí go bhfuil socrú ann faoi cén bealach ar chóir iad a ionramháil tá gá le dianchleachtadh sna ranganna. Dúshlán mór, dar le múinteoir A:

“An fhadhb is mó atá sa scoil seo ná go gceapann siad (na daltaí) go bhfuil siad níos fearr ná mar atá. Sa scoil seo, tá béim ar úsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil; ar dhíospóireachtaí, ar chomórtais tallainne ach má thuigeann siad a chéile, ní cheapann siad gur gá dóibh a bheith cruinn”.

Cad é an bunspríoc teanga i measc na múinteoirí; go mbeadh na dalta líofa nó cruinn? An féidir an Ghaeilge fheidhmeach chumarsáideach agus cruinneas teanga a fhorbairt i dteannta a chéile?

#### 4.28 Conclúidí

Tugann na samplaí thuasluaite léargas ar na laigí is mó i nGaeilge scríofa na ndaltaí sa taighde. Tá deacrachtaí leis na hearráidí a dtugann Steven O’Connor “the usual suspects” orthu (O’Connor, 2002: 49): an tuiseal ginideach, comhaireamh, na réamhfhocail agus araile.

Tá an caighdeán go maith i gcoitinne. Mar a míníodh sa chaibidil seo, tá fianaise ann go bhfuil

sé deacair ar fhoghlaimeoirí an tuiseal ginideach agus an clásal coibhneasta a shealbhú le cruinneas. Seans go bhfuil deacrachtaí ann ó thaobh na múinteoirí de chomh maith: éiríonn sé deacair na pointí céanna gramadaí a mhúineadh do dhaltaí iar-bhunscoile ar shlí thaitneamhach chumarsáideach.

Ag eascairt as an bpointe thuas, ba léir ón dtaighde seo go raibh cuid mhaith gramadaí leathshealbhaite ag na daltaí. Bhí tuiscint acu ar na príonsabail, ach níor chuir siad na rialacha i bhfeidhm. É sin ráite, ní móide go n-eascaíonn na hearráidí thuasluaite go léir as easpa eolais. I roinnt cásanna, gach seans nach raibh na daltaí aireach go leor. I gcásanna eile, ceisteanna scrúduithe a bhí sna haistí, agus bhí na daltaí faoi bhrú.

As an mbailiúchán earráidí a rinneadh, seasann cúpla mír amach. Is spéisiúil na torthaí a bhaineann le *foclóir*, mar shampla. Léiríodh sa taighde seo go raibh claonadh sna daltaí téarmaíocht Bhéarla a úsáid sa dara haiste ach ní san aiste Ghaeilge, rud nach cúis iontais é. Ba é sin an difríocht ba mhó idir an dá aiste.

Ar an taobh eile, bhí líon ró-ard earráidí sna catagóirí seo a leanas: *fadhbanna le tuisil agus le comhaireamh*, *úsáid an bhriathair i gcoitinne*, (an t-ainm briathartha ach go háirithe), agus *séimhiú agus urú a bhaineann le réamhfhocail*.

Bheadh sé spéisiúil na hearráidí seo a bhaineann le Gaeilge i ranganna Ardeiste na nGaelscoileanna a chur i gcomparáid leis na hearráidí a bhailigh Ó Baoill agus Ó Domhnalláin ó na gnáthaistí Ardeiste sna seachtóidí chun féachaint an bhfuil an caighdeán níos fearr sna scoileanna lán-Ghaeilge faoi láthair. I gcorrchás nuair a tugadh sracfhéachaint orthu ba léir go raibh cuid de na fadhbanna céanna ag an dá dream.

B'fhéidir gurbh fhiú an múnla seo ar scrúdú na n-earráidí a leathnú amach chuig na scoileanna lán-Ghaeilge go léir féachaint an leanann na hearráidí na patrúin chéanna i ngach scoil. An patrúin choitianta iad?

## Na haistí ó Scoil a Trí

### 5.1 Catagóir ar leith

Mar a míníodh i gCaibidil IV, bhí scoil amháin as na seacht scoil a ghlac páirt sa taighde seo a scagadh ó na scoileanna eile. Ní raibh ranganna Ardteistiméireachta ag an scoil. Chomh maith leis seo, fuarthas aistí de chaighdeán measctha ó dhaltaí bhliain a ceathair amháin sa scoil seo.

Nocht an beart measctha go raibh caighdeáin éagsúla i measc na ndaltaí agus difríochtaí suntasacha idir an dalta ba láidre agus an dalta ba laige sa rang de chineál nach raibh le feiceáil sna haistí a pléadh i gCaibidil IV.


Ní féidir saothar bhliain a ceathair a chur i gcomparáid le haistí ó bhliain a sé ach oiread. Níl leibhéal téarmaíochta sofaisticiúil ag daltaí na hidirbhliana i gcomparáid lena gcomhghleacaithe sa séú bliain agus níl an cruinneas céanna acu.

Fuarthas bailiúchán oibre de chúig aiste Ghaeilge ón scoil seo ach níor cuireadh aistí in aon ábhar eile ar fáil.

As na cúig aiste seo, bhí ceistneoirí comhlánaithe iniata le ceithre cinn, agus aiste amháin gan cheistneoir léi. Mar sin, tá an t-eolas thíosluaite bunaithe ar cheistneoirí ó cheathrar daltaí.


### 5.2 An ceistneoir: Rangú de réir inscne

As an gceathrar daltaí a ghlac páirt sa chuid seo den suirbhé, ní raibh buachaill amháin ina measc (in ainneoin nach scoil do chailíní amháin atá inti).



### 5.3 Próifíl aoise na ndaltaí


Daltaí ón idirbhliain ba iad na daltaí seo. Bhí gach dalta cúig bliana déag d'aois.






## 5.4 Cúlra teanga na ndaltaí

Bhí an chuid seo den taighde spéisiúil sa mhéid is gur léirigh sé níos mó cothromaíochta ó thaobh na Gaeilge de idir tuismitheoir/caomhnóir A agus tuismitheoir/caomhnóir B ná mar a nochtadh sna scoileanna eile i gCaibidil II.

Léirítear anseo go bhfuil an Ghaeilge mar mháthairtheanga ag 25% de na tuismitheoirí (tuismitheoir/caomhnóir A agus tuismitheoir/caomhnóir B).



Spéisiúil go leor, tá duine amháin as measc tuismitheoirí / caomhnóirí B nach bhfuil an Ghaeilge mar theanga dhúchais acu a labhraíonn sa bhaile í.



## 5.5 Na coláistí samhraidh

Cuireadh an cheist *ar fhreastail tú riamh ar Choláiste Samhraidh Gaeilge?* ar an gceistneoir chun na fachtóirí teanga ón taobh amuigh a scrúdú, ach níor fhreagair aon dalta sa scoil seo an cheist go dearfach.

## 5.6 Na haistí féin

Ní raibh aon cheann de na haistí a fuarthas marcáilte nó ceartaithe ag an múinteoir.

Is léir ón tábla thuas go bhfuil deacrachtaí agus buanna difriúla ag daltaí na scoile seo nach bhfuil ag daltaí na scoileanna eile. Ina theannta sin, bhí deacracht nach beag ag na daltaí sna sé scoil i gCaibidil IV le séimhiú agus urú a bhain leis an réamhfhocail agus níor tháinig ach sampla amháin den fheiniméan céanna chun solais sa seachtú scoil seo.

Feictear sa chaibidil seo go bhfuil níos mó deacrachtaí coincheapúla ag na daltaí seo: go n-aistríonn siad níos minice ón mBéarla agus go n-úsáideann siad múnla agus litriú an Bhéarla chun a gcuid smaointe a chur in iúl (feic 5.15).

**Tábla 9.**  
Ord minicíochta  
na n earráidí san  
aiste Gaeilge i  
Scoil 3

An Earráid	Ord minicíochta
Tionchar na cainte ar an litriú	9
An chopail agus an briathar 'bí':	7
Séimhiú fágtha ar lár nó curtha isteach gan choinne	7
Tuiseal ginideach	7
Aistriúchán ón mBéarla	6
Úsáid an bhriathair i gcoitinne	6
Fadhbanna le tuisil agus le comhaireamh	5
Foclóir	4
Aidiachtaí	3
An Briathar Saor	2
Iasachtaí ón mBéarla á ngealú	2
Inscne ainmfhocail mícheart	2
Ainmneacha dílse	2
Frásaí / focail atá míchruinn nó mí-oiriúnach	2
Aidiachtaí sealbhacha	2
Fadhb leis an ainm briathartha	2
An réamhfhocail mí-oiriúnach	1
Séimhiú agus urú a bhaineann le réamhfhocail	1
Focal fágtha ar lár	1
Earráidí a eascraíonn as an nGaeilge labhartha	0
Teanga an déagóra	0
Réimíreanna	0
Tionchar na cainte ar an teanga scríofa	0
Aimsir fháistineach	0
Gnáth-théarmaíocht an Bhéarla	0
An clásal coibhneasta	0
Forainmneacha ag leanúint ainmneacha briathartha	0
Comhfhocail	0
An forainm mar chuspóir	0
Líon iomlán earráidí	71



## 5.7 Anailís ar na hearráidí féin

Sa chaibidil seo, féachfar go mion ar bhailiúchán iomlán na n-earráidí (74). Mar is léir ó thábla IX, níl aon earráidí le sonrú faoi dheich gcinn de na catagóirí, rud a mbeadh ag súil leis i mbailiúchán beag mar seo. Déanfar na hearráidí a chíoradh mar a rinneadh i gCaibidil IV, ag dul trí na catagóirí go léir.

Is de réir ord thábla V (feic caibidil IV) a dhéanfar é ag tosú leis an tuiseal ginideach.

## 5.8 An tuiseal ginideach

Cuimsíonn na hearráidí seo tuairim is 9.9% den bhailiúchán iomlán, líon ard go leor.

### Na samplaí agus anailís orthu

- |  |                                  |
|--|----------------------------------|
|  | 1. Ag iarriadh (sic) cogadh (3A) |
|  | 2. A fáil bás (3C)               |
|  | 3. Ag ithe na bia (3E)           |
|  | 4. An cead domhain (3C)          |
|  | 5. Uachtarán na Meiriceá (3D)    |
|  | 6. Leath an saol (3E)            |
|  | 7. An saol ábharachas (3C)       |

Mar a míníodh i gCaibidil IV, tá deacrachtaí ag foghlaimeoirí leis an tuiseal ginideach. Tá difríochtaí suntasacha, áfach, idir na samplaí seo agus samplaí chaibidil IV.

Baineann na chéad trí shampla leis an ainm briathartha. I sampla a haon ní úsáidtear an tuiseal ginideach tar éis an ainm bhriathartha. Tá seans ann go bhfuil baint aige seo leis an nós a thosaíonn sa naíonra nuair a deir páistí *Tá mé ag iarraidh peann/bainne/marla* agus araile. Ní féidir teacht ar shampla san **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** a léiríonn ainmfhocal san ainmneach i ndiaidh *iarraidh* ach amháin má tá *a + an t-ainm briathartha* ina dhiaidh *Ag iarraidh rud a dhéanamh* (1977: 692). Ach tá sampla amháin ag Ó Murchú ó Ghaeilge Chonamara: *'bhfuil tusa 'g iarr' ubh?* (1998: 8).

I sampla a dó ní chuireann an dalta an t-ainmfhocal *bás* sa ghinideach i ndiaidh an ainm bhriathartha agus ní chuireann sí séimhiú air ach oiread mar ba chóir di. Is eisceacht é an frása *ag fáil bháis (bhisigh)* de réir **Ghraiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí** (1999: 26). Anuas air seo, fágann sí an *g* ag deireadh an réamhfhocail *ag* ar lár, ach ar a laghad tá sí ag cloí le foghraíocht na Gaeilge.

I sampla a trí is cosúil go dtuigeann dalta gur gá di an ginideach a úsáid tar éis ainm bhriathartha, ach nach bhfuil inscne an ainmfhocail sealbhaithe aici. I sampla a ceathair tá an ginideach uatha in úsáid ag an dalta gan chúis, ach ní litríonn sí *chéad* i gceart.

I sampla a cúig tá sé spéisiúil go léiríonn an dalta tuiscint ar phrionsabal an ghinidigh toisc go gcuireann sí *na* i ndiaidh *uachtarán*. Seans go bhfuil an dalta seo measctha idir *na Stáit Aontaithe* (iolra) agus *Meiriceá* (uatha). Nó tá an t-alt roimh chuid mhaith tíortha agus tá siad sa dara díochlaonadh, dá bhrí sin, tá seans go bhfuil sí ag tarraingt ar an eolas sin.

I sampla a sé léiríonn an dalta deacracht leis an nginideach rannaíoch. Is dócha gur fearr *leath den saol* a úsáid sa chomhthéacs seo. Ach dá mbeadh sí ag scríobh faoi shaol duine áirithe thiocfadh léi *leath a shaoil* a scríobh.

Is sampla a seacht b'fhéidir go léiríonn an sampla seo an fhadhb a luadh sa chaibidil roimhe seo a bhaineann le húsáid an ainmfhocail ghinidigh mar aidiacht. Ar a laghad roghnaigh an dalta an chiall cheart, ach cuireann sí i ndiaidh *saol* é gan aon athrú. B'fhearr *an saol ábharaíoch* a scríobh.

### 5.9 Aidiachtaí agus aidiachtaí sealbhacha

Cuimsíonn samplaí na catagóire seo 7.04% den sampla iomlán.

Tá cúig earráid ann agus rinne triúr daltaí iad.

#### Na samplaí agus anailís orthu

##### Aidiachtaí

- 1. Páirt mór (3E)
- 2. Rudaí deas (3E)
- 3. Tíortha boichte (3B)

##### Aidiachtaí sealbhacha

- 4. Ár cuid (3D)
- 5. Ár saoil (3D)

I sampla a haon ní chuireann an dalta seo séimhiú ar an aidiacht *mór* i ndiaidh an ainmfhocail bhaininsnigh *páirt*. I sampla a dó tá foirm an uatha ar *deas* i ndiaidh an ainmfhocail iolra, ba chóir *rudaí deasa* a scríobh. Is é an dalta céanna a dhéanann an dá earráid seo, mar sin de, b'fhiú aird a dhíriú go comhfhiosach ar chleachtadh faoi úsáid na haidiachta i gcás an dalta seo.

Is sampla a trí tá foirm an ghinidigh uatha bhaininsnigh ar *boichte*, nuair ba chóir go mbeadh foirm an ainmnigh iolra *bochta* uirthi. Is léir go raibh a fhios ag an dalta gur gá di athrú a dhéanamh, ach rinne sí an rogha mícheart.

I sampla a ceathair níl urú ar an ainmfhocal *cuid* agus ba chóir go mbeadh i ndiaidh na haidiachta sealbhaí *ár*. I sampla a cúig tá tuiseal ginideach an ainmfhocail in úsáid ag an dalta in áit an ainmfhocail iolra *saolta*: tá *saol* sa chéad díochlaonadh agus tá seans ann gur shíl an dalta gurbh ionann é agus *bád/báid/báid/bád*, ach is tréaniolra é *saol* agus dá bharr sin tá cruth eile air san iolra.

### 5.10 Inscne ainmfhocal mícheart

Tá 2.8% d'earráidí sa chatagóir seo.

#### Na samplaí agus anailís orthu

- 1. An brí (3B)
- 2. An fadhb (3B agus 3E)

Sa dá chás thuasluaite, ní chuireann an bheirt daltaí seo séimhiú ar an ainmfhocal baininsneach i ndiaidh an ailt. Bhí an fhadhb seo ag na daltaí sa séú rang agus ba é an focal *fadhb* a tháinig chun cinn i measc na n-ainmfhocal sin chomh maith. De réir cosúlachta is fearr le daltaí "an fadhb" a rá ná "an 'adhb".

### 5.11 Séimhiú agus urú a bhaineann le réamhfhocail

Níl ach sampla amháin sa chatagóir seo. I gCaibidil IV bhí níos mó ná céad sampla idir aistí Gaeilge agus eile.

### An sampla agus anailís air

I duine (3D)

Sa sampla seo, níl urú ar an ainmfhocal *i nduine* mar ba chóir a bheith.

### 5.12 Séimhiú fágtha ar lár nó curtha isteach gan choinne

Tá an feiniméan seo an-choitianta sna haistí ón scoil seo, 9.9% den sampla iomlán.

#### Na samplaí agus anailís orthu

1. Ag iarriadh (*sic*) é sin a déanamh (3B)
2. Cogadh a tosú (3A)
3. A ceapann daoine (3A)
4. Fuair ró-méad daoine bás (3A)
5. An-béim (3B)
6. I ngach háit (3D)
7. Mar comórtas (3E)

I samplaí a haon agus a dó, ba chóir go mbeadh séimhiú ar na hainmneacha briathartha *déanamh* agus *tosnú* (leagan caighdeánach: *tosú*) i ndiaidh an réamhfhocail *a*. I sampla a trí ba chóir go leanfadh séimhiú an mhír choibhneasta dhíreach *a*.

I sampla a ceathair, ó thaobh na gramadaí de, bheadh séimhiú ar *méad* agus ní bheadh fleiscín ann idir *ró* agus *é*. Ach ní dócha go gcluinfí ná go bhfeicfí an focal seo sa teanga, sa chomhthéacs seo thuas ní hé an focal ceart é ar chor ar bith agus b'fhearr *an iomarca*, *an t-uafás* nó *barraíocht*.

I sampla a cúig fágтар séimhiú ar lár. B'fhéidir go síleann an dalta nach gá séimhiú a úsáid toisc go bhfuil fleiscín idir an réimír agus *béim*. I sampla a sé tuigeann an dalta go dtagann urú tar éis an réamhfhocail *i* ach cuireann sí an réamhlitir *h* ar an ainmfhocal *áit* gan chúis. I sampla a seacht, níl séimhiú ann tar éis an réamhfhocail *mar* mar ba chóir a bheith.

### 5.13 An réamhfhocal mí oiriúnach in úsáid

Tá earráidí ann a bhaineann leis an réamhfhocal mí-oiriúnach freagrach as 1.4% de na hearráidí go léir.

#### An sampla agus anailís air

Sampla maith don ábharachas (3C)

Sa sampla seo tá an dalta measctha idir na réamhfhocail *de* agus *do*, an earráid is comónta sa chatagóir seo i gCaibidil IV.

### 5.14 Foclóir

Tugadh samplaí suimiúla faoi deara sa chuid seo den taighde a chuimsíonn 12.7% den bhailiúchán.

#### Na samplaí agus anailís orthu

##### Saintéarmaíocht

1. Nuclear bombs / weapons (3A)

2. Hostage situation (3A)

3. Peace Proccess (sic) (3A)

4. Tarmacadam (3B)

**Ainmneacha dílse**

5. Jaguar AK8 Convertible (3E)

6. Camp Delta (3A)

**Iasachtaí**

7. Troopaí (troops) (3A)

8. Illigalaí held (idir uaschamóga) (3A)

Sa chuid seo den taighde, nochtadh difríocht idir aistí bhliain a ceathair agus aistí bhliain a sé. Ba léir nach raibh an cur amach céanna ag na daltaí níos óige ar théarmaíocht i gcoitinne. Ba mhó an códmheascadh a bhí sna haistí seo agus d'úsáid na daltaí iasachtaí ón mBéarla.

Aithnítear go bhfuil deacracht le téarmaíocht sna ranganna sóisearacha de na scoileanna lán-Ghaeilge. Luann Fionnuala Ní Chaisil go raibh “60% de mhúinteoirí a cheap go n-úsáideann daltaí sóisearacha téarmaí / nathanna cainte Béarla go minic. Feabhsaíonn úsáid na Gaeilge ag leibhéal Bliain a Ceathair” (Ní Chaisil, 2000: 5).

Cén fáth a n-úsáideann daltaí téarmaíocht an Bhéarla sna haistí seo? Mar a míníodh i gCaibidil IV, níl freagra simplí ar an gceist. Uaireanta, níl fáil ag na daltaí ar na téarmaí Gaeilge, más téarmaí casta iad. I gcásanna eile, ní bhacann siad leis an téarmaíocht chruinn (as an ocht dtéarma thuasluaite, tá dalta amháin freagrach as sé chinn). Tá na focail *tarmacadam* (tarramhacadam) agus *troopaí* (trúpaí) san fhoclóir.

I samplaí a haon go ceathair tá saintéarmaíocht an Bhéarla ann. Ní earráidí iad samplaí a cúig agus a sé (ainmneacha dílse), sa mhéid is nach bhfuil a macasamhail ann as Gaeilge.

I sampla a seacht níl an focal *trúpaí* i bhfoclóir an dalta, mar sin de, tarraingíonn sí ar *troops* agus malartaíonn sí -s agus -aí chun an focal a ghaelú. I sampla a hocht b'fhéidir go síleann an dalta seo go bhfuil barraíocht Béarla in úsáid aici san aiste seo (féach na samplaí eile sa mhír seo) agus gur chóir di iarracht a dhéanamh cruth Gaeilge a chur ar fhrása éigin. Ar leibhéal áirithe léiríonn na frásaí uile anseo go bhfuil an t-eolas aici ach nach bhfuil an Ghaeilge aici.

### 5.15 Aistriúchán ón mBéarla

Cuimsíonn na samplaí seo 8.5% den bhailiúchán iomlán. Cosúil leis na samplaí a luadh i mír 5.14 de chaibidil V, nochtann na hearráidí sa mhír seo an difríocht mhór idir earráidí dhaltaí bhliain a ceathair agus earráidí a gcomhghleacaithe i mbliain a sé.

Bhain cuid mhaith de shamplaí Chaibidil IV agus Caibidil V le húsáid na bhfocal ag fáil, suas agus síos i nathanna cainte na Gaeilge. Mar a luadh i gCaibidil IV, tá roinnt de na nathanna sin sa Ghaeilge le fada an lá agus inghlactha sa teanga labhartha agus scríofa, mar a léiríonn an **Foclóir Gaeilge-Béarla**.

Ach tá samplaí sa mhír seo nach samplaí traidisiúnta iad. Tá deacrachtaí níos bunúsaí anseo le bunstruchtúr na teanga agus le frásaí féinchumtha nach bhfuil bunús ar bith leo sa teanga.

### Na samplaí agus anailís orthu

1. Níltear sásta le díreach leaba chun coimeád te (3B)
2. Tá ábharachas isteach i gach duine sa domhain (3D)
3. Duine ag tabhairt suas a ábharachas (3D)
4. Bhí George W. Bush ag iarraidh fáil arias (sic) orthu mar 9/11 (3A)
5. Tá siad ag iarraidh corp maith (3E)
6. Céan áit a bhfuil an ciall? (3C)

I sampla a haon is Béarlachas é, seans go bhfuil an dalta ag iarraidh a rá: *No one is happy with just a bed to keep warm*. Tá an dalta ag baint úsáide as *díreach* sa chiall seo a leanas *díreach ag an bpointe sin*. B'fhearr b'fhéidir *Ní leor d'aon duine leaba chun iad a choimeád té*.

I sampla a dó cé go roghnaíonn an dalta seo an dobhriathar mícheart *isteach* in ionad *istigh* léiríonn sí fadhb eile a bhaineann leis an eolas atá ar fáil i bhfoclóirí. Tá sí ag baint úsáide as focal atá san **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** mar cheannfhocal ach nach bhfuil aon fhrásaí eile leis chun leid a thabhairt faoi conas é a úsáid. An ionann *ábharachas* agus *saint* nó *falsacht* mar shampla? Is féidir *Tá an fhalsacht go smíor ann* (Ó Dónaill, 1977: 513) a scríobh nó *Bhí an tsaint riamh iontu* (1977:1023). An bhfuil an t-ábharachas i nduine ar an mbealach céanna?

I sampla a trí baineann an dalta úsáid as an bhfrása *ag tabhairt suas* atá sa teanga le fada an lá. In **English-Irish Dictionary** de Bhaldráithe ní hé amháin go bhfuil an frása faoi *give up* ach tá sé le feiceáil sna iontrálacha *renounce* agus *surrender*. Ach mura bhfuil daltaí eolach ar úsáid foclóirí glacfaidh siad leis an gcéad rud a fheicfidh siad, agus go minic tá difear sa chiall idir sin agus an rud atá siad ag iarraidh a rá. Ach más féidir *ceart/dóchas a thabhairt suas* (Ó Dónaill, 1977: 1188-9) an féidir *ábharachas a thabhairt suas*? Nó an *ndiúltaíonn* duine don ábharachas? Ag an am céanna b'fhéidir gur bhain an dalta úsáid as an bhfrása thuas toisc gurbh é an ceann is nádúrtha ina haighe agus gurbh é an frása a chuala sí thart timpeall uirthi.

I sampla a ceathair is sampla d'idirtheanga é seo, ach is é seo an dalta a bhí ag baint úsáide as frásaí Béarla agus as focail Bhéarla a raibh deiridh Ghaeilge orthu sa mhír a bhain le foclóir. Tá an frása *fáil arias* (*ar ais*) in úsáid mar aistriúchán ar *to get his own back* sa Bhéarla. Anuas air seo, tá an frása *mar 9/11* in úsáid ag an deireadh mar aistriúchán ar *because of 9/11*. Is dócha go bhfeictear don dalta seo nach bhfuil aon fhadhb leis an abairt thuas. Cén fáth?

I sampla a sé, tá aistriúchán rólitriúil ann chomh maith. Bheadh an abairt níos cruinne dá mbeadh an réamhfocal *a* agus an t-ainm briathartha ann ag an deireadh; *ag iarraidh corp maith a fhorbairt*, mar shampla. Ach mar a scríobhadh sa chaibidil roimhe seo an bhfuil ceangal ann idir *Tá siad ag iarraidh corp maith* agus *Táim ag iarraidh peann luaidhe* sa naíonra agus sna bunranganna? In intinn na ndaltaí ceanglaíonn siad *táim ag lorg (ag iarraidh) peann luaidhe* agus *teastaíonn peann luaidhe uaim* le chéile.

I sampla a seacht, ar leibhéal na habairte b'fhearr i bhfad *An bhfuil ciall ar bith leis sin?* nó *Cén chiall atá leis sin?* ná an leagan seo. Ó thaobh litriú na bhfocal tá fadhb ag an dalta seo le *cé+an* agus ní léiríonn sí gur focal baininsneach é *ciall*. Is fiú a lua go mbaineann Máirtín Ó Cadhain úsáid as an bhfoirm “cé an” san úrscéal **Athnuachan**, ach go bhfuil siad scartha.

### 5.16 Fadhbanna le tuisil agus le comhaireamh

Tá samplaí ón gcatagóir seo freagrach as 7.04% de samplaí na díolaime seo. Mar a luadh i gCaibidil

IV, is catagóir ghramadaí í seo nár mhiste aird a thabhairt uirthi sna scoileanna.

#### Na samplaí agus anailís orthu

1. Na scéala (3B)
2. Na duine bocht (3C)
3. Na dhaoine (3E)
4. Na hábhar (3D)
5. Faidhb (mar ainmfhocal iolra) (3E)

I sampla a haon, an scéal (story) nó scéala (news) atá i gceist? San **Fhoclóir Gaeilge-Béarla** tá sé spéisiúil nach bhfuil iolra ag *scéala* ach go gcuireann an **Foclóir Póca** agus **An Foclóir Beag** sa cheathrú díochlaonadh é. B'fhéidir go bhfacthas don dalta seo gur ghá foirm an iolra a chur roimh an ainmfhocal uatha le cur in iúl go raibh sé san iolra. Ach ar leibhéal simplí tá seans ann gur fhág an dalta an litir *t* ar lár i *scéalta*. Ciallaíonn *scéal* nuacht (*scéala*) chomh maith.

I sampla a dó an raibh an dalta ag iarraidh *an duine bocht* a rá? Nó an raibh sí ag iarraidh *na daoine bochta* a rá? Más é an chéad cheann atá i gceist rinne sí earráid amháin leis an alt, ach más é an dara ceann atá i gceist rinne sí earráidí maidir leis an ainmfhocal agus leis an aidiacht. Tá seans beag ann gur fágadh síneadh fada ar lár agus gur *ná* a bhí ann in ionad *na*.

I sampla a trí, tá an t-alt cinnte san uimhir iolra in úsáid leis an ainmfhocal iolra *daoine*, ach tá an t-ainmfhocal séimhithe gan chúis. I sampla a ceathair tá an t-alt cinnte san uimhir iolra in úsáid le huimhir uathu an ainmfhocail *ábhar* ag an dalta.

I sampla a cúig cuireann an dalta an t-ainmfhocal *fadhb* san iolra, ach ós rud é go bhfuil an t-ainmfhocal seo sa dara díochlaonadh ba chóir di *fadhba* a scríobh ach baineann sí úsáid as an bhfoirm mhícheart. Feictear go gcreideann sí go bhfuil *fadhb* sa chéad díochlaonadh.

### 5.17 An chopail agus an briathar 'b'?

Mar a chonaiceamar i gCaibidil IV, bhí an chopail sealbhaithe ag an gcuid is mó de dhaltaí bhliain a sé sna scoileanna sin. I mbliain a ceathair, áfach, sa scoil aonair seo, ní thuigeann na daltaí an difríocht idir an chopail agus an briathar substainteach. Más féidir tátail a tharraingt as sampla cuíosach beag ach ionadaíoch, seans gurbh fhiú díriú ar dheacrachtaí na copailé i mbliain a ceathair maidir le cruinneas teanga a fhorbairt.

#### Na samplaí agus anailís orthu

1. Tá síochán rud mór sa domhain (3A)
2. Tá an Nollaig sampla maith don ábharachas (3C)
3. Tá sé santach agus tá sé ailse an domhain (3C)
4. Ba hiad na hábhar a bhíonn daoine á lorg ná ... (3D)
5. Go bhuil (sic) siad ón Al Quaeda (3A)
6. Má bhfuil (3D)
7. vNa tithe a mbíonn acu (3E)

I sampla a haon ní úsáideann an dalta struchtúr na copailé agus mílitríonn sí *domhan*. I samplaí a dó agus a trí tá an struchtúr ceannann céanna in úsáid ag dalta eile. Ar bhealach shílfi go bhfeictear don bheirt daltaí seo go bhfuil *rud mór*, *sampla maith* agus *ailse an domhain* ag feidhmiú mar aidiachtaí toisc go mbaineann siad úsáid astu chun cur síos a dhéanamh ar

ainmní na habairte. Is léir sin sa tríú sampla nuair a bhaineann an dalta úsáid as an aidiacht *santach* sa chéad chuid den abairt agus as frása ainmfhocail sa dara cuid den abairt.

I sampla a ceathair tuigeann an dalta gur chóir di an chopail a úsáid sa chás seo, ach baineann sí úsáid as aimsir chaite/modh coinníollach na copaille cé go bhfuil an chuid eile den abairt sa aimsir ghnáthláithreach; is féidir aimsir láithreach na copaille a úsáid roimh aimsir chaite an bhriathair, ach ní féidir a mhalairt a dhéanamh, mar atá déanta thuas. Pléadh *na hábhar* i mír roimhe seo.

I sampla a cúig má scríobhann an dalta seo an teanga mar a chluineann sí í níl difear fuaime idir *bhfuil* agus *bhuil*. Scríobhann páistí *le hai* in áit *le haghaidh* sna bunscoileanna. Seo an dalta a scríobh *troopaí* agus *Illigalaí*. Tá fadhbanna aici le litriú na teanga.

I sampla a sé, síleann an dalta go leanann foirm spleách an bhriathair *bhfuil* an cónasc *má*. Is í an fhoirm neamhspleách a leanann é. I sampla a seacht cuireann an dalta urú ar an aimsir ghnáthláithreach i ndiaidh na míre coibhneasta díri nuair ba chóir di séimhiú a chur ar *bhíonn*.

### 5.18 An briathar saor

Cuimsíonn na samplaí seo 2.8% den bhailiúchán iomlán.

#### Na samplaí agus anailís orthu

1. Thaispeántear (3D)
2. Má fhéachtar (3B)

I sampla a haon, cuireann an dalta séimhiú ar *taispeántar* gan chúis, agus mar is léir ag deireadh an fhocail ní chloíonn sí leis an riail “caol le caol, agus leathan le leathan”. I sampla a dó, meascann an dalta *féachtar* agus *feictear* san aimsir láithreach. Is féidir sampla eile den mheascán céanna seo a fheiceáil sa chéad mhír eile.

### 5.19 Úsáid an bhriathair i gcoitinne

Cuimsíonn samplaí na catagóire seo 11.3% de na hearráidí go léir.

#### Na samplaí agus anailís orthu

1. Daoine a caith (3C)
2. A déanann (3C)
3. Ní baineann (3C)
4. Taitneamh a bainn as (3C)
5. Thugann (3E)
6. Tá an b(h)rí tar éis athrú (3B)
7. Fadhbanna leis an ainm briathartha
8. Ag thug suas (3A)
9. Is féidir leat fheacháil go bhuil (sic) (3A)

Ó a haon go dtí a ceathair is é an dalta céanna a dhéanann an earráid céanna: ní shéimhíonn sí na briathra i ndiaidh na míreanna nuair ba chóir di sin a dhéanamh. I sampla a haon agus i sampla a dó ní shéimhíonn sí *caith* ná *déanann* i ndiaidh an chláisail choibhneasta dhírigh. I sampla a trí ní shéimhíonn sí *baineann* i ndiaidh na míre diúltaí *ní*. I sampla a ceathair tá cuma dhébhriocht ar an bhfrása seo an *taitneamh a bhain as* nó *taitneamh a bhaint as* atá i gceist? I

sampla a cúig cuireann an dalta séimhiú ar *Thugann* gan chúis.

I sampla a sé tá an abairt go maith ó thaobh na gramadaí de. Is leagan d'aimsir fhoirfe í. Ní gá *athrú* a chur sa ghinideach i ndiaidh *tar éis* (**Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí**, 1999:78-9), ach an bhfuil an dalta ag iarraidh an rud seo a leanas a dhéanamh?

Cuireann na haimsirí foirfe in iúl gníomhú a bheith críochnaithe go díreach, nó uair éigin, roimh an am a léiríonn an bhriathar cúnta: (1999: 139)

Féictear gur athrú tobann atá i gceist le *Tá an chiall tar éis athrú*. Is dócha go bhfuil an dalta ag iarraidh a rá gur *tháinig athrú ar an gciall*.

I samplaí a seacht agus a hocht léiríonn 3A go bhfuil deacrachtaí aici leis an ainm briathartha. I sampla a seacht úsáideann sí *thug* in ionad *tabhairt*. I sampla a hocht is leagan eile de *féachaint* é *féacháil*. Ach is léir nach *féachaint* a bhí de dhíth ar an dalta seo ach *feiceáil*. Níl litriú an dalta seo cruinn mar is léir ón bhfoirm spleách den bhriathar *bhuil* agus na samplaí eile atá sa chaibidil seo agus níorbh aon ionadh go scríobhfadh sí *fheacháil* in ionad *fheiceáil*. Braitheann an dalta seo ar fhuaimniú na bhfocal chun iad a litriú, ach téann sí ar seachrán.

## 5.20 Tionchar na cainte ar an litriú

Tá réimse leathan samplaí sa chatagóir seo (12.7%) a léiríonn go bhfuil cuid mhaith focal sealbhaithe ag na daltaí seo ó bhéal ach nach bhfuil siad á scríobh go cruinn acu. Is céim riachtanach í san fhorbairt a leithéid seo.

### Na samplaí agus anailís orthu

- |                          |                                     |
|--------------------------|-------------------------------------|
| <input type="checkbox"/> | 1. Coile uair (gach uile uair) (3C) |
| <input type="checkbox"/> | 2. Doth-chreidte (dochreidte) (3B)  |
| <input type="checkbox"/> | 3. Úranta (Uaireanta) (3D)          |
| <input type="checkbox"/> | 4. Na laenta (Na laethanta) (3E)    |
| <input type="checkbox"/> | 5. Árathis (árachas) (3E)           |
| <input type="checkbox"/> | 6. Doimh (dóibh) (3E)               |
| <input type="checkbox"/> | 7. Roibh (Romhaibh) (3E)            |
| <input type="checkbox"/> | 8. San tríú domhain (3E)            |
| <input type="checkbox"/> | 9. Sa domhain (3D)                  |

I sampla a haon giorraíonn an dalta an frása *gach uile uair*, rud atá nádúrtha sa chaint agus a fheictear scríofa go minic, ach athraíonn sí *u* go *o* agus fágann sí an séimhiú ar lár a bhíonn ar *chuile*.

I sampla a dó tá sé aisteach go ndéanann an dalta seo litriú an fhocail seo níos casta ná atá sé de ghnáth. Cuireann sí dhá litir *th* isteach nach bhfuil gá leo ar chor ar bith.

I sampla a trí, giorraíonn an dalta seo an focal *uaireanta*, ach ba dheacair an focail a aithint gan comhthéacs an téacs. Tá sé soiléir nach gcluineann an dalta seo an *r* caol in *uaireanta*. Is fiú do mhúinteoirí féachaint ar aistí mar seo a thugann léargas ar fhoghraíocht na ndaltaí.

Ó shampla a ceathair go dtí a seacht cruthaíonn an dalta seo a litriú féin. I sampla a ceathair níl an litriú seo de *laenta* ar fáil in aon cheann de na canúintí. Ní chluineann an dalta seo *tha* i lár an fhocail, ach is focal coitianta é *lá* agus shílfi go bhfeicfeadh an dalta é i gcomhthéacsanna scríofa difriúla é. I sampla a cúig athraíonn *cha* i lár an fhocail go *thi*. Is breá an rud é go bhfuil eolas ag



an dalta seo ar *árachas* mar théarma, ach is léir nach bhfuil greim docht aici ar fhógraíocht na Gaeilge ná fiú ar an treoirlíne “caol le caol agus leathan le leathan” (an múineann múinteoirí í sin go fóill? Nó an gcreideann siad go insealbhóidh na páistí í?) In intinn an dalta seo athraíonn a go *i* de bhrí nach bhfuil aon bhéim air. I samplaí a sé agus a seacht léiríonn an dalta éiginnteacht faoi litriú *-ibh*. I sampla a sé baineann sí úsáid as *-imh* agus i sampla a seacht baineann sí úsáid as an leagan ceart *-ibh* ach giorraíonn sí an chéad chuid den fhocal.

I sampla a hocht, ní gá *n* a chur ar deireadh an réamhfhocail *sa* muna bhfuil guta á leanúint. Seans go raibh tionchar ag an nGaeilge labhartha ar Ghaeilge scríofa an dalta seo toisc go gcloistear *insan* sa chaint. I samplaí a hocht agus a naoi b'fhéidir go léiríonn litriú an fhocail *domhain* go gcluineann na daltaí seo *n* caol ag deireadh an fhocail seo sa chaint.

### 5.21 Focail/frásaí atá míchruinn nó mí oiriúnach

Cuimsíonn na hearráidí seo 2.8% den bhailiúchán iomlán.

#### Na samplaí agus anailís orthu

1. Coimeádann sé na seibhir seibhir agus an bocht bocht (3C)
2. Níl post ró-dhona ag teastáil uathu nuair a chaithfidh siad a lán a dhéanamh (3E)

I sampla a haon roghnaigh an dalta seo na focail chearta ach níl siad litrithe i gceart ná sa tuiséal ceart, ach is féidir an chiall a thuiscint go soiléir. Is ionann *saibhir* agus *duine saibhir* agus dá bhrí sin is ionann *saibhre* agus *daoine saibhre* (Foclóir Gaeilge-Béarla, 1977: 1020). Is ionann *bocht* agus *duine bocht* agus dá bhrí sin is ionann *boicht* (leagan eile: *bochta*) agus *daoine bochta* (1977: 117). Mar sin de, is féidir seo a scríobh *Coimeádann sé na saibhre saibhir agus na boicht bocht*.

I sampla a dó, an bhfuil an dalta ag iarraidh a rá *Níl a lán oibre ag teastáil uathu nuair atá siad gnóthach?*

### 5.22 Focail fágtha ar lár

Níl ach sampla amháin ann sa chatagóir seo.

#### An sampla agus anailís air

\_\_\_\_\_ An cogadh sa Gulf atá titim amach le déanaí (3D)

Tá an t-ainm briathartha *titim amach* ag an dalta, ach tá an réamhfhocal ag fágtha ar lár. B'fhéidir gurbh fhearr faoi *láthair* ná *le déanaí*.

### 5.23 Conclúidí

Tá an-chreidiúint ag dul do dhaltaí na scoile seo as an méid atá sealbhaithe acu cheana féin. Le beart measctha d'aistí mar seo, tá caighdeán measctha Gaeilge iontu.

Léiríonn daltaí Bhliain a Ceathair deacrachtaí le tuiséal agus le comhaireamh, agus tá fadhbanna acu leis an gcopail agus leis an mbriathar substainteach *bí* chomh maith.

Léiríonn na samplaí thuasluaite an bhearna idir daltaí bhliain a ceathair agus a gcomhghleacaithe i mbliain a sé. Is léir ó na samplaí thuasluaite, áfach, go ndéanann an dá bhliain ardeistiméireachta an-difríocht don dalta maidir le cúrsaí cruinnis.

## Moltaí agus conclúidí

